

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*  
7 Deireadh Fómhair 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1762 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2021 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin “Σητεία Λασιθίου Κρήτης” (Sitia Lasithiou Kritis) (STFC) ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1763 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 a mhéid a bhaineann leis na maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil an fhíona a d’eascair as paidéim COVID-19 ..... 3

#### CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) ..... 6
- ★ Cinneadh (AE) 2021/1765 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh na tréimhse 2021–2026, sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ..... 135



## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1762 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meán Fómhair 2021

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin “Σητεία Λασιθίου Κρήτης” (Sitia Lasithiou Kritis) (STFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí <sup>(1)</sup> agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Gréige ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Σητεία Λασιθίου Κρήτης” (Sitia Lasithiou Kritis), atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 134/98 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.
- (2) Ós rud é gur leasuithe nach mion atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(3)</sup> faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.
- (3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Σητεία Λασιθίου Κρήτης” (Sitia Lasithiou Kritis) (STFC), is leasú é atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 134/98 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1998 lena bhforlíontar an iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh.1107/96 maidir le clárú na dtásca geografach faoi chosaint agus na sonrúcháin tionscnaimh de bhua an nós imeachta a bheartaítear le hAirteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 (IO L 15, 21.1.1998, lch. 6).

<sup>(3)</sup> IO C 226, 14.6.2021, lch. 12.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1763 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 6 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 a mhéid a bhaineann leis na maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil an fhíona a d'eascair as paindéim COVID-19**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 54, pointí (a), (b) agus (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, tugadh isteach roinnt maoluithe ar na rialacha a bhí ann cheana, *inter alia*, ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> in earnáil an fhíona, maoluithe arbh é ab aidhm dóibh faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí chun cuidiú leo déileáil le tionchar phaindéim COVID-19. D'ainneoin a úsáidí atá na bearta sin, áfach, níor éirigh le margadh an fhíona teacht ar a chothromaíocht idir soláthar agus éileamh arís.
- (2) Níl paindéim COVID-19 faoi smacht. Ní leor na feachtais vacsaínithe i roinnt réigiún den Aontas agus ar fud an domhain agus tá srianta gluaiseachta agus bearta scartha shóisialta á gcur i bhfeidhm i gcónaí i bhformhór na dtíortha. Fós ar na bearta sin tá srianta a fhorchur maidir le taisteal, méid na gcruinnithe sóisialta, cóisirí príobháideacha, imeachtaí poiblí agus na deiseanna a bheidh ann a bheith ag ithe agus ag ól lasmuigh den áitreabh pearsanta. Tagann laghdú breise ar thomhaltas an fhíona san Aontas, méadú ar stoic agus, ar bhonn ginearálta, bíonn suaithheadh sa mhargadh de bharr thionchar na srianta sin. Baineann an tríú cuid den tomhaltas fíona i roinnt Ballstát leis an turasóireacht. Dá bhrí sin, tá an tomhaltas fíona ag laghdú i gcónaí agus tá na stoic fós ard. Bhí tionchar diúltach tromchúiseach ag éifeachtaí na paindéime maille leis na taraifí a d'fhorchur na Stáit Aontaithe agus an tréimhse sheaca san Eoraip in Aibreán 2021 ar theacht isteach tháirgeoirí fíona an Aontais. Meastar gur laghdú idir 15 % agus 20 % ar an meán ar láimhdeachas earnáil fíona an Aontais an éifeacht a bhí ag an meascán factóirí sin uile, agus cailleanais suas le 40 % tuairiscithe ag roinnt cuideachtaí.
- (3) Ina theannta sin, tá an éiginnteacht maidir le fad na géarchéime, rud atá deacair fós a thuar mar gheall ar luaineacht thapa an víris, ag cur leis an suaithheadh suntasach atá ann faoi láthair i margadh fíona an Aontais. Ciallaíonn sé sin go dtógfaidh téarnamh na hearnála níos faide ná mar a tuaradh ag tús 2021. Dá bhrí sin, is iomchuí leanúint de thacaíocht shealadach agus eisceachtúil a thabhairt d'earnáil fíona an Aontais chun an méadú ar na féimheachtaí a tuairiscíodh a sheachaint.

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19 (IO L 140, 4.5.2020, lch. 40).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona (IO L 190, 15.7.2016, lch. 23).

- (4) Cur chun feidhme leanúnach na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil fíona an Aontais, bearta a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 agus arna leasú ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/78 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, meastar go bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun na solúbthachtaí atá ag teastáil chun cláir thacaíochta a chur chun feidhme in earnáil fíona an Aontais a chur ar fáil do na Ballstáit agus d'oibreoírí. Leis an deis a bhí ag na Ballstáit athruithe a thabhairt isteach ina gcláir náisiúnta féin aon uair ba ghá le linn na bliana, go háirithe, cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit freagairt go tapa do na himthosca eisceachtúla a bhí ann le míonna beaga anuas agus athruithe a chur isteach ina gcláir thacaíochta chomh luath agus a measadh gur gá. Leis an tsolúbthacht sin cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit bearta nua a thabhairt isteach, na bearta a bhí ann cheana a bharrfheabhsú agus bearta a choigeartú níos minice, agus, de réir mar ba ghá, an staid mhargaidh mhearathraitheach á cur san áireamh. Ina theannta sin, leis an tsolúbthacht a tugadh isteach chun an beart maidir le glasbhuint a chur chun feidhme tugadh an t-am ba ghá d'oibreoírí chun an beart a phleanáil agus an lucht saothair a theastaíonn a aimsiú le hoibriú sna dálaí deacra a d'eascair as paidéim COVID-19.
- (5) Ós rud é go bhfuil coinne leis go leanfaidh éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar aghaidh tar éis dheireadh na bliana 2021, agus, dá bhrí sin, le linn cuid mhór den bhliain airgeadais 2022, is gá síneadh a chur le cur i bhfeidhm na mbeart a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ar feadh na bliana airgeadais 2022 ar fad. De bhrí nach bhféadtar na bearta a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> a mhaoiniú, áfach, ach amháin faoi chláir thacaíochta san earnáil fíona le linn na mblianta airgeadais 2020 agus 2021 níor cheart feidhm a bheith ag an síneadh maidir leis na bearta sin.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 a leasú dá réir.
- (7) Chun an leanúnachas a áirithiú idir na blianta airgeadais 2021 agus 2022, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 16 Deireadh Fómhair 2021.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margái Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

### **Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600**

Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, féadfaidh na Ballstáit, i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (a), agus Airteagail 46 go 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún <sup>(\*)</sup>, aon uair is gá le linn na mblianta airgeadais 2020 agus 2021 ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2021, athruithe a dhéanamh ar a gcláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/78 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paidéim COVID-19 (IO L 29, 28.1.2021, lch. 5).

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 maidir le bearta eisceachtúla sealadacha lena maolaítear ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh san earnáil torthaí agus san earnáil fíona a eascraíonn as paidéim COVID-19 agus ar na bearta a eascraíonn as (IO L 140, 4.5.2020, lch. 6).

Féadfaidh na Ballstáit freisin athruithe den sórt sin a thabhairt isteach ina gclár náisiúnta thacaíochta aon uair is gá le linn na bliana airgeadais 2022, ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2022, i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (a), agus Airteagail 46 go 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i ndáil leo sin amháin, áfach.

(\*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 maidir le bearta eisceachtúla sealadacha lena maolaítear ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh san earnáil torthaí agus glasraí agus san earnáil fíona a eascraíonn as paindéim COVID-19 agus ar na bearta a eascraíonn as (IO L 140, 4.5.2020, lch. 6);

(2) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

“2. De mhaolú ar Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le linn na mblianta airgeadais 2020, 2021 agus 2022, féadfaidh na Ballstáit:”.

#### *Airteagal 2*

### **Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

# CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2021/1764 ÓN gCOMHAIRLE

### an 5 Deireadh Fómhair 2021

**maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 203 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaítear leis an gCinneadh seo na rialacha agus an nós imeachta maidir leis an Aontas a chomhlachú le Tíortha agus Críocha thar lear (OCTanna), lena n-áirítear an Ghraonlainn, agus cuirtear é in ionad Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle (‘an Cinneadh maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear’) <sup>(2)</sup> agus Chinneadh 2014/137/AE ón gComhairle (‘an Cinneadh maidir leis an nGraonlainn’) <sup>(3)</sup>. Ba cheart dá bhrí sin Cinneadh 2013/755/AE a aisgharim.
- (2) Tar éis tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (RA) as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) i gcomhréir le hAirteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’), tá feidhm ag an gcomhlachú seo maidir leis na OCTanna a liostaítear in Iarscríbhinn II den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), cé is moite den 12 OCT de chuid RA a liostaítear san Iarscríbhinn sin.
- (3) De bhun Airteagal 204 CFAE, tá feidhm ag forálacha Airteagail 198 go 203 CFAE maidir leis an nGraonlainn, faoi réir na bhforálacha sonracha arna leagan amach i bPrótacal Uimh. 34 a ghabhann le CFAE ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn. I gcomhréir leis an gConradh ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach <sup>(4)</sup>, tá an caidreamh idir an tAontas, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile, faoi rialú Chinneadh 2014/137/AE lena dtugtar chun suntais na dlúthnaisc stairiúla, pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha idir an tAontas agus an Ghraonlainn agus lena sainítear comhpháirtíocht agus comhar ar leith. Chuaigh Cinneadh 2014/137/AE in éag an 31 Nollaig 2020.
- (4) Ón 1 Eanáir 2021, ba cheart cúnaimh an Aontais do OCTanna a bhí á maoiniú roimhe sin ag an gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF) a mhaoiniú feasta ó bhuiséad gearrálta an Aontais.
- (5) Chun líon na nIonstraimí um Maoiniú Seachtrach a laghdú agus a bhfeidhmiú a chuíchóiriú, ba cheart athghrúpáil a dhéanamh ar an gcaidreamh le OCTanna uile, lena n-áirítear an Ghraonlainn, trí Chinneadh aonair a chur in ionad Chinneadh 2013/755/AE agus Chinneadh 2014/137/AE.
- (6) Leis an gcomhpháirtíocht atá á bunú leis an gCinneadh seo, ba cheart go bhféadfaí leanúint den dlúthchaidreamh idir an tAontas de pháirt, agus na OCTanna den pháirt eile.

<sup>(1)</sup> Tuairim an 31/1/2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Tuairim an 14.9.2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (‘an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear’) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh 2014/137/AE ón gComhairle an 14 Márta 2014 maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (‘an Cinneadh maidir leis an nGraonlainn’), IO L 76, 15.3.2014, lch. 1.

<sup>(4)</sup> IO L 29, 1.2.1985, lch. 1



- (7) In 2003, chomhaontaigh an Chomhairle gur bunaithe ar chomhpháirtíocht chuimsitheach don fhorbairt inbhuanaithe a bheadh caidreamh an Aontais leis an nGraonlainn tar éis 2006, lena n-áireofaí comhaontú sonrach iascaigh, arna chaibidil de réir na rialacha agus na bprionsabail ginearálta a ghabhann le comhaontuithe den sórt sin.
- (8) Sa Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Ghraonlainn, arna shíniú sa Bhruiséil an 19 Márta 2015, meabhraíodh na dlúthnaisc stairiúla, pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha idir an tAontas agus an Ghraonlainn agus tiomnaíodh an caidreamh agus an comhar a neartú a thuilleadh, bunaithe ar leasanna comhroinnte i gcoitinne, agus peirspictíocht fhadtéarmach a thabhairt dá gcaidreamh le chéile.
- (9) Leis an gCinneadh seo, ba cheart a thabhairt chun suntais sainiúlachtaí na comhpháirtíochta idir an tAontas, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus an Danmhairg, den pháirt eile, amháil an cuspóir chun na dlúthnaisc bhuana idir an tAontas, an Ghraonlainn agus an Danmhairg a chaomhnú, aitheantas a thabhairt do shuíomh geostraitéiseach na Graonlainne, an tábhacht a bhaineann le hidirphlé beartais idir an Ghraonlainn, an Danmhairg agus an tAontas, Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a bheith ann idir an tAontas agus an Ghraonlainn agus an comhar féideartha maidir le saincheisteanna faoin Artach. Ba cheart é a bheith ag freagairt ar na dúshláin dhomhanda, lenar féidir clár oibre réamhghníomhach a fhorbairt agus leasanna frithpháirteacha a shaothrú, go háirithe tionchar méadaitheach an athraithe aeráide ar ghníomhaíocht an duine agus ar an gcomhshaol, iompar muirí, acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear amhábhair agus stoic éisc, chomh maith le taighde agus nuálaíocht.
- (10) Níl feidhm uathoibríoch ag CFAE ná ag an reachtaíocht thánaisteach a ghlactar ar a bhonn maidir le OCTanna, cé is moite de roinnt forálacha a fhorálann go sainráite dá gcur i bhfeidhm. Cé nach tríú tíortha iad, ní cuid den mhargadh aonair iad OCTanna agus ní mór dóibh mar sin féin na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar thríú tíortha a chomhlíonadh i ndáil le trádáil, go háirithe rialacha tionscnaimh, caighdeán sláinte agus sláinte plandaí agus bearta coimirce.
- (11) Tá an caidreamh speisialta idir an tAontas agus OCTanna ag aistriú ó chur chuige atá bunaithe ar an gcomhar um fhorbairt i dtreo comhpháirtíocht fhrithpháirteach chun tacú le forbairt inbhuanaithe OCTanna. Ba cheart go ndéanfaí an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo a chomhdhlúthú agus a atreisiú. Ina theannta sin, ba cheart an dlúthpháirtíocht idir an tAontas agus OCTanna a bhunú ar a gcaidreamh uathúil agus ar an mbaint atá acu leis an teaghlach Eorpach céanna.
- (12) Féadfar rannchuidiú na sochaí sibhialta i bhforbairt OCTanna a fheabhsú trí eagraíochtaí sochaí sibhialta i ngach réimse den chomhar a neartú.
- (13) Is é Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ('Clár Oibre 2030'), arna ghlacadh ag na Náisiúin Aontaithe i Meán Fómhair 2015, freagra an chomhphobail idirnáisiúnta ar na dúshláin agus na treochothaí domhanda i ndáil leis an bhforbairt inbhuanaithe. Is creat bunathraitheach é Clár Oibre 2030 – a bhfuil na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ('SDGanna'), Comhaontú Pháras<sup>(9)</sup> arna ghlacadh an 12 Nollaig 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Comhaontú Pháras), agus Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa ina chroílár – chun an bhochtaineacht a dhíothú agus an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach ar fud an domhain. Baineann raon feidhme uilíoch leis, agus creat comhroinnte cuimsitheach gníomhaíochta ann a bhfuil feidhm aige maidir leis an Aontas agus lena chomhpháirtithe araon. Tá cothromaíocht ann maidir leis na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe agus aithnítear na hidirnaisc bhuntábhachtacha idir a chuid cuspóirí agus a chuid spriocanna. Is é is aidhm do Chlár 2030 gan aon duine a fhágáil ar leataobh. Déanfar é a dhlúth-chomhordú le gealltanais idirnáisiúnta eile agus é á chur chun feidhme. Sna gníomhaíochtaí a chuirfead chun feidhme faoin gCinneadh seo, beidh aird ar leith ar na hidirnaisc idir SDGanna agus ar ghníomhaíochtaí lánpháirtithe lenar féidir comhthairbhí a chruthú agus iliomad cuspóirí a chomhlíonadh go comhleanúnach. Tá an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban rithábhachtach chun na SDGanna a bhaint amach agus is saincheisteanna trasghearrtha iad do Chlár Oibre iomlán 2030.
- (14) Ba cheart go leanfadh an comhlachas idir an tAontas agus OCTanna de bheith bunaithe ar thrí phríomhchólún, eadhon iomaíochas a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht a laghdú, mar aon le comhar agus lánpháirtíú a chur chun cinn idir OCTanna agus comhpháirtithe agus réigiúin chomharsanacha eile.

<sup>(9)</sup> IOL 282, 19.10.2016, lch. 4.

- (15) Leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas a leithdháilfear tríd an gcomhpháirtíocht, ba cheart go dtabharfaí peirspictíocht Eorpach d'fhorbairt OCTanna agus go rannchuideofaí leis an dlúthcheangal fadtréimhseach idir an tAontas agus na OCTanna a neartú, agus go mbeadh seasamh OCTanna mar iarphoist den Aontas á neartú san am céanna, bunaithe ar luachanna comhchoiteanna agus stair chomhchoiteann na gcomhpháirtithe.
- (16) I bhfianaise shuíomh geografach OCTanna agus in ainneoin stádas éagsúil gach gníomhaí ar leith i limistéar geografach áirithe i leith dhlí an Aontais, ba cheart comhar a shaothrú idir na OCTanna agus a gcomharsana ar mhaithe le gach aon taobh agus béim ar leith á leagan ar réimsí leasa choitinn agus ar chothú luachanna agus chaighdeán an Aontais.
- (17) Is tosaíocht chomhleasa é an comhar idir-réigiúnach a fhorbairt. Ba cheart, leis na hoibríochtaí idir-réigiúnacha, dianiarracht a dhéanamh cothroime a bhaint amach, i gcás inarb iomchuí, idir réigiúin an Aigéin Chiúin, an Aigéin Indiaigh, Mhuir Chairib, an Aigéin Atlantaigh agus an Aigéin Artaigh.
- (18) Cuireann suíomh geografach OCTanna srianta áirithe orthu. Ba cheart, go háirithe, na srianta arb iad a n-iargúlacht nó a bhfíoriargúlacht faoi deara iad a chur san áireamh agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme.
- (19) Agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme, ba cheart staid shóisialta agus eacnamaíoch OCTanna a chur san áireamh, go háirithe maidir le OCTanna atá i dteideal cúnamh forbartha oifigiúil ('ODA') a fháil, bunaithe ar an liosta d'fhaighteoirí an chúnamh sin, arna tharraingt suas ag Coiste um Chúnamh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ('OECD').
- (20) Tá go leor OCTanna comharsanach leis na réigiún is forimeallaí, dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, le stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus le tríú tíortha eile nó le tríú críocha eile <sup>(6)</sup> agus na riachtanais chéanna acu lena gcomharsana, idir maolú ar an athrú aeráide agus an t-oiriúnú dó, agus caomhnú na bithéagsúlachta, mar aon le saincheistean a bhaineann leis na haigéin, leis an éagsúlú eacnamaíoch agus le laghdú rioscaí tubaiste.
- (21) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaithe leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas], sna Conclúidí ón 15ú agus ón 16ú Fóram OCT-AE agus sna moltaí ón gCoimisiún le haghaidh na caibidlíochta maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus tíortha ACC, iarrtar go ndéanfaí na cláir um chomhar réigiúnach a mbíonn baint ag OCTanna agus a gcomharsana leo a neartú.
- (22) Tá bithéagsúlacht fairsing talún agus mhuirí in OCTanna. Tá tionchar á imirt ag an athrú aeráide ar thimpeallacht nádúrtha OCTanna, agus é ina bhagairt a bhaineann an bonn óna bhforbairt inbhuanaithe. A bhuíochas do ghníomhaíochtaí i réimse chaomhnú na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais, laghdú rioscaí tubaiste, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, agus cur chun cinn an fhuinnimh inbhuanaithe agus na slándála comhshaoil, rannchuidítear leis an oiriúnú don athrú aeráide in OCTanna agus le maolú an athraithe aeráide iontu. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gcomhlachas a áirithiú go ndéanfar an éagsúlacht bhithéolaíoch agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, agus sin a bheith ina phríomhghné ar mhaithe le gnóthú na forbartha inbhuanaithe.
- (23) Athdhearbhaíonn an tAontas agus OCTanna a gceart chun tionchar na dramháiola a rialú, i gcomhlíonadh a ngealltanais idirnáisiúnta, ar fhorais chomhshaoil agus sláinte poiblí.
- (24) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras a chur chun feidhme agus na SDGanna a bhaint amach, ba cheart go rannchuideodh an Clár a bhunaítear leis an gCinneadh seo ("an Clár seo") leis na gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartaí an Aontais agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach arb é 30 % de chaiteachas buiséadach an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, meastar go rannchuideofar 25 % dá imchlúdach airgeadais foriomlán ar chuspóirí aeráide. Sainaitheofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn chur chun feidhme an Chláir agus ba cheart an rannchuidiú foriomlán ón gClár seo a bheith ina chuid de phróisis faireacháin, mheastóireachta agus athbhreithnithe ábhartha. D'fhonn rannchuidiú le stop a chur le meath na bithéagsúlachta agus é a aisiompú, ba cheart, leis an gClár seo, rannchuidiú leis an uailmhian 7,5 % den chaiteachas bliantúil a sholáthar faoin gceart airgeadais ilbhliantúil do chuspóirí bithéagsúlachta sa bhliain 2024, agus 10 % den chaiteachas bliantúil faoin gceart Airgeadais ilbhliantúil ar chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus in 2027, agus an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta á gcur san áireamh ag an am céanna.

<sup>(6)</sup> Ciallaíonn an téarma 'críocha' na 12 OCT de chuid RA a liostaíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAEan fhógra a fuair an Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2017 maidir le tarraingt siar RA ón Aontas Eorpach agus ó Euratom, bunaithe ar Airteagal 50 de CAE.

- (25) Sa chaidreamh idir an tAontas agus OCTanna, ba cheart aitheantas a thabhairt don ról suntasach a d'fhéadfadh OCTanna a imirt agus iad ag rannchuidiú le gealltanais an Aontais faoi Chomhaontuithe Comhshaoil Itaobhacha.
- (26) Aithníonn an tAontas agus OCTanna an tábhacht ar leith a bhaineann le hoideachas agus gairmoiliúint chun an fhorbairt inbhuanaithe OCTanna a luamhánú.
- (27) Ba cheart caomhnú ilchineálacht chultúrtha OCTanna agus a gcéannacht a chur san áireamh sa chomhlachas idir an tAontas agus OCTanna agus rannchuidiú leis sin.
- (28) Maidir le trádáil agus comhar a bhaineann le trádáil idir an tAontas agus OCTanna, ba cheart go rannchuideoidís leis an bhforbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, leis an bhforbairt shóisialta agus le cosaint an chomhshaoil, mar chuspóir.
- (29) Leanfar faoin gCinneadh seo de bheith ag foráil do rialacha solúbtha maidir le tionscnamh, lena n-áirítear i dtaca le carnadh tionscnaimh. Ba cheart an carnadh a bheith indéanta, ní hamháin le OCTanna agus tíortha a bfuil Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an Aontas tugtha i gcrích acu ach, faoi choinníollacha áirithe, i gcás táirgí de thionscnamh tíortha a bhfuil an tAontas ag cur comhaontú saorthrádála chun feidhme ina leith, agus i gcás táirgí a thagann isteach san Aontas saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoi Chóras Ginearálaithe um Fhabhair an Aontais, faoi réir coinníollacha sa chás sin freisin. Is coinníollacha riachtanacha iad sin chun imchéimniú trádála a chosc agus chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh na socrúithe don charnadh go cuí.
- (30) Ba cheart na nósanna imeachta maidir le deimhniú tionscnamh ó OCT a thabhairt cothrom le dáta, ar mhaithe leis na hoibreoírí agus leis na rialtais lena mbaineann in OCTanna. Ba cheart forálacha maidir le comhar riaracháin idir an tAontas agus OCTanna a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin freisin.
- (31) Ina theannta sin, coimeádfar forálacha mionsonraithe coimirce agus faireachais ar bun, ionas go mbeidh OCTanna agus údaráis inniúla an Aontais, chomh maith le hoibreoírí eacnamaíocha, in ann brath ar rialacha agus nósanna imeachta soiléire trédhearca. Agus ar deireadh, is ábhar leasa choitinn é a áirithiú go ndéantar na nósanna imeachta agus na socrúithe a chur i bhfeidhm go cuí trína gceadaítear do OCTanna earraí a onnmhairiú chuig an Aontas saor ó dhleacht agus saor ó chuóta.
- (32) Ag cur san áireamh aidhmeanna na lánpháirtíochta agus forbairtí ar an trádáil dhomhanda i réimse na seirbhísí agus na bunaíochta, ní mór tacú le forbairt mhargaí na seirbhísí agus féidearthachtaí infheistíochta tríd an rochtain ar an margadh a fheabhsú atá ag seirbhísí agus infheistíocht OCTanna ar mhargadh an Aontais. Ba cheart don Aontas i ndáil leis sin an chóir is fearr is féidir a thairgtear d'aon chomhpháirtí trádála eile a thairiscint do OCTanna trí chlásail chuimsitheacha an náisiúin barrfhabhair, agus féidearthachtaí níos solúbtha maidir le caidreamh trádála le haghaidh OCTanna á n-áirithiú tríd an gcóir a thairgeann OCTanna don Aontas a theorannú don mhéid a tairgeadh do mhórgheilleagair trádála eile.
- (33) Ba cheart go rannchuideodh comhar i réimse na seirbhísí airgeadais idir an tAontas agus OCTanna le córas airgeadais níos sábháilte, níos fóna agus níos trédhearcaí a thógáil, córas ar den bhunriachtanas é chun an chobhsaíocht airgeadais dhomhanda a fheabhsú agus chun taca a chur faoin bhfás inbhuanaithe. Ba cheart na hiarrachtaí sa réimse sin a bheith dírithe ar chóineasú le caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus ar chomhfhogasú reachtaíocht OCTanna le acquis an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais. Ba cheart aird leordhóthanach a thabhairt ar acmhainn riaracháin údaráis OCTanna a neartú, lena n-áirítear i réimse na maoirseachta.
- (34) Ba cheart cúnaimh airgeadais an Aontais a dhíríú ar na réimsí is mó a mbeidh tionchar aige iontu, ag féachaint dá acmhainn chun gníomhú ar scála domhanda agus chun freagairt ar dhúshlán dhomhanda amhail díothú na bochtaineachta, forbairt chuimsitheach inbhuanaithe nó cur chun cinn an daonlathais, an dea-rialachais, chearta an duine agus an smachta reachta ar fud an domhain, agus dá rannpháirtíocht fhadtéarmach intuatha i gcúnaimh forbartha agus dá ról comhordaithe leis na Ballstáit.
- (35) Ar mhaithe le héifeachtúlacht, simpliú agus aitheantas d'acmhainneachtaí bainistíochta údaráis OCTanna, ba cheart na hacmhainní airgeadais a dheonaítear do OCTanna a bhainistiú ar bhonn comhpháirtíochta chómhalartach. Thairis sin, ba cheart d'údaráis OCTanna an fhreagracht a ghlacadh orthu féin as foirmlíú agus cur chun feidhme na mbeartas sin a comhaontaíodh idir na páirtithe mar straitéisí comhair. Ba cheart acmhainní teoranta riaracháin agus daonna OCTanna a chur san áireamh sna rialacha agus sa phróiseas clárscéidéalaithe agus cur chun feidhme.

- (36) Leagtar síos leis an gCinneadh seo imchlúdach airgeadais do chomhlachú OCTanna leis an Aontas, arb éard atá le bheith ann an méid tagartha airgeadais, de réir bhrí phointe 19 de Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treoiclár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach <sup>(7)</sup>, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Ba cheart glacadh leis gur léiriú é an méid seo ar thoil an reachtóra agus níor cheart go ndéanadh sé difear do chumhachtaí buiséadacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar a leagtar amach in CFAE.
- (37) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an gCinneadh seo. Is i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup> (an 'Rialachán Airgeadais') a leagtar síos na rialacha sin agus is iad a chinneann, go háirithe, an nós imeachta le haghaidh an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dhuaisianna, deontais, soláthar, agus bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnaimh airgeadais agus aisiocaíocht le saineolaithe seachtracha, agus foráiltear iontu do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
- (38) Maidir leis na cineálacha maoiniúcháin agus na modhanna cur chun feidhme faoin gCinneadh seo, is ar bhonn a fhóna atá siad chun cuspóirí sainiúla na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a thabhairt ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, ach go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamhchomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Agus an rogha sin á dhéanamh, ba cheart breithniú ar úsáid cnapshuimeanna, costas aonaid agus rátaí comhréidhe, , chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais.
- (39) Ba cheart go bhféachfadh an tAontas leis an úsáid is éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun an tionchar is fearr is féidir a bheith ag a ghníomhaíocht sheachtrach. Is trí chomhleanúnachas agus comhlántacht idir ionstraimí an Aontais um maoiniú seachtrach ba cheart é sin a bhaint amach, mar aon le sineirgí a chruthú le beartais agus Cláir eile de chuid an Aontais. Chun an tionchar is mó is féidir a bhaint as idirghabhálacha comhcheangailte chun cuspóir coiteann a bhaint amach, ba cheart a cheadú faoin gCinneadh seo comhcheangal cistiúcháin le Cláir eile de chuid an Aontais, a fhad agus nach iad na costais chéanna a bheadh á gcumhdach ag na ranníocaíochtaí. Agus é á chur san áireamh aige gur dúshlán fós é rochtain OCTanna ar chláir an Aontais, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, rochtain fheabhsaithe OCTanna ar chláir an Aontais a spreagadh, mar shampla trí fhothú acmhainneachta agus trí ghníomhaíochtaí oiliúna. Ba cheart meastóireacht rialta a dhéanamh ar leibhéal rannpháirtíochta na OCTanna. Thairis sin, ba cheart don Aontas a áirithiú gur féidir le daoine nádúrtha ó OCTanna páirt a ghlacadh i dtionscnaimh de chuid an Aontais ar an mbonn céanna le náisiúnaigh eile de chuid na mBallstát.
- (40) Ba cheart tagairt a dhéanamh sa Chinneadh seo, i gcás inar gá, do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(9)</sup> chun an comhar a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, comhleanúnachas a áirithiú i mbainistiú na n-ionstraimí ar fad.
- (41) Chun forbairtí agus athruithe sa reachtaíocht chustaim agus trádála a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na rialacha nós imeachta maidir le tionscnamh agus sainmhíthe gaolmhara in Iarscríbhinn II agus i bhFoscscríbhinní Iarscríbhinn II chun a chumasú don Choimisiún na hathruithe sin a aistriú isteach sa Chinneadh. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú freisin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Airteagal 3 d'Iarscríbhinn I a leasú chun na táscairí a athbhreithniú nó a chomhlánú i gcás ina meastar gur gá sin agus chun an Iarscríbhinn sin a fhorlíonadh le forálacha maidir le bunú creat faireacháin agus meastóireachta.

<sup>(7)</sup> Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treoiclár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).

<sup>(8)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

<sup>(9)</sup> Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, - lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh 466/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán 2017/1601 agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

- (42) De bhun mhéanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr <sup>(10)</sup>, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo i gcomhréir le faisnéis arna bailiú trí cheanglais faireacháin shonracha, agus ró-rialáil agus ualaigh riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, a sheachaint ag an am céanna. Ar na ceanglais sin is féidir a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir ar an láthair. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
- (43) Ba cheart na tagairtí do na hionstraimí cúnamh sheachtraigh in Airteagal 9 de Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle <sup>(11)</sup> a léamh mar thagairt don Chinneadh seo freisin. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le ról SEGS mar a fhoráiltear sa Chinneadh sin.
- (44) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Airteagal 10(6) agus 16(8) d'Iarscríbhinn II, Airteagal 2 d'Iarscríbhinn III, Airteagail 5 agus 6 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(12)</sup>.
- (45) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(13)</sup>, Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle <sup>(14)</sup>, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle <sup>(15)</sup> agus Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 ón gComhairle <sup>(16)</sup>, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta maidir le neamhrialtachtaí, calaois san áireamh, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú; cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéanfaí difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Tugtar an chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 cionta coiriúla lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúduithe agus a ionchúiseamh, mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(17)</sup>. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE agus a áirithiú maidir le haon tríú páirtithe a mbeidh baint acu le cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais go dtabharfaidh siad cearta coibhéiseacha. Ar an gcúis sin, maidir le comhaontuithe le tríú tíortha agus tríú

<sup>(10)</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

<sup>(11)</sup> Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

<sup>(12)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch 13).

<sup>(13)</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

<sup>(14)</sup> Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

<sup>(15)</sup> Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile, (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

<sup>(16)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

<sup>(17)</sup> Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil IO L 198, 28.7.2017, lch. 29.

críocha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus maidir le haon chonradh nó aon chomhaontú a eascróidh as cur chun feidhme an Chinnidh seo, ba cheart forálacha a bheith iontu lena gcumhachtófar an Coimisiún, an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF go sainráite chun iniúchtaí, seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach agus lena n-áiritheofar, maidir le haon tríú páirtithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chistiú an Aontais, go dtabharfaidh siad cearta coibhéiseacha.

- (46) Chun comhar idir na OCTanna a mhéadú, d'fhéadfadh OCTanna córas REX, an córas le haghaidh onmháireoirí atá údaraithe tionscnamh earraí a dheimhniú a bunaíodh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún <sup>(18)</sup>, a úsáid chun cóireáil fhabhrach taraife a thabhairt d'earraí de thionscnamh OCT eile i gcásanna nach bhfuil aon chomhad ann.
- (47) De bhua an Chinnidh seo, ba cheart go mbeadh an tAontas in ann freagra nuálach a thabhairt ar na himthosca thuasluaite go léir, freagra atá comhsheasmhach agus in oiriúint d'éagsúlacht na staideanna.
- (48) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar chuig an réimse ábhartha beartais, agus chun gur féidir tús a chur le cur chun feidhme ó thús an Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne, agus ba cheart feidhm a bheith leis, le héifeacht chúlghabhálach, ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### CUID I

### FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE COMHLACHAS NA dTÍORTHA AGUS NA gCRÍOCH THAR LEAR LEIS AN AONTAS

#### CAIBIDIL 1

#### *Forálacha ginearálta*

#### *Airteagal 1*

#### **Ábhar**

Bunaítear leis an gCinneadh seo comhlachas na OCTanna leis an Aontas (an 'comhlachas'), ar comhpháirtíocht é chun tacú le forbairt inbhuanaithe OCTanna agus chun luachanna agus caighdeáin an Aontais a chur chun cinn sa domhan mór. Is iad an tAontas, OCTanna agus na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo comhpháirtithe an chomhlachais. Ina theannta sin, leagtar síos leis an gCinneadh seo rialacha maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus an Danmhairg den pháirt eile.

Bunaítear leis an gCinneadh seo, an clár cistiúcháin don chomhlachú ('an Clár') don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027. Leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, an buiséad don tréimhse ó 2021 go 2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

#### *Airteagal 2*

#### **Cur i bhfeidhm críochach**

Tá feidhm ag an gcomhlachas maidir le OCTanna a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE, cé is moite den 12 OCT de chuid RA a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

<sup>(18)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

*Airteagal 3***Cuspóirí, prionsabail agus luachanna**

1. Beidh an comhlachas idir an tAontas agus OCTanna bunaithe ar chuspóirí, ar phrionsabail agus ar luachanna atá ag OCTanna, na Ballstáit a bhfuil siad nasctha leo, agus ag an Aontas i gcomhroinn.
2. Aithníonn na comhpháirtithe cearta a chéile chun a mbeartais agus a dtosaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chinneadh, chun a leibhéil féin de chosaint comhshaoil agus saothair intíre a bhunú, agus chun na dlíthe a ghlacadh nó a leasú dá réir agus na beartais ábhartha a mhodhnú, go comhsheasmhach agus iad tiomanta do na caighdeáin agus do na comhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta. Agus é sin á dhéanamh acu, beidh siad ar a ndícheall ag iarraidh ardleibhéil cosanta comhshaoil agus saothair a áirithiú.
3. Agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme, beidh na comhpháirtithe á dtreorú ag prionsabail na trédhearcachta, na coimhdeachta agus an gá atá le héifeachtúlacht, agus an aird chéanna acu ar na trí cholún d'fhorbairt inbhuanaithe OCTanna, agus Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme fud fad a chuid beartas inmheánach agus seachtrach ar bhealach cuimsitheach straitéiseach: maidir le forbairt eacnamaíoch, forbairt chultúrtha agus shóisialta agus cosaint an dúlra agus an chomhshaoil. Ba cheart comhionannas inscne agus cearta na gcailíní agus na mban a phríomhshruthú i ngach gníomhaíocht mar phríomh-rannchuidiú leis na SDGanna a bhaint amach go rathúil.
4. Is é cuspóir ginearálta an Chinnidh seo forbairt eacnamaíoch agus shóisialta OCTanna a chur chun cinn agus dlúthchaidreamh eacnamaíoch a bhunú idir iad agus an tAontas ina iomláine. Saothróidh an comhlachas an cuspóir ginearálta sin trí iomaíochas OCTanna a fheabhsú, trí athléimneacht OCTanna a neartú, trína leochaileacht eacnamaíoch agus chomhshaoil a laghdú agus tríd an gcomhar idir iad agus comhpháirtithe eile a chur chun cinn. Ina theannta sin, is é is aidhm don Chinneadh seo na naisc atá ann cheana idir an tAontas, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus an Danmhairg, den pháirt eile, a chaomhnú, ag aithint suíomh geostraitéiseach na Graonlainne san Artach, agus na naisc atá ann cheana idir an tAontas agus OCTanna eile a chaomhnú, ag aithint a suíomhanna geostraitéiseacha i Muir Chairib, san Aigéan Indiach, san Atlantach agus san Aigéan Ciúin.
5. I gcomhréir le hAirteagail 3(5) agus 21 CAE, is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an Chinnidh seo:
  - (a) comhar le OCTanna a chothú agus tacú leis, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na dúshlán mhóra atá rompu agus na SDGanna a bhaint amach,
  - (b) tacaíocht agus comhar don Ghraonlainn agus í ag tabhairt aghaidh ar na dúshlán mhóra atá roimpi amhail an leibhéal oideachais a ardú agus rannchuidiú le cumas rialtas na Graonlainne beartais náisiúnta a cheapadh agus a chur chun feidhme.
6. Agus na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear i mír 4 agus na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 5 á saothrú, urramóidh an comhlachas na prionsabail bhunúsacha arb iad an tsaoirse, an daonlathas, cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, an smacht reachta, an dea-rialachas agus an fhorbairt inbhuanaithe, ar comhluachanna iad go léir ag OCTanna agus na Ballstáit lena bhfuil siad nasctha.

*Airteagal 4***An comhlachas a bhainistiú**

Is iad an Coimisiún agus údaráis OCTanna a dhéanfaidh an comhlachas a bhainistiú agus, i gcás inar gá, an Ballstát a bhfuil an OCT nasctha leis, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí institiúideacha, dlíthiúla agus airgeadais faoi seach.

*Airteagal 5***Leasanna frithpháirteacha, comhlántacht agus tosaíochtaí**

1. Is é an comhlachas an creat don idirphlé beartais agus don chomhar maidir le saincheistanna leasa fhrithpháirtigh.

2. Tabharfar tosaíocht don chomhar i réimsí leasa fhrithpháirtigh, amhail:
  - (a) éagsúlú inbhuanaithe gheilleagair OCTanna, lena n-áirítear iad a lánpháirtiú a thuilleadh i ngeilleagair dhomhanda agus réigiúnacha; i gcás sonracha na Graonlainne, an gá atá le scileanna a fórsa saothair a mhéadú;
  - (b) malartú, comhar agus comhpháirtíochtaí a chothú chun dlús a chur le baint amach na SDGanna;
  - (c) oideachas agus oiliúint, sláinte phoiblí, turasóireacht agus cultúr;
  - (d) geilleagar glas agus geilleagar gorm a chur chun cinn;
  - (e) bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear caomhnú agus úsáid inbhuanaithe seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais;
  - (f) maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide;
  - (g) laghdú rioscaí tubaiste a chur í chun cinn;
  - (h) gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus comhair eolaíochta a chur chun cinn;
  - (i) inrochtaineacht dhigiteach;
  - (j) malartuithe sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta idir OCTanna, a gcomharsana agus comhpháirtithe eile a chur chun cinn;
  - (k) an earnáil shóisialta, soghluaisteacht an lucht saothair, córais chosanta sóisialta, sábháilteacht bia agus saincheisteanna slándála bia;
  - (l) saincheisteanna Artacha;
  - (m) comhar réigiúnach a fhorbairt i Muir Chairib, san Aigéan Indiach, san Atlantach agus san Aigéan Ciúin;
  - (n) comhar idir-réigiúnach a fhorbairt san Artach, i Muir Chairib, san Aigéan Indiach, san Atlantach agus san Aigéan Ciúin.
3. Is é a bheidh mar aidhm leis an gcomhar i réimsí an leasa fhrithpháirtigh, féintuilleamaí OCTanna a chur chun cinn agus cumais OCTanna a fhorbairt chun na straitéisí agus beartais a leagtar amach i mír 2 a cheapadh agus a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

#### *Airteagal 6*

### **An comhlachas a chur chun cinn**

1. Agus é mar aidhm acu a gcaidreamh frithpháirteach a neartú, déanfaidh an tAontas agus OCTanna a ndícheall an comhlachas a chur in iúl i measc a saoránach, go háirithe trí fhorbairt na nasc agus an chomhair idir údaráis, lucht acadúil, sochaí shibhialta agus gnólachtaí OCTanna de pháirt, agus a n-idirghabhálaithe laistigh den Aontas den pháirt eile a chur chun cinn.
2. Déanfaidh OCTanna iarrachtaí chun a gcaidreamh leis an Aontas ina iomláine a neartú agus a chur chun cinn. Tacóidh na Ballstáit leis na hiarrachtaí sin.

#### *Airteagal 7*

### **Comhar réigiúnach, lánpháirtiú réigiúnach agus comhar le comhpháirtithe eile**

1. Faoi réir Airteagal 3, tacóidh an comhlachas le OCTanna ina n-iarrachtaí páirt a ghlacadh i dtionscnaimh ábhartha comhair idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha chomh maith le próisis lánpháirtíochta réigiúnacha agus foréigiúnacha, de réir a dtoilmhianta féin agus i gcomhréir le cuspóirí agus tosaíochtaí arna sainiú ag údaráis inniúla OCTanna.
2. Chun na críche sin, féadfaidh an tAontas agus OCTanna faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú nó dlúthchomhar agus dlúthchomhordú d'aon chineál eile a bhunú le comhpháirtithe eile i gcomhthéacs rannpháirtíochta OCTanna in eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, trí bhíthin comhaontuithe idirnáisiúnta i gcás inarb iomchuí.



3. Tá an comhlachas dírithe ar thacú leis an gcomhar idir OCTanna agus comhpháirtithe eile sna réimsí comhair a leagtar amach i gCodanna II agus III den Chinneadh seo. I ndáil leis sin, is é cuspóir an chomhlachais comhar a chur chun cinn i measc OCTanna agus na réigiúin is forimeallaí, dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, a stáit agus a gcríocha comharsanacha ACC agus nach de ACC iad <sup>(19)</sup>. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, feabhsóidh an tAontas an comhordú agus na sineirgí idir na cláir nó na hionstraimí ábhartha de chuid an Aontais. Féachfaidh an tAontas freisin le OCTanna a bheith rannpháirteach i gcásanna ina ndéanann sé idirphlé lena dtíortha comharsanacha, cibé acu is Stáit nó críocha ACC nó nach de ACC iad, agus leis na réigiúin is forimeallaí, i gcás inarb iomchuí.

4. Maidir leis an tacaíocht do rannpháirtíocht OCTanna in eagraíochtaí ábhartha um lánpháirtíú réigiúnach, díreofar go háirithe ar an méid seo a leanas:

- (a) fothú acmhainneacht eagraíochtaí agus institiúidí réigiúnacha ábhartha a bhfuil OCTanna ina mbaill díobh;
- (b) tionscnaimh réigiúnacha nó fhoréigiúnacha amhail cur chun feidhme beartas athchóirithe earnála a bhaineann leis na réimsí comhair a shainaithnítear i gCodanna II agus III;
- (c) feasacht agus eolas OCTanna ar thionchar na bpróiseas um lánpháirtíú réigiúnach i réimsí éagsúla;
- (d) rannpháirtíocht OCTanna i bhforbairt margaí réigiúnacha i gcreat eagraíochtaí lánpháirtíochta réigiúnaí;
- (e) infheistíocht trasteorann idir OCTanna agus a gcomharsana.

#### Airteagal 8

### Rannpháirtíocht i nGrúpálacha Eorpacha um Chomhar Críche

Agus Airteagal 7(1), (2) agus (3) den Chinneadh seo á gcur i bhfeidhm, ciallóidh na tionscnaimh chomhair nó cineálacha eile comhair freisin go bhféadfaidh údaráis rialtasacha, eagraíochtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha, údaráis áitiúla agus, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí nó institiúidí poiblí agus príobháideacha eile, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí poiblí, ó OCT páirt a ghlacadh i nGrúpáil Eorpach um Chomhar Críochach (EGTC) faoi réir rialacha agus chuspóirí ghníomhaíochtaí comhair an Chinnidh seo agus Rialachán (CE) Uimh 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(20)</sup> agus i gcomhréir leis na socrúithe is infheidhme maidir leis an mBallstát lena bhfuil OCT nasctha.

#### Airteagal 9

### Cóir shonrach

1. Cuirfidh an comhlachas éagsúlacht OCTanna san áireamh i dtéarmaí forbairt eacnamaíoch agus a gcumas chun lántairbhe a bhaint as an gcomhar réigiúnach agus an lánpháirtíú réigiúnach dá dtagraítear in Airteagal 7.

2. Bunófar cóir shonrach le haghaidh OCTanna ar leithlis.

3. Chun go mbeidh ar chumas OCTanna atá ar leithlis constaicí struchtúracha agus eile ar a bhforbairt a shárú, cuirfear san áireamh sa chóir shonrach sin na deacrachtaí sonracha atá acu, *inter alia*, agus méid an chúnaimh airgeadais agus na coinníollacha a ghabhann leis á gcinneadh.

4. Is OCT é St Pierre et Miquelon a mheasfar a bheith ar leithlis.

<sup>(19)</sup> Ciallaíonn an téarma 'críocha' 12 OCT de chuid RA a liostaíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE tráth an fhógra a fuair an Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2017 maidir le tarraingt siar RA as an Aontas Eorpach agus as Euratom, bunaithe ar Airteagal 50.

<sup>(20)</sup> Rialachán (CE) Uimh 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).

## CAIBIDIL 2

**Comhar***Airteagal 10***Cur Chuige Ginearálta**

1. Beidh an comhlachas bunaithe ar idirphlé leathan agus ar chomhairliúcháin maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh idir OCTanna, na Ballstáit a bhfuil siad nasctha leo agus an Coimisiún, agus, más iomchuí, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), chomh maith le hinstiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais.
2. Eagróidh OCTanna, i gcás inarb iomchuí, idirphlé agus comhairliúcháin le húdaráis agus le comhlachtaí amhail:
  - (a) na húdaráis inniúla áitiúla agus phoiblí eile;
  - (b) na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta;
  - (c) aon chomhlacht iomchuí eile a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí sibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí atá freagrach as comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná.

*Airteagal 11***Gníomhaithe an chomhair**

1. Áireofar an méid seo a leanas ar ghníomhaithe an chomhair in OCTanna:
  - (a) údaráis rialtais OCTanna;
  - (b) na húdaráis áitiúla laistigh de OCTanna;
  - (c) soláthraithe seirbhísí poiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, amhail comhlachais shóisialta, ghnó, fhostóirí agus cheardchumainn, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta;
  - (d) eagraíochtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha.
2. Tabharfaidh na Ballstáit lena bhfuil OCTanna nasctha fógra don Choimisiún faoi ainmneacha na n-údarás rialtasach agus áitiúil dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1.

*Airteagal 12***Freagrachtaí na ngníomhaithe neamhrialtasacha**

1. Féadfaidh gníomhaithe neamhrialtasacha ról a imirt sa mhalartú faisnéise agus sna comhairliúcháin faoin gcomhar, agus go háirithe maidir le cúnaimh, tionscadail nó clár comhair a ullmhú agus a chur chun feidhme. Féadfaidh siad tarmligeán cumhachtaí bainistíochta airgeadais a fháil chun na tionscadail nó na clár sin a chur chun feidhme chun tacú le tionscnaimh forbartha áitiúla.
2. Déanfar gníomhaithe neamhrialtasacha atá incháilithe do bhainistiú dláraithe tionscadal nó clár a shainthint le comhaontú idir údaráis OCT, an Coimisiún agus an Ballstát lena bhfuil OCT nasctha, agus an t-ábhar lena mbaineann, a saineolas agus a réimse gníomhaíochta á gcur san áireamh. Seolfar an próiseas sainaitheantais i ngach OCT mar chuid den idirphlé leathan agus de na comhairliúcháin ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 10.
3. Tá sé mar aidhm ag an gcomhlachas rannchuidiú le hiarrachtaí OCTanna chun eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú, a gcruthú agus a bhforbairt a éascú go háirithe, agus maidir leis na socrúithe a fhorbairt atá riachtanach chun a rannpháirtíocht a oscailt i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht straitéisí agus clár forbartha.

## CAIBIDIL 3

**Creat institiúideach an chomhlachais**

## Airteagal 13

**Treoirphrionsabail don idirphlé**

1. Glacfaidh an tAontas, OCTanna agus na Ballstáit lena bhfuil siad nasctha páirt rialta in idirphlé cuimsitheach, polaitiúil.
2. Déanfar an t-idirphlé i gcomhréir iomlán le cumhachtaí institiúideacha, dlíthiúla agus airgeadais an Aontais, OCTanna agus na mBallstáit lena bhfuil siad nasctha faoi seach. Déanfar an t-idirphlé a sheoladh ar bhealach solúbtha. Féadfaidh sé a bheith foirmiúil nó neamhfoirmiúil, ar leibhéal nó formáid iomchuí, agus déanfar é a sheoladh laistigh den chreat dá dtagraítear in Airteagal 14.
3. Cuirfidh an t-idirphlé ar chumas OCTanna páirt iomlán a ghlacadh i gcur chun feidhme an chomhlachais.
4. Díreofar san idirphlé, inter alia, ar shaincheisteanna sonracha polaitiúla ar ábhar leasa fhrithpháirtigh iad nó a bhfuil tábhacht ghinearálta leo maidir le cuspóirí an chomhlachais a bhaint amach.
5. Beidh an t-idirphlé le OCTanna, lena n-áirítear an Ghraonlainn, go háirithe, ina bhunús le comhar leathan agus idirphlé i réimsí a bhaineann, *inter alia*, le hoideachas, fuinneamh, athrú aeráide, an dúlra, an comhshaol, an geilleagar gorm, acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear amhábhair agus stoic éisc, iompar muirí, taighde agus nuálaíocht, chomh maith leis an ngné Artach de na saincheisteanna sin, i gcás inarb ábhartha.

## Airteagal 14

**Comhlachtaí idirphlé an chomhlachais**

1. Bunóidh an comhlachas na meicníochtaí idirphlé seo a leanas:
  - (a) fóram idirphlé idir OCTanna agus an tAontas Eorpach (an 'Fóram OCT-AE'), a thiocfaidh le chéile gach bliain agus a thabharfaidh le chéile údarais OCTanna, ionadaithe ó na Ballstáit agus an Coimisiún. Beidh Feisirí Parlaimint na hEorpa, ionadaithe BEI agus ionadaithe na réigiún is forimeallaí bainteach, i gcás inarb iomchuí, le Fóram OCT-AE;
  - (b) comhairliúcháin thríthaobhacha idir an Coimisiún, OCTanna agus na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo, ar nithe iad a thionólfar ar bhonn rialta. Eagrófar na comhairliúcháin sin ceithre huair sa bhliain, ar a laghad, ar thionscnamh an Choimisiúin nó arna iarraidh sin ag OCTanna agus ag na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo. Cuirfear torthaí na gcomhairliúchán in iúl go cuí do na Ballstáit;
  - (c) meithleacha, ag gníomhú dóibh i gcáil chomhairleach, a chuirfear ar bun i gcomhaontú idir OCTanna, na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo agus an Coimisiún, chun cur chun feidhme an chomhlachais a leanúint, i bhfoirm is iomchuí do na saincheisteanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Féadfar na meithleacha sin a chomóradh arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, ag Ballstáit nó ag OCT. Forálfaidh siad do phléití teicniúla ar ábhair ar údar inmí sonracha iad do OCTanna agus do na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo, comhlánú ar an obair a dhéantar i bhFóram OCT-AE agus/nó sna comhairliúcháin thríthaobhacha.
2. Beidh an Coimisiún ina chathaoirleach ar Fhóram OCTanna-AE, ar na comhairliúcháin thríthaobhacha agus ar na meithleacha agus cuirfidh sé a rúnaíocht ar fáil. Is iad an Coimisiún, OCTanna agus na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo, i gcomhpháirt, a shaineoidh treoirlínte oibre na gcomhairliúchán thríthaobhach. Is iad an Coimisiún, OCTanna, na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo agus Ballstáit leasmhara eile, i gcomhpháirt, a shaineoidh treoirlínte oibre Fhóram OCT-AE.

## CUID II

**RÉIMSÍ COMHAIR DON FHORBAIRT INBHUANAITHE FAOI CHUIMSIÚ AN CHOMHLACHAIS**

## CAIBIDIL 1

***Saincheisteanna comhshaoil, athrú aeráide, aigéin agus laghdú rioscaí tubaiste****Airteagal 15***Prionsabail ghinearálta**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse an dúlra, an chomhshaoil, an athraithe aeráide agus laghdú rioscaí tubaiste a bheith bainteach leis na nithe seo a leanas:

- (a) tacaíocht d'iarrachtaí OCTanna beartais, straitéisí, pleananna gníomhaíochta agus bearta a shainiú agus a chur chun feidhme;
- (b) tacaíocht d'iarrachtaí OCTanna chun lánpháirtíú i líonraí agus i dtionscnaimh réigiúnacha, an Aontais agus dhomhanda;
- (c) úsáid acmhainní inbhuanaithe agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn, agus spreagadh a thabhairt dul i dtreo an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ón díghrádú comhshaoil; agus
- (d) tacaíocht d'iarrachtaí OCTanna chun gníomhú mar mhoil réigiúnacha agus mar ionaid barr feabhais.

*Airteagal 16***Bainistiú inbhuanaithe agus caomhnú na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse bhainistiú inbhuanaithe agus chaomhnú na bithéagsúlachta, agus na seirbhísí éiceachórais a bheith bainteach leis an méid seo a leanas:

- (a) bunú agus bainistiú éifeachtach limistéar muirí agus talún faoi chosaint a chur chun cinn agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar limistéir faoi chosaint atá ann cheana;
- (b) bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní mara agus talún a spreagadh, ar acmhainní iad a rannchuidíonn chun speicis, gnáthóga agus feidhmeanna éiceachórais a chosaint lasmuigh de limistéir faoi chosaint, go háirithe speicis atá i mbaol, leochaileach agus neamhchoitianta;
- (c) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras muirí agus talún a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - (i) aghaidh a thabhairt ar dhúshlán níos leithne an athraithe aeráide don éiceachóras trí éiceachórais shláintiúla, athléimneacha a chothabháil agus trí bhonneagar glas agus gorm agus cuir chuige bunaithe ar an éiceachóras a chothú maidir le maolú agus oiriúnú i ndáil leis an athrú aeráide, cuir chuige a mbíonn tairbhí iomadúla ag gabháil leo go minic;
  - (ii) cumais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó idirnáisiúnta a neartú, trí mhalartú faisnéise, eolais, lena n-áirítear eolas dúchasach, traidisiúnta agus áitiúil agus dea-chleachtais a chur chun cinn i measc na ngeallsealbhóirí go léir, lena n-áirítear údarais phoiblí, úinéirí talún, an earnáil phríobháideach, taighdeoirí agus an tsochaí shibhialta;
  - (iii) na cláir caomhnaithe dúlra atá ann cheana agus na hiarrachtaí gaolmhara laistigh de na limistéir chaomhantais agus lasmuigh díobh a neartú;
  - (iv) an bonn eolais a leathnú agus na bearnaí eolais a líonadh, lena n-áirítear luach feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais a chainníochtú agus cláir mhonatóireachta fhadtéarmacha a fhorbairt maidir le forbairt speiceas agus éiceachóras;

- (d) comhar réigiúnach a spreagadh agus a éascú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail speicis choimhthíocha ionracha nó tionchair an athraithe aeráide agus caomhnú inbhuanaithe na n-aigéan;
- (e) sásraí a fhorbairt chun acmhainní a luamhánú, íocaíochtaí as seirbhísí éiceachórais san áireamh.

#### *Airteagal 17*

### **Bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse an bhainistithe inbhuanaithe ar fhoraoisí a bheith bainteach le caomhnú foraoisí agus bainistiú inbhuanaithe orthu a chur chun cinn, lena n-áirítear a ról i gcaomhnú an chomhshaoil tríd an gcreimeadh agus fairsingiú fásaigh a rialú, mar aon le foraoisiú agus bainistiú onnmhairithe adhmaid.

#### *Airteagal 18*

### **Bainistiú comhtháite na limistéar cósta**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse bhainistiú comhtháite na limistéar cósta a bheith bainteach leis na nithe seo a leanas:

- (a) tacú le hiarrachtaí OCTanna i dtreo bainistiú éifeachtach inbhuanaithe a dhéanamh ar na limistéir mhuirí agus chósta agus cuir chuige straitéiseacha comhtháite á sainiú maidir le pleanáil agus bainistiú na limistéar muirí agus cósta, lena n-áirítear tacaíocht do chlár faireacháin fhadtéarmacha;
- (b) idir-réiteach gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta amhail iascaigh agus do Bharshaothrú, turasóireacht, iompar muirí agus talmhaíocht agus acmhainneacht na limistéar muirí agus na gcriosanna cósta ó thaobh fuinnimh in-athnuaite, acmhainní uisce agus amhábhbar de, agus tionchair an athraithe aeráide agus gníomhaíochtaí daonna á gcur san áireamh freisin.

#### *Airteagal 19*

### **Na hAigéin**

1. I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a bheith bainteach leis na nithe seo a leanas:

- (a) an t-idirphlé a neartú maidir le ceisteanna leasa choitinn sa réimse sin;
- (b) eolas muirí agus biteicneolaíocht mhuirí, fuinneamh aigéin, faireachas muirí, bainistiú criosanna cósta agus bainistiú bunaithe ar éiceachórais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar na héiceachórais mhuirí;
- (c) cineálacha cur chuige comhtháite a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta;
- (d) dea-rialachas, dea-chleachtais agus bainistíocht fhreagrach iascaigh a chur chun cinn go gníomhach i gcaomhnú agus i mbainistiú inbhuanaithe stoc éisc, lena n-áireofar stoic éisc ar leas coiteann iad agus stoic éisc atá á mbainistiú ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh;
- (e) tionscail fhreagracha próiseála éisc a fhorbairt go háitiúil;
- (f) idirphlé agus comhar maidir le caomhnú stoc éisc lena n-áirítear trí bhearta chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac agus trí chomhar éifeachtach a dhéanamh le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus laistigh díobh, ar a áireofar scéimeanna rialaithe agus cigireachta, dreasachtaí agus oibleagáidí le haghaidh bainistiú níos éifeachtaí san fhadtéarma ar na hiascaigh agus ar na timpeallachtaí cósta.

2. I gcomhthéacs an chomhlachais, agus comhsheasmhacht agus comhlántacht fós á n-áirithiú le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh atá ann cheana, bunófar an comhar dá dtagraítear i bpointe (d) agus (f) de mhír 1 ar na príonsabail seo a leanas:

- (a) tiomantas do bhainistiú freagrach iascaigh agus do chleachtais fhreagracha iascaireachta;

- (b) staonadh ó bhearta nó ó ghníomhaíochtaí atá ar neamhréir le prionsabail shaothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh agus na forbartha áitiúla inbhuanaithe;
- (c) agus comhaontuithe comhpháirtíochta déthaobhacha iascaigh atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo idir an tAontas agus OCTanna á gcur san áireamh, beidh sé d'aidhm ag an Aontas agus ag OCTanna dul i gcomhairle le chéile go rialta maidir le caomhnú agus bainistiú na mbeo-acmhainní muirí agus faisnéis a mhalartú maidir le staid leanúnach acmhainní i gcomhthéacs chomhlachtaí ábhartha idirphlé dá bhforáiltear in Airteagal 14.

#### *Airteagal 20*

### **Bainistiú inbhuanaithe an uisce**

1. I gcreat an chomhlachais, féadfaidh an tAontas agus OCTanna comhoibriú i réimse bainistithe inbhuanaithe an uisce tríd an mbeartas uisce agus neartú institiúidí, trí acmhainní agus soláthairtí uisce a chosaint i limistéir thuaithe agus uirbeacha le haghaidh cuspóirí tí, tionsclaíochta nó talmhaíochta, trí stóráil, dáileadh agus bainistíocht acmhainní uisce, tríd an gcaillteanas uisce a laghdú agus trí úsáid éifeachtúil an uisce agus bainistíocht fuíolluisce.
2. Tabharfar aird ar leith, i réimse an tsoláthair uisce agus in earnáil na sláintíochta, ar rochtain ar sheirbhísí soláthair uisce óil atá glan agus ar phraghas réasúnta agus ar sheirbhísí sláintíochta sa limistéir sin tearcfhrestail agus sna limistéir sin atá i gcontúirt mhór ó thubaistí nádúrtha. Rannchuideoidh an méid sin go díreach le forbairt acmhainní daonna trí chúrsaí sláinte a fheabhsú agus an táirgiúlacht a mhéadú.
3. Beidh comhar sna réimsí dá dtagraítear i mír 1 á threorú ag an bprionsabal nach mór i gcónaí an soláthar seirbhísí bunúsacha uisce agus sláintíochta a leathnú chuig pobail uirbeacha agus tuaithe araon agus nár mhiste dul i ngleic leis ar bhealaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tabharfar tosaíocht do bhainistíocht uisce a fhorbairt atá réamhghníomhach agus a chuireann cúrsaí aeráide san áireamh.

#### *Airteagal 21*

### **Bainistiú dramhaíola**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse bhainistiú na dramhaíola a bheith bainteach le húsáid an deachleachtais comhshaoil a chur chun cinn sna hoibríochtaí uile a bhaineann le bainistiú dramhaíola. Féadfaidh comhar den sórt sin a bheith bainteach le laghdú dramhaíola freisin, lena n-áirítear dramhaíl phlaisteach aigéin, athchúrsáil nó próisis aisghabhála eile, e.g. aisghabháil fuinnimh agus diúscairt dramhaíola.

#### *Airteagal 22*

### **Fuinneamh**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse an fhuinnimh inbhuanaithe a bheith bainteach leis na nithe seo a leanas:

- (a) táirgeadh agus dáileadh fuinnimh inbhuanaithe agus rochtain ar fhuinneamh inbhuanaithe, fuinneamh ísealcharbóin ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh go háirithe a fhorbairt, a chur chun cinn, a úsáid agus a stóráil;
- (b) beartais agus rialacháin fuinnimh, go háirithe beartais a cheapadh agus rialacháin a ghlacadh lena ráthaítear taraifí fuinnimh inacmhainne inbhuanaithe;
- (c) éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe caighdeán éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt agus a thabhairt isteach agus cur chun feidhme beart éifeachtúlachta fuinnimh in earnálacha éagsúla amhail tionsclaíocht, tráchtáil, san earnáil phoiblí agus i dteaghlaigh, chomh maith leis na gníomhaíochtaí oideachais agus feasachta a ghabhann leo;
- (d) iompar, go háirithe modhanna iompair phoiblí agus phríobháideacha atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil a fhorbairt, a chur chun cinn agus a úsáid, amhail feithiclí hibrídeacha, leictreacha nó hidrigine, roinnt gluaisteán agus scéimeanna rothaíochta;

- (e) pleanáil agus tógáil bailte, go háirithe ardchaighdeáin cháilíochta comhshaoil a chur chun cinn agus a thabhairt isteach mar aon le feidhmíocht ardfhuinnimh sa phleanáil uirbeach agus sa tógáil; agus
- (f) turasóireacht, go háirithe bonneagair turasóireachta a chur chun cinn atá neamhthuilleamaíoch i gcúrsaí fuinnimh (bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite) agus bonneagair don turasóireacht ghlas.

#### *Airteagal 23*

#### **Amhábhair**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse na n-amhábhair, lena n-áirítear tearc-chré, a bheith bainteach le hearnáil amhábhair a chur chun cinn a bheidh inbhuanaithe i ndáil leis na hoibríochtaí uile a bhaineann le mianadóireachta, agus arb é is aidhm dó:

- (a) tacú le húsáid acmhainní atá éifeachtúil optamach;
- (b) tomhaltas freagrach agus athchúrsáil a chur chun cinn;
- (c) cosaint an chomhshaoil a fhorbairt agus a neartú ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach;
- (d) láimhseáil agus saothrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a chur chun cinn;
- (e) cumais, oiliúint, nuálaíocht, taighde agus bearta gnó a neartú chun amhábhair a shaothrú agus a eastóscadh ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta saothair;
- (f) tacú le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar iarmhairtí socheacnamaíoch shaothrú agus eastóscadh na n-amhábhair;
- (g) tuairimí gheallsealbhóirí a mbíonn baint acu le gníomhaíochtaí amhábhair a chur san áireamh.

#### *Airteagal 24*

#### **Athrú aeráide**

I gcreat an chomhlachais, beidh sé mar aidhm ag an gcomhar i réimse an athraithe aeráide tacú le tionscnaimh OCTanna maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus maidir le hoiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, agus féadfar an méid seo a leanas a chumhdach leis:

- (a) bonn fianaise a fhorbairt; príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí, pleananna nó bearta críochacha, réigiúnacha agus/nó idirnáisiúnta a shainaitheint chun dul in oiriúnú don athrú aeráide nó a chuid éifeachtaí díobhálacha a mhaolú;
- (b) rannchuidiú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta a ngealltanais maidir leis an athrú aeráide a chomhlíonadh de réir Chomhaontú Pháras;
- (c) an t-oiriúnú don athrú aeráide agus dá mhaolú a chomhtháthú i mbeartais phoiblí agus i straitéisí poiblí;
- (d) sonraí agus táscairí staidrimh a mhionsaothrú agus a shainaitheint, ar uirlisí riachtanacha chun beartas a cheapadh agus a chur chun feidhme iad; agus
- (e) rannpháirtíocht OCTanna san idirphlé réigiúnach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn chun comhar a chothú, lena n-áirítear eolas agus taithí a mhalartú.

#### *Airteagal 25*

#### **Rioscaí tubaistí a laghdú**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar maidir le rioscaí tubaistí a laghdú na nithe seo a leanas a chlúdach:

- (a) córais a fhorbairt nó a fheabhsú, lena n-áirítear bonneagair, chun tubaistí a chosc nó teacht rompu, lena n-áirítear córais tuartha agus réamhrabhadh, ar mhaithe le hiarmhairtí tubaistí a laghdú;
- (b) mionsonraí eolais a shaothrú maidir lena neamhchosanta atá OCTanna agus na réigiúin ina bhfuil siad ar na tubaistí, agus maidir lena n-acmhainneacht reatha chun freagairt orthu;

- (c) na bearta atá ann cheana maidir le tubaistí a chosc agus ullmhú dóibh a neartú, ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach;
- (d) cumais freagartha na ngníomhaithe lena mbaineann a fheabhsú, chun a gcomhordú, a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht a fheabhsú;
- (e) feabhas a chur ar an múscailt feasachta i measc an phobail agus rochtain ar an bhfaisnéis don phobal maidir leis an neamhchosaint ar rioscaí, maidir lena gcosc, maidir le hullmhú dóibh agus maidir le freagairt orthu i gcás tubaiste, agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas;
- (f) an comhoibriú a neartú idir na príomhghníomhaithe a mbíonn baint acu leis an gcosaint shibhialta;
- (g) tionscnaimh idirnáisiúnta um laghdú rioscaí tubaiste a chur chun cinn, amhail Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030; agus
- (h) rannpháirtíocht OCTanna i meicníochtaí réigiúnacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta a chur chun cinn chun malartú faisnéise níos rialta agus comhar níos dlúithe a chumasú i measc na gcomhpháirtithe éagsúla i gcás tubaiste.

## CAIBIDIL 2

### **Inrochtaineacht**

#### *Airteagal 26*

### **Cuspóirí ginearálta**

1. I gcreat an chomhlachais, beidh sé mar aidhm leis an gcomhar i réimse na hinrochtaineachta:
  - (a) rochtain níos fearr a áirithiú do OCTanna ar ghréasáin iompair dhomhanda; agus
  - (b) rochtain níos fearr a áirithiú do OCTanna ar theicneolaíochtaí agus ar sheirbhísí faisnéise agus cumarsáide (TFC).
2. Maidir le comhar dá dtagraítear i mír 1, féadfar iad seo a leanas a chlúdach:
  - (a) fothú beartas agus institiúidí;
  - (b) iompar de bhóthar, d'iarnród, d'aer, ar muir nó ar uiscebhealaí intúire;
  - (c) saoráidí stórála i gcalafoirt agus in aerfoirt; agus
  - (d) slándáil an tsoláthair do limistéir iargúlta agus d'oileáin leithlisithe.

#### *Airteagal 27*

### **Muiriompar**

1. I gcreat an chomhlachais, beidh an comhar i réimse an mhuiriompair ag féachaint le seirbhísí muiriompair a fhorbairt agus a chur chun cinn in OCTanna a bheidh costéifeachtach agus éifeachtúil agus féadfaidh sé a bheith bainteach leis an méid seo a leanas:
  - (a) lastaí ísealcharbóin éifeachtúla lastais a chur chun cinn ar rátaí a bheidh inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta agus na tráchtála de;
  - (b) bealach a réiteach do OCTanna chun bheith níos rannpháirtí i seirbhísí loingseoireachta idirnáisiúnta;
  - (c) cláir réigiúnacha a spreagadh;
  - (d) tacaíocht don earnáil phríobháideach áitiúil chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí loingseoireachta; agus
  - (e) bonneagar inbhuanaithe athléimneach a fhorbairt.
2. Déanfaidh an tAontas agus OCTanna sábháilteacht na loingseoireachta, slándáil na bhfoirne agus cosc ar thruailliú a chur chun cinn.
3. Déanfaidh an tAontas agus OCTanna an tsábháilteacht agus an tslándáil mhuirí, cosaint na muirthimpeallachta, dálaí oibre agus maireachtála ar bord a chur chun cinn atá comhsheasmhach leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha agus le reachtaíocht an Aontais.



*Airteagal 28***Aeriompar**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse an aeriompair a bheith bainteach leis an méid seo a leanas:

- (a) athchóiriú agus nuachóiriú thionscail aeriompair OCTanna;
- (b) inmharthanacht agus iomaíochas tráchtála thionscail aeriompair OCTanna a chur chun cinn;
- (c) infheistíocht agus rannpháirtíocht a éascú ón earnáil phríobháideach; agus
- (d) malartú eolais agus dea-chleachtais ghnó a chur chun cinn, agus saincheisteanna inbhuaine agus maolaithe ar an athrú aeráide á gcur san áireamh.

*Airteagal 29***Sábháilteacht agus slándáil aeriompair**

I gcreat an chomhlachais, is é is aidhm don chomhar i réimsí na sábháilteachta agus na slándála aeriompair tacú le OCTanna ina gcuid iarrachtaí na caighdeáin ábhartha AE agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh; féadfar an méid seo a leanas a chumhdach *inter alia* leis:

- (a) cur chun feidhme chóras sábháilteachta eitlíochta na hEorpa, agus, i gcás inarb ábhartha, cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta;
- (b) slándáil aerfoirt a chur chun feidhme agus acmhainn na n-údarás eitlíochta sibhialta a neartú chun bainistiú a dhéanamh ar gach gné den tsándáil oibríochtúil a chuirtear faoina rialú; agus
- (c) bonneagair agus acmhainní daonna a fhorbairt.

*Airteagal 30***Seirbhísí TFC**

I gcreat an chomhlachais, is é is aidhm don chomhar i réimse na seirbhísí TFC aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach agus spreagadh a thabhairt, in OCTanna, don inrochtaineacht dhigiteach, don nuálaíocht, don fhás eacnamaíoch agus d'fheabhsuithe sa saol laethúil do shaoránaigh agus do ghnólaicthe araon, lena n-áirítear an inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Díreofar an comhar, go háirithe, ar chumas rialála OCTanna a fheabhsú agus féadfar tacú le leathnú líonraí agus seirbhísí TFC, lena n-áirítear líonraí cumarsáide leictreonaí leordhóthanacha iontaofa, chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh agus gnólaicthe ó OCTanna tairbhe a bhaint as seirbhísí digiteacha, trí na bearta seo a leanas:

- (a) timpeallacht rialála intuartha a chruthú a bheidh bord ar bhord le forbairtí teicneolaíochta, a spreagfaidh fás agus nuálaíocht agus a chothóidh an iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí;
- (b) idirphlé ar na gnéithe éagsúla beartais maidir leis an tsochaí faisnéise a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh uirthi;
- (c) malartú faisnéise maidir le caighdeáin agus ceisteanna idir-inoibritheachta;
- (d) comhar a chur chun cinn i réimse an taighde TFC agus i réimse na mbonneagar taighde atá bunaithe ar TFC;
- (e) seirbhísí agus feidhmchláir a fhorbairt i réimsí mórtionchair shochoíoch;
- (f) oideachas agus oiliúint, do dhaoine óga go háirithe.

## CAIBIDIL 3

**Taighde agus nuálaíocht**

## Airteagal 31

**Comhar maidir le taighde agus nuálaíocht**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh an comhar sa réimse taighde agus nuálaíochta iad seo a leanas a chumhdach: eolaíocht, fuinneamh, an t-athrú aeráide, athléimneacht ó thubaistí, acmhainní nádúrtha lena n-áirítear amhábhair, agus úsáid inbhuanaithe acmhainní beo.

Féadfar an teicneolaíocht a chumhdach ann freisin, lena n-áirítear TFC, d'fhonn rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe OCTanna agus a ról mar mhoil réigiúnacha agus mar ionaid barr feabhais, chomh maith lena n-iomaíochas tionsclaíoch, a chur chun cinn. Féadfaidh an comhar a bheith bainteach leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) idirphlé, comhordú agus cruthú sineirgí idir OCTanna agus beartais agus tionscnaimh an Aontais i dtaca leis an eolaíocht, leis an teicneolaíocht agus leis an nuálaíocht;
- (b) fothú beartas agus institiúideach laistigh d'OCTanna agus gníomhaíochtaí combheartaithe ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó réigiúnach, d'fhonn gníomhaíochtaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- (c) comhar idir eintitis dhlítheanacha ó na OCTanna, ón Aontas, ó na Ballstáit agus ó na tríú tíortha;
- (d) rannpháirtíocht taighdeoirí aonair, comhlachtaí taighde agus eintiteas dlítheanach ó OCTanna sna cláir réime Eorpacha um thaighde agus nuálaíocht agus sa Chlár um Iomaíochas Fiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME), agus iad á nascadh freisin le gníomhaíochtaí a fuair tacaíocht cheana faoi na cláir sin chun comhlántacht na ngníomhaíochtaí a áirithiú; agus
- (e) oiliúint, soghluaisteacht idirnáisiúnta agus malartú taighdeoirí ó OCTanna.

## CAIBIDIL 4

**An óige, oideachas, oiliúint, cosaint chearta an linbh, sláinte, fostaíocht, slándáil shóisialta, sábháilteacht bia agus slándáil bia**

## Airteagal 32

**An Óige**

Tá sé mar aidhm ag an gcomhlachas na naisc a neartú idir daoine óga atá ina gcónaí in OCTanna agus san Aontas, lena n-áirítear trí shoghluaisteacht foghlama daoine óga ó OCTanna a chur chun cinn agus trí chomhthuisceant a chothú i measc daoine óga.

## Airteagal 33

**Oideachas agus oiliúint**

1. I gcreat an chomhlachais, féadfar na nithe seo a leanas a chumhdach sa chomhar i réimse an oideachais agus na hoiliúna:

- (a) oideachas ionchuimsitheach ar ardchaighdeán a sholáthar ar leibhéal an bhunoideachais, an oideachais dara leibhéal agus ardoideachais agus i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna; agus
- (b) an tacaíocht do OCTanna maidir le beartais oideachais agus gairmoiliúna a shainiú agus a chur chun feidhme.

2. Áiritheoidh an tAontas gur féidir le comhlachtaí agus institiúidí oideachais agus oiliúna ó OCTanna páirt a ghlacadh i dtionscnaimh chomhair de chuid an Aontais a bhaineann le hoideachas ar an mbonn céanna le comhlachtaí agus institiúidí oideachais agus gairmoiliúna na mBallstát.

*Airteagal 34***Ceartha an linbh a chosaint**

1. I gcreat an chomhlachais, áiríteoidh an tAontas go ndéanfar ceartha an linbh in OCTanna a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach cuimsitheach, agus aird ar leith á tabhairt ar chailíní agus buachaillí atá faoi mhíbhuntáiste, atá leochaileach agus i staideanna imeallaithe chun a áirithiú nach bhfágfar aon leanbh ar lár.
2. Tá sé mar aidhm ag an gcomhlachas cur chuige saolré a bheith á ghlacadh maidir le forbairt leanaí chun a áirithiú go ndéantar ceartha agus riachtanais leanaí a aithint agus a réadú ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh inscne agus aoise de. Aithnítear go bhfuil cur chuige den sórt sin ríthábhachtach don aistriú go dtí an aosacht agus d'fhorbairt an duine.

*Airteagal 35***Fostaíocht agus beartas sóisialta**

1. Leanfaidh an tAontas agus OCTanna den idirphlé i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta chun rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta OCTanna agus le hobair chuibhiúil a chur chun cinn sna OCTanna agus sna réigiúin ina bhfuil siad. Leis an idirphlé sin, díreofar freisin ar thacú le hiarrachtaí údaráis OCTanna chun beartais agus reachtaíocht a fhorbairt sa réimse sin, agus an t-idirphlé a bhunaigh OCTanna leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO) á chur san áireamh.
2. Is éard a bheidh san idirphlé i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta, den chuid is mó, malartú faisnéise agus dea-chleachtas a bhaineann le beartais agus reachtaíocht i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta atá chun leasa fhrithpháirtigh an Aontais agus OCTanna. Maidir leis sin, cuirfear san áireamh réimsí amhail forbairt scileanna, cosaint shóisialta, idirphlé sóisialta, comhdheiseanna, neamh-idirdhealú agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus caighdeán eile saothair.

*Airteagal 36***Sláinte poiblí, sábháilteacht bia, agus slándáil bia agus cothaithe**

I gcreat an chomhlachais, beidh sé d'aidhm ag an gcomhar i réimse na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia, *inter alia*, an t-ualach a bhaineann le galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha a laghdú agus, go háirithe, cumas OCTanna maidir le faireachas eipidéimeolaíoch, faireachán, luathrabhadh, measúnú riosca agus freagairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann a fhorbairt, a neartú, agus a choimeád ar bun trí bhearta lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí chun an ullmhacht agus an phleanáil freagartha a neartú le haghaidh éigeandálaí sláinte amhail ráigeanna galar teagmhálach, lena n-áirítear trí chur chun feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), idir-inoibritheacht a áirithiú idir an earnáil sláinte agus earnálacha eile, agus seachadadh leanúnach seirbhísí agus táirgí criticiúla, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann le hiargúlacht gheografach;
- (b) fothú achmainneachta trí líonraí sláinte poiblí a neartú ar an leibhéal réigiúnach, an malartú faisnéise i measc saineolaithe a éascú agus oiliúint leordhóthanach a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimse na sábháilteachta bia;
- (c) uirlisí a fhorbairt mar aon le hardáin chumarsáide, lena n-áirítear córais mhear-rabhaidh, chomh maith le cláir ríomhfhoghlama a bheidh in oiriúint do riachtanais shonracha OCTanna;
- (d) gníomhaíochtaí chun ráigeanna a bhaineann le bia a chosc agus a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia agus slándáil bia agus cothaithe;
- (e) gníomhaíochtaí chun ualach na ngalar neamhthógálach a laghdú faoi chuimsiú na SDGanna a bhaint amach.

## CAIBIDIL 5

**Cultúr agus turasóireacht***Airteagal 37***Malartuithe agus idirphlé cultúrtha**

1. I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse na malartuithe cultúir agus an idirphlé chultúrtha na nithe seo a leanas a chlúdach:
  - (a) OCTanna a fhorbairt ar bhonn féintuilleamaíoch, nuair is iad an pobal féin is croílár do phróiseas atá fréamhaithe i gcultúr gach pobail ar leith;
  - (b) an tacaíocht do bheartais agus do bhearta arna nglacadh ag údaráis inniúla OCTanna chun a n-acmhainní daonna a fheabhsú, a gcumais chruthaitheacha féin a mhéadú agus a bhféiniúlachtaí cultúrtha a chur chun cinn;
  - (c) rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas forbartha;
  - (d) comhthuisint a fheabhsú mar aon le malartú feabhsaithe faisnéise faoi chúrsaí cultúrtha agus closamhairc tríd an idirphlé.
2. Féachfaidh an tAontas agus OCTanna, trí bhíthin an chomhair eatarthu, le malartuithe cultúrtha a spreagadh eatarthu féin leis na nithe seo a leanas:
  - (a) comhar idir earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha na gcomhpháirtithe uile;
  - (b) cúrsaíocht saothar cultúir agus cruthaitheach a chur chun cinn mar aon le hoibreoírí eatarthu;
  - (c) comhar beartais chun forbairt beartas, nuálaíocht, tógáil lucht féachana agus samhlacha nua gnó a chothú.

*Airteagal 38***Comhar closamhairc**

1. I gcreat an chomhlachais, is é is aidhm don chomhar i réimse an chlosamhairc, léiriúcháin closamhairc a chéile a chur chun cinn, agus féadfaidh sé go gcumhdófar na gníomhaíochtaí seo a leanas ann:
  - (a) comhar agus malartú idir na tionscail chraoltóireachta faoi seach;
  - (b) malartú saothar closamhairc a spreagadh;
  - (c) faisnéis agus tuairimí a mhalartú maidir le beartas closamhairc agus craolacháin idir údaráis inniúla agus maidir le creat rialála eatarthu;
  - (d) cuairteanna ar chríoch a chéile a spreagadh mar aon le rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta a reáchtáiltear i gcríoch a chéile agus i dtríú tíortha.
2. Beidh saothair chlosamhairc ar comhléirthe iad i dteideal tairbhe a bhaint as aon scéim maidir leis an gcion cultúir áitiúil nó réigiúnach a chur chun cinn a bhunaítear san Aontas, sna OCTanna agus sna Ballstáit lena bhfuil siad nasctha.

*Airteagal 39***Na taibhealaíona**

I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar i réimse na dtaibhealaíon na nithe seo a leanas a chlúdach:

- (a) teagmháil bhreise a éascú idir cleachtóirí na dtaibhealaíon i réimsí amhail malartuithe gairmiúla agus oiliúint ghairmiúil lena n-áirítear rannpháirtíocht i dtrialacha agus in éisteachtaí, forbairt líonraí agus an líonrú a chur chun cinn;
- (b) comhléirthe a spreagadh idir léiritheoirí Ballstáit amháin nó níos mó de chuid an Aontais agus OCT amháin nó níos mó; agus
- (c) forbairt caighdeán idirnáisiúnta teicneolaíochta amharclannaíochta a spreagadh mar aon le húsáid comharthaí stáitse amharclannaíochta, lena n-áirítear trí chomhlachtaí cuí um chaighdeánú.

*Airteagal 40***An oidhreacht chultúrtha agus séadchomharthaí stairiúla a chosaint**

I gcomhthéacs an chomhlachais, is é is aidhm don chomhar i réimse na hoidhreachta cultúrtha inlámhsithe agus doláimhsithe agus na séadchomharthaí stairiúla malartuithe saineolais agus dea-chleachtais a chur chun cinn trí na nithe seo a leanas:

- (a) malartuithe saineolaithe a éascú;
- (b) comhoibriú maidir le hoiliúint ghairmiúil;
- (c) feasacht an phobail áitiúil; agus
- (d) comhairleoireacht maidir le cosaint na séadchomharthaí stairiúla agus na spásanna cosanta agus maidir leis an reachtaíocht a bhaineann leis an oidhreacht, agus cur chun feidhme bearta a bhaineann léi, í a lánpháirtíú sa saol áitiúil go háirithe.

*Airteagal 41***Turasóireacht**

I gcreat an chomhlachais, féadfar iad seo a leanas a chlúdach sa chomhar i réimse na turasóireachta:

- (a) bearta arb é is aidhm dóibh beartais inbhuanaithe turasóireachta a shainiú, a oiriúnú agus a fhorbairt;
- (b) bearta agus oibríochtaí chun an turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt agus chun tacú léi;
- (c) bearta arb é is aidhm dóibh an turasóireacht inbhuanaithe a chomhtháthú i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch shaoránaigh OCTanna.

*CAIBIDIL 6***An choireacht eagraithe a chomhrac***Airteagal 42***An choireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach, foréigean inscnebhunaithe, sceimhlitheoireacht agus éillitheacht a chomhrac**

1. I gcreat an chomhlachais, féadfar iad seo a leanas a chuimsiú sa chomhar i gcomhrac na coireachta eagraithe:
  - (a) modhanna nuálacha éifeachtacha comhair phóilínachta agus bhreithiúnaigh a fhorbairt, lena n-áirítear comhar le geallsealbhóirí eile amháil institiúidí na sochaí shibhialta agus institiúidí náisiúnta um chearta an duine, maidir leis an gcoireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach, foréigean inscnebhunaithe, sceimhlitheoireacht agus éillitheacht a chosc agus a chomhrac; agus
  - (b) tacaíocht chun éifeachtúlacht bheartais OCTanna a mhéadú chun coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine, mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach, foréigean inscnebhunaithe, sceimhlitheoireacht agus éillitheacht a chosc agus a chomhrac, chomh maith le táirgeadh, dáileadh agus gáinneáil ar gach cineál drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha, úsáid drugaí agus díobhálacha a bhaineann le drugaí a chosc agus a laghdú, agus an obair a dhéanann comhlachtaí idirnáisiúnta sna réimsí sin á cur san áireamh, tríd an méid seo a leanas *inter alia*:
    - (i) oiliúint agus fothú acmhainneachta maidir leis an gcoireacht eagraithe, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach, foréigean inscnebhunaithe, sceimhlitheoireacht agus éillitheacht a chosc agus a chomhrac;
    - (ii) cosc lena n-áirítear oiliúint, oideachas agus cur chun cinn na sláinte, cóireáil agus athshlánú úsáideoirí spleácha drugaí, lena n-áirítear tionscadail chun úsáideoirí spleácha drugaí a athimeascadh i dtimpeallachtaí oibre agus sóisialta;
    - (iii) bearta forfheidhmiúcháin éifeachtacha a fhorbairt;

- (iv) cúnamh teicniúil, airgeadais agus riaracháin maidir le beartais agus reachtaíocht éifeachtach a fhorbairt i ndáil le gáinneáil ar dhaoine, go háirithe feachtais ardaithe feasachta, sásraí tarchuir agus córais cosanta íospartach, lena mbíonn na geallsealbhoirí ábhartha uile agus an tsochaí shibhialta bainteach;
- (v) cúnamh teicniúil, airgeadais agus riaracháin i ndáil leis na díobhálacha a ghabhann le húsáid drugaí a chosc, a chóireáil agus a laghdú;
- (vi) cúnamh teicniúil chun tacú le forbairt reachtaíochta agus beartais in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe; agus
- (vii) cúnamh agus oiliúint theicniúil chun tacú le fothú acmhainneachta agus chun comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta frithéilitheachta a spreagadh, go háirithe iad siúd a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éilithe.

2. I gcreat an chomhlachais, comhoibreoidh OCTanna leis an Aontas maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac i gcomhréir le hAirteagal 72.

### CUID III

## TRÁDÁIL AGUS COMHAR A BHAINNEANN LE TRÁDÁIL

### TEIDEAL I

#### Forálacha ginearálta

#### *Airteagal 43*

#### Sainchuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na trádála agus an chomhair a bhaineann le trádáil idir an tAontas agus OCTanna:

- (a) forbairt eacnamaíoch agus shóisialta OCTanna a chur chun cinn trí dhlúthchaidreamh eacnamaíoch a bhunú idir na OCTanna agus an tAontas ina iomláine;
- (b) lánpháirtiú éifeachtach OCTanna sna geilleagair réigiúnacha agus domhanda a spreagadh mar aon le forbairt na trádála in earraí agus seirbhísí;
- (c) tacú le OCTanna timpeallacht fhabhrach infheistíochta a chruthú chun tacú lena bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch;
- (d) cobhsaíocht, sláine agus trédhearcacht an chórais airgeadais dhomhanda a chur chun cinn, mar aon le dea-rialachas i réimse an chánachais;
- (e) tacú le próiseas éagsúlaithe gheilleagair OCTanna;
- (f) tacú le hacmhainneachtaí OCTanna beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme atá riachtanach d'fhorbairt a dtrádála in earraí agus seirbhísí;
- (g) tacú le hacmhainní onnmhairithe agus trádála OCTanna;
- (h) tacú le hiarrachtaí OCTanna a reachtaíocht áitiúil a ailíniú nó a chóineasú le reachtaíocht an Aontais, i gcás inarb ábhartha;
- (i) deiseanna a chur ar fáil le haghaidh comhar agus idirphlé spriocdhírthe leis an Aontas maidir le trádáil agus réimsí a bhaineann le trádáil;
- (j) OCTanna a spreagadh chun a dtuairimí a chur in iúl i gcomhthéacs aon ghníomhaíochtaí comhairliúcháin phoiblí ábhartha nó aon uirlis ábhartha reatha atá nasctha le dearadh agus measúnú tionchair caibidlíochtaí maidir le comhaontuithe saorthrádála ag an Aontas; agus
- (k) i gcás inarb ábhartha, OCTanna a chur san áireamh sna hanailísí tionchair a ghabhann le comhaontuithe saorthrádála a bhíonn á lainseáil agus á gcaibidliú ag an Aontas.

## TEIDEAL II

## SOCRUITHE MAIDIR LE TRÁDÁIL IN EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ AGUS MAIDIR LE BUNAÍOCHT

## CAIBIDIL 1

**Socruithe maidir le trádáil in earraí***Airteagal 44***Saor-rochtain le haghaidh earraí tionscnaimh**

1. Déanfar táirgí a thionscnaíonn in OCTanna a allmhairiú isteach san Aontas saor ó dhleachtanna allmhairiúcháin.
2. Leagtar síos in Iarscríbhinn II an sainmhíniú ar tháirgí tionscnaimh agus na modhanna comhair riaracháin a bhaineann leis.

*Airteagal 45***Srianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta**

1. Ní chuirfidh an tAontas aon srianta cainníochtúla nó bearta comhéifeachta i bhfeidhm ar allmhairí táirgí de thionscnamh OCTanna.
2. Ní chuirfidh mír 1 bac ar thoirmisc ná ar shrianta ar allmhairí, onnmhairí nó earraí faoi bhealach a bhfuil údar cuí leo ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí nó leis an mbeartas poiblí, chun sláinte agus saol daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint, chun seoda náisiúnta a chosaint a mbaineann luach ealaíne, staire nó seandálaíoch leo, chun acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaithe a chaomhnú nó chun maoin tionscail nó tráchtála a chosaint.
3. Ní fhéadfar áis a bhaint as aon toirmisc nó srianta dá dtagraítear i mír 2 in aon chás le haghaidh idirdhealú treallach ná idirdhealú dochosanta ná srianadh faoi cheilt ar thrádáil.

*Airteagal 46***Bearta arna nglacadh ag OCTanna**

1. Maidir le hallmhairí táirgí de thionscnamh an Aontais, féadfaidh údaráis OCTanna cibé dleachtanna custaim nó srianta cainníochtúla a choinneáil nó a thabhairt isteach a mheasann siad a bheith riachtanach i bhfianaise a riachtanas forbartha faoi seach.
2. Maidir leis na réimsí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, deonóidh OCTanna don Aontas cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí is infheidhme maidir le haon mhórgheilleagar trádála mar a shainítear i mír 4.
3. Ní chuirfidh mír 2 bac ar OCT cóir níos fabhraí ná an chóir a thugtar don Aontas a dheonú do OCTanna áirithe eile nó do thíortha eile i mbéal forbartha.
4. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn ‘mórgheilleagar trádála’ aon tír fhorbartha, nó aon tír lena mbaineann sciar níos mó ná aon faoin gcéad d’onnmhairí marsantais domhanda, nó, gan dochar do mhír 3, aon ghrúpa tíortha a ghníomhaíonn ar bhonn aonair, ar bhonn comhchoiteann nó trí chomhaontú lánpháirtíochta eacnamaíche lena mbaineann sciar níos mó ná 1,5 % d’onnmhairí marsantais domhanda ar bhonn comhchoiteann. Is iad na sonraí oifigiúla is déanaí ón EDT maidir le honnmhaireoirí móra sa trádáil dhomhanda marsantais, gan trádáil laistigh den Aontas a áireamh a úsáidfead don ríomh sin.
5. Cuirfidh údaráis OCTanna in iúl don Choimisiún na taraifí custaim agus na liostaí srianta cainníochtúla a chuireann siad i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Cuirfidh údaráis OCTanna in iúl don Choimisiún freisin aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na bearta sin de réir mar a ghlacfar iad agus nuair a ghlacfar iad.

*Airteagal 47***Neamh-idirdhealú**

1. Ní dhéanfaidh an tAontas idirdhealú idir OCTanna agus ní dhéanfaidh OCTanna idirdhealú idir na Ballstáit.
2. I gcomhréir le hAirteagal 66, ní mheasfar gur idirdhealú é cur chun feidhme na bhforálacha sonracha sa Chinneadh seo, agus go háirithe Airteagal 45(2), Airteagal 46 agus 49, 50 agus 52 agus Airteagal 59(3) de.

*Airteagal 48***Coinníollacha maidir le gluaiseachtaí dramhaíola**

1. Rialófar gluaiseachtaí dramhaíola idir na Ballstáit agus OCTanna i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt<sup>(21)</sup> (Coinbhinsiún Basel) agus dlí an Aontais. Tacóidh an tAontas le comhar idirnáisiúnta éifeachtach a bhunú agus a fhorbairt sa réimse seo d'fhonn an comhshaol agus an tsláinte phoiblí a chosaint.
2. Maidir leis na OCTanna sin nach páirtithe i gCoinbhinsiún Basel iad, de bharr a stádais bhunreachtúil, cuirfidh a n-údaráis ábhartha dlús le glacadh na reachtaíochta inmheánaí agus na rialachán riaracháin is gá chun Coinbhinsiún Basel a chur chun feidhme ina gcríocha faoi seach.
3. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil OCTanna nasctha leo an reachtaíocht inmheánach agus na rialachán riaracháin riachtanacha a chur chun cinn lena nglacadh ag OCTanna chun dlí ábhartha an Aontais maidir le dramhaíl agus loingsithe dramhaíola a chur chun feidhme.
4. Féadfaidh OCT agus an Ballstát a bhfuil sé nasctha leis a nósanna imeachta féin a chur i bhfeidhm maidir le honnmhairiú dramhaíola ó OCT chuig an mBallstát sin. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Ballstát a bhfuil OCT nasctha leis fógra don Choimisiún maidir leis an reachtaíocht is infheidhme chomh maith le haon leasuithe ina dhiaidh sin ar reachtaíocht den sórt sin.

*Airteagal 49***Fabhair a aistarraingt go sealadach**

I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil forais leordhóthanacha amhrais i dtaobh an Cinneadh seo a bheith á chur chun feidhme mar is ceart, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an OCT agus leis an mBallstát lena bhfuil caidreamh speisialta ag OCT, chun cur chun feidhme cuí an Chinnidh seo a áirithiú. Muna dtugann na comhairliúcháin réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo, féadfaidh an tAontas fabhair a aistarraingt go sealadach ón OCT lena mbaineann i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

*Airteagal 50***Bearta coimirce agus faireachais**

Chun cur chun feidhme cuí an Chinnidh seo a áirithiú, féadfaidh an tAontas na bearta coimirce agus faireachais a ghlacadh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

<sup>(21)</sup> IO L 39, 16.2.1993, lch. 3.



## CAIBIDIL 2

**Socrúithe maidir le trádáil i seirbhísí agus maidir le bunaíocht***Airteagal 51***Sainmhínte**

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘duine nádúrtha ó OCT’ duine nádúrtha a mbíonn gnáthchónaí air in OCT agus ar náisiúnach é de Bhallstát nó a bhfuil stádas dlíthiúil aige is sonrath do OCT. Ní dochar an sainmhíniú sin do na cearta a thugtar le saoránacht an Aontais de réir bhrí Airteagal 20 CFAE;
- (b) ciallaíonn ‘duine dlítheanach ó OCT’ duine dlítheanach ó OCT arna bhunú i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme in OCT ar leith, agus a bhfuil a oifig chláráithe, a riarachán lárnach, nó a phríomháit ghnó i gcríoch an OCT sin. I gcás nach mbeidh ach a oifig chláráithe nó a riarachán lárnach ag an duine dlítheanach in OCT, ní mheasfar ina dhuine dlítheanach den OCT sin é, mura mbíonn sé ag gabháil do ghníomhaíocht a bhfuil nasc réadúil leanúnach aici le geilleagar an OCT sin;
- (c) beidh feidhm ag na sainmhínte faoi seach atá leagtha síos sna comhaontuithe lánpháirtíochta eacnamaíche dá dtagraítear in Airteagal 52(1) maidir leis an gcóir a chuirfear i bhfeidhm idir an tAontas agus OCTanna.

*Airteagal 52***An chóir is fabhraí**

1. Maidir le haon bhearta a dhéanann difear don trádáil i seirbhísí agus do bhunaíocht i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha:
  - (a) tabharfaidh an tAontas do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha OCTanna cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí is infheidhme maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha comhchosúla aon tríú tír a dtugann nó ar thug an tAontas comhaontú lánpháirtíochta eacnamaíche i gcrích léi;
  - (b) tabharfaidh OCT do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha an Aontais cóir nach lú fabhar ná an chóir is fabhraí is infheidhme maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha comhchosúla aon gheilleagar mór trádála a bhfuil comhaontú lánpháirtíochta eacnamaíche tugtha i gcrích aige leis tar éis an 1 Eanáir 2014.
2. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí dá bhforáiltear i mír 1 maidir leis an gcóir a thugtar:
  - (a) faoi chuimsiú margadh inmheánach nó comhaontú lánpháirtíochta eacnamaíche lena gceanglaítear ar na páirtithe ann a reachtaíocht a chomhfhogasú go suntasach d’fhonn bacainní neamh-idirdhealaitheacha ar bhunaíocht agus ar thrádáil i seirbhísí a bhaint;
  - (b) faoi bhearta lena bhforáiltear aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí nó do cheadúnais. Ní dochar an méid sin do bhearta sonracha OCTanna faoin Airteagal seo;
  - (c) faoi aon chomhaontú nó comhshocraíocht idirnáisiúnta a bhaineann go hiomlán nó go formhór le cánachas;
  - (d) faoi bhearta a bhaineann tairbhe as cuimsiú díolúine náisiúin barrfhabhair arna liostú i gcomhréir le hAirteagal II.2 de GATS.
3. Ní chuirfidh aon ní sa Chinneadh seo cosc ar an Aontas ná ar OCTanna bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
  - (a) infheisteoirí, taisceoirí, sealbhóirí polasaí nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach ag soláthróir seirbhísí airgeadais orthu a chosaint; nó
  - (b) sláine agus cobhsaíocht chóras airgeadais Páirtí a áirithiú.
4. Féadfaidh údarais OCT rialacháin a ghlacadh d’fhonn fostaíocht áitiúil a chur chun cinn nó tacú léi, chun cabhrú lena ndaoine nádúrtha agus lena ngníomhaíochtaí áitiúla. Tabharfaidh údarais OCT fógra don Choimisiún sa chás sin faoi na rialacháin a ghlacfaidh siad ionas go bhféadfaidh sé na Ballstáit a chur ar an eolas ina leith.

## TEIDEAL III

## RÉIMSÍ A BHAINNEANN LE TRÁDÁIL

## CAIBIDIL 1

**Trádáil agus forbairt inbhuanaithe**

## Airteagal 53

**Cur chuige ginearálta**

Tá an trádáil agus an comhar a bhaineann le trádáil faoin gcomhlachas dírithe ar rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe ina gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Sa chomhthéacs sin, ní ísleofar dlíthe nó rialacháin intíre OCTanna, a bhaineann le cúrsaí comhshaoil nó saothair, chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

## Airteagal 54

**Caighdeáin chomhshaoil agus caighdeáin um an athrú aeráide sa trádáil**

1. Is é is aidhm don trádáil agus don chomhar a bhaineann le trádáil faoin gcomhlachas feabhas a chur ar an gcomhthacaíocht idir beartais agus oibleagáidí trádála agus comhshaoil. Chun na gcríoch sin, cuirfear san áireamh sa chomhar a bhaineann le trádáil faoin gcomhlachas prionsabail an rialachais idirnáisiúnta comhshaoil agus na gcomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha.
2. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar a bhaineann le trádáil tacú le cuspóirí deiridh an UNFCCC agus le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras. Féadfaidh comhar maidir le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile a bhaineann le trádáil a bheith dá thoradh freisin, amhail an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol <sup>(22)</sup>.

## Airteagal 55

**Caighdeáin saothair sa trádáil**

1. Tá sé mar aidhm ag an gcomhlachas an trádáil a chur chun cinn ar bhealach a chabhróidh le lánfhostaíocht tháirgiúil agus le hobair chuibhiúil do chách.
2. Déanfar na croíchaighdeáin saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta, mar a shainítear i gcoinbhinsiúin ábhartha (ILO), a urramú agus a chur chun feidhme sa dlí agus sa chleachtas. Ar na caighdeáin saothair sin tá, go háirithe, urraim don tsaoirse comhlachais, ceart chun cómhargála, gach cineál saothar éignithe nó éigeantach a chur ar ceal, na cineálacha saothar leanaí is measa a dhíothú, an aois íosta iontrála d'fhostaíocht agus neamh-idirdhealú maidir le fostaíocht. Áiritheoidh OCTanna cigireacht saothair éifeachtach, bearta éifeachtacha maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde, ar comhréir le coinbhinsiúin EIS ábhartha agus dálaí oibre cuibhiúla do chách.

## Airteagal 56

**Trádáil inbhuanaithe i dtáirgí iascaigh**

Féadfaidh comhar a bheith ar áireamh sa chomhlachas chun bainistiú inbhuanaithe stoc éisc a chur chun cinn, agus chun hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte agus trádáil ghaolmhar a chomhrac. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcomhar sa réimse seo:

- (a) comhar a éascú idir OCTanna agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, go háirithe maidir le forbairt agus cur chun feidhme éifeachtach a dhéanamh ar scéimeanna rialaithe agus cigireachta, dreasachtaí agus bearta chun bainistiú éifeachtach fadtéarmach a dhéanamh ar iascaigh agus ar éiceachórais mhuirí;
- (b) cur chun feidhme beart a chur chun cinn chun hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte in OCTanna, agus trádáil ghaolmhar, a chomhrac.

<sup>(22)</sup> IO L 75, 19.3.2015, lch. 4.

*Airteagal 57***Trádáil inbhuanaithe adhmaid**

I gcreat an chomhlachais, is é is aidhm don chomhar i réimse na trádála adhmaid, an trádáil in adhmaid arna lománú go dleathach a chur chun cinn. Féadfar a áireamh sa chomhar sin idirphlé maidir le bearta rialála chomh maith le malartú faisnéise maidir le bearta margadhbhuanaithe nó deonacha amhail deimhniú foraoisí nó beartais maidir le soláthar glas.

*Airteagal 58***Trádáil agus forbairt inbhuanaithe**

1. Féadfar, i gcreat an chomhlachais, comhar i réimse na trádála agus na forbartha inbhuanaithe a shaothrú trí na bearta seo a leanas:

- (a) trádáil agus infheistíocht in earraí agus seirbhísí comhshaoil a éascú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear trí reachtaíocht áitiúil a mhionsaothrú agus a chur chun feidhme, agus sna hearraí sin a rannchuidíonn le feabhas a chur ar dhálaí sóisialta in OCTanna;
- (b) éascú a dhéanamh ar dheireadh a chur le constaicí ar thrádáil nó ar infheistíocht maidir le hearraí agus seirbhísí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo don mhaolú ar an athrú aeráide, amhail fuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear trí chreataí beartais a ghlacadh a chabhróidh le húsáid na dteicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil agus trí chaighdeán a chur chun cinn a fhreagróidh do riachtanais chomhshaoil agus eacnamaíocha agus a íoslghdaíonn constaicí teicniúla ar thrádáil;
- (c) trádáil in earraí a chur chun cinn a rannchuidíonn le dálaí sóisialta feabhsaithe agus le cleachtais atá fóna ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear earraí is ábhar do scéimeanna dearbhaithe inbhuanaithe deonacha amhail scéimeanna trádála córa eiticiúla, éicilipéid, agus scéimeanna deimhniúcháin do tháirgí atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha;
- (d) prionsabail agus treoirlínte a aithnítear go hidirnáisiúnta a chur chun cinn i réimse an iompair fheagraigh gnó agus i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí, cuideachtaí atá ag feidhmiú ar chríoch OCTanna a spreagadh chun iad a chur chun feidhme agus faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú;
- (e) Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn agus na na SDGanna gaolmhara a chur chun feidhme.

2. Agus bearta á ndearadh agus á gcur chun feidhme atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil nó dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil nó d'infheistíocht, cuirfidh an tAontas agus OCTanna an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil atá ar fáil san áireamh, mar aon le caighdeán, treoirlínte nó moltaí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear prionsabal an réamhchúraithe.

3. Cuirfidh an tAontas agus OCTanna trédhearcacht iomlán i bhfeidhm chun aon bhearta a fhorbairt, a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil agus na ndálaí saothair a dhéanann difear don trádáil nó d'infheistíocht.

*CAIBIDIL 2***Saincheisteanna eile a bhaineann le trádáil***Airteagal 59***Íocaíochtaí reatha agus gluaiseachtaí caipitil**

1. Ní fhorchuirfear aon srianta ar aon íocaíochtaí in airgeadra inmhalartaithe go héasca ar chuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí idir cónaitheoirí an Aontais agus cónaitheoirí OCTanna.

2. Maidir le hidirbhearta ar chuntas caipitil chomhardú na n-íocaíochtaí, áiríteoidh na Ballstáit agus údarás OCTanna saorghluaiseacht chaipitil a bhaineann le hinfeistíochtaí díreacha i gcuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit óstaigh, na tíre óstaí nó na críche óstaí agus áiríteoidh siad gur féidir na sócmhainní arna bhfoirmiú leis an infheistíocht sin agus aon bhrabús as an infheistíocht sin a réadú agus a aisdúichiú.

3. Beidh an tAontas agus OCTanna i dteideal na bearta dá dtagraítear in Airteagail 64, 65, 66, 75, 143, 144 agus 215 CFAE a dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos iontu *mutatis mutandis*.
4. Cuirfidh údarais OCT, an Ballstát lena mbaineann nó an tAontas a chéile ar an eolas láithreach faoi aon bearta den sórt sin agus cuirfidh siad amchlár lena ndíothú isteach a luaithe is féidir.

#### Airteagal 60

##### **Beartais iomaíochta**

Agus aird chuí á tabhairt acu ar a leibhéal éagsúla forbartha agus riachtanas eacnamaíochta, déanfaidh OCTanna dlí nó beartais a ghlacadh nó a choimeád ar bun nó beidh siad faoi réir dlí nó beartas a mbeidh an méid seo a leanas mar aidhm leo:

- (a) cosc agus toirmeasc a chur ar chomhaontuithe cothrománacha agus ingearacha idir gnóthais, ar chinntí ag comhlachais ghnóthas agus ar chleachtais chomhbheartaithe arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh go suntasach;
- (b) mí-úsáid ceannasachta ag gnóthas amháin nó níos mó a chosc agus a thoirmeasc;
- (c) comhchruinnithe idir gnóthais a chosc agus a thoirmeasc a chuirfeadh bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach, go háirithe mar thoradh ar cheannasacht a chruthú nó a neartú; agus
- (d) trédhearcacht maidir le fóirdheontais arna ndeónú ag OCTanna i ndáil le hearraí a bhfuil tionchar diúltach suntasach acu ar an trádáil nó ar an infheistíocht idir an tAontas agus OCT.

#### Airteagal 61

##### **Cosaint cearta maoine intleachtúla**

1. Áiríteofar leibhéal leordhóthanach éifeachtach cosanta ar chearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear modhanna chun na cearta sin a fhorfheidhmiú, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, i gcás inarb iomchuí, d'fhonn saobhadh agus baic ar thrádáil dhéthaobhach a laghdú.
2. I gcreat an chomhlachais, féadfaidh comhar sa réimse seo a bheith bainteach le dlíthe agus rialacháin a ullmhú maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú, maidir le cosc a chur ar shealbhóirí cirt na cearta sin a mhí-úsáid agus maidir le sárú na gcearta sin ag iomaitheoirí agus maidir le tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí réigiúnacha maoine intleachtúla a bhfuil baint acu le forfheidhmiú agus le cosaint, lena n-áirítear oiliúint a chur ar phearsanra.

#### Airteagal 62

##### **Tásca geografacha a chosaint**

Aithníonn an tAontas agus OCTanna a thábhachtaí atá Tásca Geografacha don talmhaíocht inbhuanaithe agus d'fhorbairt na tuaithe. Áiríteoidh siad go ndéanfar tásca geografacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú go cuí agus comhoibreoidh siad chun córais tasc geografach níos éifeachtaí a fhorbairt a thuilleadh. Malartóidh siad faisnéis freisin maidir le forbairt reachtacha agus beartais ar thásca geografacha.

#### Airteagal 63

##### **Bacainní teicniúla ar an trádáil**

Féadfaidh comhar i réimsí na rialála teicniúla maidir le hearraí, caighdeánú, measúnú comhréireachta, creidiúnú, faireachas margaidh agus dearbhú cáilíochta a bheith san áireamh ag an gcomhlachas d'fhonn deireadh a chur le bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar thrádáil idir an tAontas agus OCTanna agus d'fhonn difríochtaí sna réimsí sin a laghdú.

*Airteagal 64***Beartas tomhaltóirí, cosaint sláinte tomhaltóirí agus trádáil**

I gcreat an chomhlachais, féadfar a áireamh sa chomhar i réimse an bheartais tomhaltóirí, chosaint sláinte tomhaltóirí agus na trádála dlíthe agus rialacháin a ullmhú i réimse an bheartais tomhaltóirí agus chosaint sláinte tomhaltóirí, d'fhonn bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil a sheachaint.

*Airteagal 65***Bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta**

I gcreat an chomhlachais, is é is aidhm don chomhar i réimse na mbearta sláintíochta agus fiteashláintíochta:

- (a) trádáil a éascú idir an tAontas agus OCTanna ina n-iomláine agus idir OCTanna agus tríú tíortha, agus beatha nó sláinte an duine, ainmhithe agus plandaí a choimirciú ag an am céanna i gcomhréir le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Bearta Sláintíochta agus Fiteashláintíochta a Chur i bhFeidhm ('Comhaontú SPS EDT');
- (b) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a eascraíonn as bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta agus a bhaineann le trádáil;
- (c) trédhearcacht a áirithiú maidir le bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta is infheidhme maidir le trádáil idir an tAontas agus OCTanna;
- (d) comhchuibhiú beart le caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn, i gcomhréir le Comhaontú SPS EDT;
- (e) tacú le rannpháirtíocht éifeachtach na OCTanna in eagraíochtaí a leagann síos caighdeáin idirnáisiúnta sláintíochta agus fiteashláintíochta;
- (f) comhairliúchán agus malartuithe idir OCTanna agus institiúidí agus saotharlanna Eorpacha a chur chun cinn;
- (g) acmhainn theicniúil OCTanna a bhunú agus a fheabhsú chun bearta sláintíochta agus fiteashláintíochta a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu;
- (h) aistriú teicneolaíochta agus mearmhalartú faisnéise a chur chun cinn i réimse na mbearta sláintíochta agus fiteashláintíochta.

*Airteagal 66***Bearta cosantacha a thoirmeasc**

Ní úsáidfead forálacha Chaibidil 1 agus na Caibidil seo chun idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar thrádáil.

*CAIBIDIL 3***Ábhair airgeadaíochta agus cánach***Airteagal 67***Scagadh amach cánach**

1. Gan dochar d'Airteagal 68, ní bheidh feidhm ag cóir na náisiún barrfhabhair a dheonaítear i gcomhréir leis an gCinneadh seo maidir le buntáistí cánach atá á soláthar ag na Ballstáit nó ag údaráis OCTanna nó a d'fhéadfadh a bheith á soláthar acu amach anseo ar bhonn comhaontuithe chun an cánachas dúbailte nó socruithe cánach eile a sheachaint, ná maidir le reachtaíocht chánach intíre atá i bhfeidhm.

2. Ní fhéadfar aon ní sa Chinneadh seo a fhorléiriú ionas go gcoiscfead aon beart a ghlacadh nó a fhorghníomhú chun calaois chánach nó seachaint nó imghabháil cánach a chosc de bhun forálacha cánach comhaontuithe chun cánachas dúbailte nó socruithe cánach eile, nó reachtaíocht chánach intíre atá i bhfeidhm, a sheachaint.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chinneadh seo ionas go gcoiscfear ar na húdaráis inniúla faoi seach idirdhealú a dhéanamh, le linn dóibh forálacha ábhartha a reachtaíochta cánach a bheith á gcur i bhfeidhm acu, idir cáinócóirí nach bhfuil sa chor céanna, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe, nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe.

#### Airteagal 68

### Socruithe cánach agus custaim le haghaidh conarthaí arna gcistiú ag an Aontas

1. Maidir le conarthaí arna gcistiú ag an Aontas feidhmeoidh OCT socruithe cánach agus custaim nach lú fabhar ná na cinn a fheidhmíonn siad maidir leis an mBallstát a bhfuil an OCT nasctha leis nó maidir leis na stáit a dtugtar cóir na náisiún barrfhabhair dóibh, nó maidir le heagraíochtaí forbartha idirnáisiúnta a mbíonn caidreamh aige leo, cibé cóir is fabhraí.
2. Gan dochar do mhír 1, beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas maidir le conarthaí arna gcistiú ag an Aontas:
  - (a) ní bheidh dleachtanna stampa ná dleachtanna clárúcháin inmhuirir ar an gconradh san OCT is tairbhí, ná ní bheidh muirir fhioscacha chomhéifeachta inmhuirir, cibé an ann cheana do na muirir sin nó an bhfuiltear lena dtionscnamh amach anseo; mar sin féin, clárófar na conarthaí sin i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm san OCT sin agus féadfar táille a mhuirearú, a chomhfhreagraíonn don tseirbhís a tugadh;
  - (b) beidh brabúis agus/nó ioncam a eascraíonn as feidhmiú conarthaí inchánach de réir shocruithe fhioscacha inmheánacha an OCT is tairbhí, ar choinníoll go bhfuil buanáit ghnó ag na daoine nádúrtha nó na daoine dlítheanacha a dhéanann an brabús nó an t-ioncam sin a réadú san OCT sin, nó go nglacann sé níos faide ná 6 mhí an conradh a fheidhmiú;
  - (c) bainfidh daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a chaithfidh trealamh a allmhairiú chun conarthaí oibreacha a chomhlíonadh leas, má iarrann siad amhlaidh, as córas an ligin isteach shealadaigh i ndáil leis an trealamh sin, mar a leagtar síos le reachtaíocht atá i bhfeidhm san OCT is tairbhí;
  - (d) maidir le trealamh gairmiúil atá riachtanach chun cúraimí a chur i gcrích a shainítear i gconradh seirbhíse, déanfar é a ligean isteach go sealadach san OCT is tairbhí saor ó dhleachtanna fhioscacha, allmhairiúcháin agus custaim agus ó mhuirir chomhéifeachta eile i gcás nach luach saothair na dleachtanna agus na muirir sin as seirbhísí a tugadh;
  - (e) ceadófar allmhairí faoi chonarthaí soláthair isteach san OCT is tairbhí gan dleachtanna custaim, dleachtanna allmhairiúcháin, cánacha ná muirir fhioscacha chomhéifeachta. Déanfar an conradh le haghaidh soláthairtí de thionscnamh an OCT lena mbaineann a chur i gcrích ar bhonn phraghas na soláthairtí díreach ón monarcha, ar féidir cibé muirir fhioscacha inmheánacha a bheidh infheidhme maidir leis na soláthairtí sin san OCT a chur leis;
  - (f) breoslaí, bealaí agus ceanglóirí hidreacarbóin agus gach ábhair a úsáidtear i bhfeidhmiú conarthaí oibreacha, measfar iad a bheith ceannaithe ar an margadh áitiúil agus beidh siad faoi réir na rialacha fhioscacha is infheidhme faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm san OCT is tairbhí;
  - (g) earraí pearsanta agus earraí tí a allmhairíofar lena n-úsáid ag daoine nádúrtha seachas iad siúd a earcófar go háitiúil, a bheidh ag gabháil do chúraimí a shaineofar i gconradh seirbhíse agus ag daoine dá dteaghlach, beidh siad díolmhaithe ó dhleachtanna custaim nó allmhairiúcháin, ó chánacha agus ó mhuirir fhioscacha chomhéifeachta eile, laistigh de theorainneacha na reachtaíochta atá i bhfeidhm san OCT lena mbaineann.
3. Aon ábhar conarthach nach gcumhdaítear le míreanna 1 agus 2, fanfaidh sé faoi réir reachtaíocht atá i bhfeidhm san OCT lena mbaineann.

## CAIBIDIL 4

**Forbairt acmhainneachtaí trádála**

## Airteagal 69

**Cur chuige ginearálta**

D'fhonn a áirithiú go mbaineann OCTanna an tairbhe is mó is féidir as an gCinneadh seo agus go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach faoi na dálaí is fearr is féidir i margadh inmheánach an Aontais chomh maith le margaí réigiúnacha, foréigiúnacha agus idirnáisiúnta, tá sé d'aidhm ag an gcomhlachas rannchuidiú le forbairt acmhainneachtaí trádála OCTanna tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) iomaíochas, féintuilleamaí agus athléimneacht eacnamaíoch OCTanna a mhéadú, trí raon trádála OCTanna in earraí agus seirbhísí a éagsúlú agus trí luach agus méid a dtrádála in earraí agus seirbhísí a mhéadú agus trí chumas OCTanna a neartú chun infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh in earnálacha éagsúla den ghníomhaíocht eacnamaíoch;
- (b) feabhas a chur ar an gcomhar trádála in earraí, i seirbhísí agus i mbunaíocht idir OCTanna agus tíortha comharsanacha.

## Airteagal 70

**Idirphlé trádála, comhar agus forbairt acmhainneachtaí**

I gcreat an chomhlachais, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh san idirphlé trádála, sa chomhar agus i dtionscnaimh forbartha acmhainneachtaí:

- (a) acmhainneachtaí OCTanna a neartú chun beartais a shainiú agus a chur chun feidhme atá riachtanach d'fhorbairt na trádála in earraí agus seirbhísí;
- (b) iarrachtaí OCTanna a spreagadh chun creata dlíthiúla, rialála agus institiúideacha iomchuí a chur ar bun mar aon leis na nósanna imeachta riaracháin is gá;
- (c) forbairt na hearnála príobháidí a chur chun cinn, go háirithe FBManna;
- (d) forbairt margaidh agus táirgí a éascú, lena n-áirítear feabhas ar cháilíocht táirgí;
- (e) rannchuidiú le forbairt acmhainní daonna agus scileanna gairmiúla a bhaineann le trádáil in earraí agus i seirbhísí;
- (f) feabhas a chur ar an acmhainneacht a bhíonn ag idirghabhálaithe gnó seirbhísí a sholáthar d'fhiontair in OCTanna, ar seirbhísí iad a bhaineann lena ngníomhaíochtaí onnmhairiúcháin, amhail faisnéis mhargaidh;
- (g) rannchuidiú le timpeallacht ghnó a chruthú a chabhródh le hinfeistíocht.

## CAIBIDIL 5

**Comhar i réimse na seirbhísí airgeadais agus in ábhair cánachais**

## Airteagal 71

**Comhar maidir le seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta**

D'fhonn cobhsaíocht, sláine agus trédhearcacht an chórais airgeadais dhomhanda a chur chun cinn, féadfaidh comhar maidir le seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a bheith ina chuid den chomhlachas. Féadfaidh an comhar sin an méid seo a leanas a chlúdach:

- (a) cosaint éifeachtach leordhóthanach a sholáthar d'infheisteoirí agus do thomhaltóirí eile seirbhísí airgeadais;
- (b) sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac;

- (c) comhar a chur chun cinn idir gníomhaithe éagsúla an chórais airgeadais, lena n-áirítear rialtóirí agus maoirseoirí;
- (d) sásraí neamhspleácha éifeachtacha a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí airgeadais.

#### Airteagal 72

### Caighdeáin idirnáisiúnta i seirbhísí airgeadais

1. Déanfaidh an tAontas agus OCTanna a ndícheall chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme agus go gcuirfear i bhfeidhm ina gcríoch na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le rialáil agus maoirseacht in earnáil na seirbhísí airgeadais agus do chomhrac na himghabhála cánach agus na seachanta cánach. Ar na caighdeáin sin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta tá, *inter alia*, 'Croíphrionsabail do mhaoirseacht baincéireachta éifeachtach' (Coiste Basel), 'Croíphrionsabail Árachais' (an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais), 'Cuspóirí agus Prionsabail maidir le Rialáil Urrús' (an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO)), Comhaontú um malartú faisnéise maidir le hábhair cánach (ECFE), 'Trédhearcacht agus malartú faisnéise chun críocha cánachais' (G20), 'Príomhthréithe córas éifeachtach imréitigh do bhonneagair margaidh airgeadais' (an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais).
2. Déanfaidh OCTanna creat dlíthiúil a ghlacadh nó a choimeád ar bun chun úsáid a gcóras airgeadais chun críche sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus aird ar leith á tabhairt ar ionstraimí comhlachtaí idirnáisiúnta atá gníomhach sa réimse sin, amháil 'Caighdeáin Idirnáisiúnta um Sciúradh Airgid agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Leathadh a Chomhrac – Moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (Moltaí FATF)'.
3. I gcás ina n-eiseoidh an Coimisiún Cinntí lena n-údaraitear do Bhallstát comhaontú a thabhairt i gcrích le OCT maidir le haistriú cistí idir an OCT sin agus an Ballstát lena bhfuil sé nasctha, déileálfar leis an aistriú sin mar aistriú cistí laistigh den Aontas faoi Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(23)</sup> agus comhlíonfaidh an OCT sin téarmaí an Rialacháin sin.
4. Ní dochar an tAirteagal seo d'Airteagal 155 den Rialachán Airgeadais.

#### Airteagal 73

### Comhar in ábhair cánachais

Aithneoidh an tAontas agus OCTanna prionsabail an dea-rialachais i réimse an chánachais, lena n-áirítear na caighdeáin dhomhanda atá i bhfeidhm maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, cánachas cothrom mar aon leis na caighdeáin íosta atá dírithe ar chreimeadh an bhoinn cánach agus aistriú brabúis a chomhrac, agus gabhfaidh siad orthu féin a chur chun feidhme. Cuirfidh siad dea-rialachas in ábhair cánach chun cinn, feabhsóidh siad an comhar idirnáisiúnta i réimse an chánachais agus éascóidh siad bailiú an ioncaim ó chánacha.

<sup>(23)</sup> Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistríthe cistí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).



## CUID IV

**COMHAR AIRGEADAIS**

## CAIBIDIL 1

**Prionsabail***Airteagal 74***Acmhainní airgeadais**

Rannchuideoidh an tAontas le gnóthú chuspóirí foriomlána an chomhlachais trí na nithe seo a leanas a sholáthar:

- (a) acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus cúnamh teicniúil iomchuí atá dírithe ar acmhainneachtaí OCTanna a neartú chun creata rialála straitéiseacha a cheapadh agus a chur chun feidhme;
- (b) maoiniú fadtéarmach chun fás na hearnála príobháidí a chur chun cinn;
- (c) i gcás inarb iomchuí, féadfaidh Cláir eile de chuid an Aontais rannchuidiú le gníomhaíochtaí a bunaíodh faoin gCinneadh seo, ar choinníoll nach iad na costais chéanna atá á gcumhdach ag na ranníocaíochtaí. Féadfaidh an Cinneadh seo rannchuidiú le bearta a bunaíodh faoi Chláir eile de chuid an Aontais freisin, ar choinníoll nach iad na costais chéanna atá á gcumhdach ag na ranníocaíochtaí. Sna cásanna sin, leagfar síos sa chláir oibre lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí sin cén tacar rialacha is infheidhme.

*Airteagal 75***Buiséad**

1. Is EUR 500 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh cur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021-2027.
2. Maidir le dáileadh tásach an mhéid dá dtagraítear i mír 1, déanfar é a mhionsonrú mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn I.
3. Ní dochar an méid dá dtagraítear i mír 1 do chur i bhfeidhm na bhforálacha lena bhforáiltear do sholúbthacht i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle <sup>(24)</sup>, Rialachán (AE) 2021/947 agus sa Rialachán Airgeadais.
4. Is iad na glan-athshreabha carnacha a eascraíonn as Saoráid Infheistíochta OCT a leagtar amach in Airteagal 3(3) d'Iarscríbhinn IV de Chinneadh 2013/755/AE a bheidh ina n-ioncam seachtrach sannta chun an ciste neamh-leithdháilte dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo a bhreisiú ón tráth a bheidh fáil orthu. Gan dochar do na cinntí atá le déanamh i ndáil leis na Creataí Airgeadais Ilbhliantúla ina dhiaidh sin, i ndiaidh an 31 Nollaig 2027, agus go dtí go n-ídeofar iad, beidh na glan-athshreabha carnacha ina ranníocaíochtaí don chéad ionstraim airgeadais eile de chuid OCT a chuirfear in ionad na hionstraime seo.

*Airteagal 76***Sainmhínte**

Chun críocha na Coda seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'cabhair in-chlársceidealta' cabhair neamh-inaisíochta a leithdháiltear ar OCTanna chun straitéisí críochacha, réigiúnacha agus idir-réigiúnacha a mhaoiniú nuair is infheidhme, nó chun tosaíochtaí a mhaoiniú a leagtar amach i ndoiciméid chlársceidealaithe;

<sup>(24)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

- (b) ciallaíonn ‘clársceidealú’ an próiseas eagrúcháin, cinnteoireachta agus leithdháileadh acmhainní táscacha airgeadais lena bheartaítear, ar bhonn ilbhliantúil agus i réimse dá dtagraítear i gCuid II, an ghníomhaíocht a chur chun feidhme chun cuspóirí an chomhlachais a bhaint amach maidir le forbairt inbhuanaithe OCTanna;
- (c) ciallaíonn ‘doiciméad clársceidealaithe’ an doiciméad ina sonraítear straitéis, tosaíochtaí agus socruithe OCT agus lena n-aistrítear cuspóirí agus spriocanna OCT dá fhorbairt inbhuanaithe ar bhealach éifeachtach éifeachtúil chun cuspóirí an chomhlachais a shaothrú;
- (d) ciallaíonn ‘pleananna forbartha’ sraith chomhleanúnach oibríochtaí arna sainiú agus arna maoiniú go heisiach ag OCTanna faoi chuimsiú a mbeartas agus a straitéisí forbartha féin, agus na cinn a comhaontaíodh idir OCT agus an Ballstát lena bhfuil sé nasctha;
- (e) ciallaíonn ‘leithdháileadh críochach’ an méid a leithdháiltear ar gach OCT ar leith mar chabhair in-chlársceidealta chun na straitéisí agus tosaíochtaí críochacha a mhaoiniú a leagtar amach sna doiciméid chlársceidealaithe;
- (f) ciallaíonn ‘leithdháileadh réigiúnach’ an méid a leithdháiltear i gcomhréir le hAirteagal 84(1), mar chabhair in-chlársceidealta chun na straitéisí nó tosaíochtaí comhair réigiúnacha a mhaoiniú a leagtar amach sna doiciméid chlársceidealaithe;
- (g) ciallaíonn ‘leithdháileadh idir-réigiúnach’ méid, laistigh den leithdháileadh réigiúnach, a leithdháiltear i gcomhréir le hAirteagal 84(2) mar chabhair in-chlársceidealta chun na straitéisí agus tosaíochtaí comhair idir-réigiúnacha a mhaoiniú a leagtar amach sna doiciméid chlársceidealaithe.

#### *Airteagal 77*

### **Prionsabail an chomhair airgeadais**

1. Bunófar cúnaimh airgeadais an Aontais ar na prionsabail seo a leanas: comhpháirtíocht, úinéireacht, ailíniú le córais chríochacha, comhlántacht agus coimhdeacht.
2. Féadfaidh oibríochtaí a chistítear faoi chuimsiú an Chinnidh seo a bheith i bhfoirm cabhair in-chlársceidealta nó cabhair neamh-in-chlársceidealta.
3. Maidir le cúnaimh airgeadais ón Aontas:
  - (a) cuirfear chun feidhme é ag féachaint go cuí ar shaintréithe geografacha, sóisialta agus cultúrtha OCTanna faoi seach, mar aon le cumas gach ceann acu;
  - (b) áiritheofar go dtabharfar na sreafaí acmhainní ar bhonn intuatha rialta;
  - (c) beidh sé solúbtha agus in oiriúint do staid gach OCT ar leith; agus
  - (d) seolfar é i lánchomhlíonadh chumhachtaí institiúideacha, dlíthiúla agus airgeadais faoi seach gach ceann de na comhpháirtithe.
4. Beidh údarás an OCT lena mbaineann freagrach as oibríochtaí a chur chun feidhme gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú in úsáid chistí an Aontais.

#### CAIBIDIL 2

### **Forálacha sonracha maidir leis an gComhar airgeadais**

#### *Airteagal 78*

### **Ábhar agus raon feidhme**

Faoi chuimsiú na straitéise agus na dtosaíochtaí arna mbunú ag an OCT lena mbaineann ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach, féadfar tacaíocht airgeadais a thabhairt dóibh seo a leanas:

1. beartais agus athchóirithe earnála chomh maith le tionscadail atá comhleanúnach leo;
2. forbairt institiúideach, fothú acmhainneachta agus lánpháirtiú gnéithe comhshaoil; agus
3. cúnaimh teicniúil.

*Airteagal 79***Forbairt acmhainneachta**

1. Féadfaidh cúnamh airgeadais rannchuidiú, i measc nithe eile, le tacaíocht, , a thabhairt do OCTanna na hacmhainneachtaí a fhorbairt atá riachtanach chun straitéisí agus gníomhaíochtaí críochacha agus/nó réigiúnacha a shainiú agus a chur chun feidhme, agus faireachán a dhéanamh orthu d'fhonn cuspóirí ginearálta na réimsí comhair a bhaint amach a luaitear i gCodanna II agus III.
2. Tacóidh an tAontas le hiarrachtaí OCTanna sonraí staidrimh iontaofa a fhorbairt maidir leis na réimsí sin, lena n-áirítear obair leantach a áirithiú maidir le cur chun feidhme na SDGanna.
3. Féadfaidh an tAontas tacú le OCTanna ina gcuid iarrachtaí feabhas a chur ar inchomparáideacht a gcuid táscairí maicreacnamaíocha, go háirithe chun an anailís ar OTlanna OCTanna a éascú.

*Airteagal 80***Cúnamh teicniúil**

1. Ar thionscnamh an Choimisiúin, féadfar caiteachas tacaíochta a chumhdach le maoiniú ón Aontas le haghaidh cur chun feidhme an Chinnidh seo agus a chuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear an tacaíocht riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, measúnú leantach, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta is gá le haghaidh cur chun feidhme dá leithéid, mar aon le caiteachas ag an gceannáras agus ag toscaireachtaí an Aontais ar an tacaíocht riaracháin is gá le haghaidh an chlár, agus chun na hoibríochtaí a mhaoineítear faoin gCinneadh seo a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faisnéise agus chumarsáide agus córais faisnéise agus teicneolaíochta chorparáideacha.
2. Ar thionscnamh OCTanna, féadfar staidéir nó bearta cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear tacaíocht fhadtéarmach, a mhaoiniú maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá sceidealaithe sna doiciméid chlársceidealaithe. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh an ghníomhaíocht sin a mhaoiniú ón gcabhair in-chlársceidealta nó ón imchlúdach a cuireadh in áirithe do bhearta comhair theicniúil.

## CAIBIDIL 3

***An comhar airgeadais a chur chun feidhme****Airteagal 81***Prionsabal ginearálta**

Mura sonraítear a mhalairt, cuirfear an cúnamh airgeadais ón Aontas chun feidhme i gcomhréir leis an gCinneadh seo, leis an Rialachán Airgeadais agus, de réir mar is iomchuí, leis na caibidlí seo a leanas de Theideal II de Rialachán (AE) 2021/947:

- Caibidil I cé is moite d'Airteagail 10, 11, 13, 14(3), 14(4), 15, Airteagal 16 (1) go (4), agus Airteagal 17,
- Caibidil III cé is moite d'Airteagal 25(1), 25(2)(a), (b) agus (c) agus 25(3), agus
- Caibidil V cé is moite d'Airteagail 41(1), 41(4), 41(6), 41(7), 41(9) agus 42(4).

*Airteagal 82***Clár ilbhliantúla tháscacha, pleananna gníomhaíochta agus bearta a ghlacadh**

Glacfaidh an Coimisiún, faoin gCinneadh seo, i bhfoirm 'doiciméid chlárúcháin aonair', clár ilbhliantúla tháscacha dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/947.

Féadfar a chur san áireamh sna doiciméid chlársceidealaithe aonair na pleananna forbartha críochaí nó pleananna eile arna gcomhaontú idir OCTanna agus na Ballstáit a bhfuil nasc acu leo.

Déanfar na doiciméid chlárlúcháin aonair sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 90(5) den Chinneadh seo. Beidh feidhm ag an nós imeachta sin freisin maidir le hathbhreithnithe a bhfuil d'éifeacht acu modhnú suntasach a chur ar ábhar an chláir ilbhliantúil tháscaigh.

Féadfar pleananna gníomhaíochta agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/947 a ghlacadh ar leithligh ó na cláir ilbhliantúla tháscacha agus glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 90(5) den Chinneadh seo. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta sin maidir le cásanna dá dtagraítear i bpointe d de mhír 2 d'Airteagal 25(2)(d) de Rialachán (AE) 2021/947.

### Airteagal 83

#### Incháilitheacht i gcomhair maoiniú críochach

1. Beidh údarais phoiblí OCTanna incháilithe i gcomhair cibé tacaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chinneadh seo.
2. Faoi réir chomhaontú údarais na OCTanna lena mbaineann, beidh na heintitis agusna comhlachtaí seo a leanas incháilithe freisin i gcomhair cibé tacaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chinneadh seo:
  - (a) gníomhaireachtaí poiblí nó leathphoiblí áitiúla, náisiúnta nó réigiúnacha, ranna nó údarais áitiúla OCTanna agus go háirithe a n-institiúidí airgeadais agus a mbainc forbartha;
  - (b) cuideachtaí agus gnóthaí OCTanna agus de chuid grúpaí réigiúnacha;
  - (c) cuideachtaí agus gnóthaí Ballstáit, chun a chumasú dóibh, de bhreis ar a rannchuidiú féin, tabhairt faoi thionscadail tháirgiúla i gcríoch OCT;
  - (d) OCTanna nó idirghabhálaithe airgeadais de chuid an Aontais a dhéanann infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn agus a mhaoiniú in OCTanna; agus
  - (e) gníomhaithe an chomhair dhíláraithe agus gníomhaithe neamhrialtasacha eile ó OCTanna agus ón Aontas, chun a chumasú dóibh tabhairt faoi thionscadail agus cláir eacnamaíocha, chultúrtha, shóisialta agus oideachais in OCTanna faoi chuimsiú an chomhair dhíláraithe, dá dtagraítear in Airteagal 12.

### Airteagal 84

#### Incháilitheacht i gcomhair maoiniú réigiúnach

1. Féadfar leithdháileadh réigiúnach a úsáid le haghaidh oibríochtaí a ghnóthaíonn tairbhe don mhéid seo, agus lena mbaineann:
  - (a) dhá OCT nó níos mó, beag beann ar a suíomh; nó
  - (b) OCTanna agus an tAontas ina iomláine; nó
  - (c) dhá chomhlacht réigiúnacha nó níos mó a bhfuil OCTanna ina gcomhaltaí dóibh; nó
  - (d) dhá OCT nó níos mó beag beann ar a suíomh agus ceann amháin, ar a laghad, dóibh seo a leanas:
    - (i) ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;
    - (ii) Stát ACC amháin nó níos mó agus/nó Stát nó críoch amháin nó níos mó nach stát nó críoch ACC é/iad <sup>(25)</sup>;
    - (iii) comhlacht réigiúnach amháin nó níos mó nó comhlachas réigiúnach amháin nó níos mó a bhfuil OCTanna ina gcomhaltaí dóibh;
    - (iv) eintiteas amháin nó níos mó, údarás amháin nó níos mó nó comhlacht eile amháin nó níos mó ó OCT amháin, ar a laghad, ar comhaltaí EGTC iad i gcomhréir le hAirteagal 8.

Chun críocha phointí (a) agus (d), measfar gur dhá OCT ar leithligh iad Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince, mar gheall ar a suíomh sainiúil.

<sup>(25)</sup> Ciallaíonn an téarma 'críocha' 12 OCT RA a liostaíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE tráth an fhógra a fuair an Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2017 maidir le tarraingt siar RA ón Aontas Eorpach agus ó Euratom, bunaithe ar Airteagal 50 CAE.

2. Sa leithdháileadh réigiúnach, féadfar leithdháileadh laistigh den réigiún a úsáid le haghaidh oibríochtaí a ghnóthaíonn tairbhe do, agus lena mbaineann:

- (a) OCT amháin nó níos mó agus ceann amháin díobh seo a leanas, ar a laghad:
  - (i) ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;
  - (ii) stát nó críoch comharsanach ACC amháin nó níos mó agus/nó stát nó críoch comharsanach amháin nó níos mó nach stát nó críoch ACC;
  - (iii) comhlacht réigiúnach amháin nó níos mó a bhfuil OCTanna, nó Stáit ACC, nó ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí ina gcomhaltaí díobh; nó
- (b) eintiteas amháin nó níos mó, údarás amháin nó níos mó nó comhlacht eile amháin nó níos mó ó OCT amháin, ar a laghad, ar comhaltaí EGTC iad, agus ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí agus/nó Stat nó críoch comharsanach ACC amháin nó níos mó nach Stát nó críoch comharsanach ACC.

3. An cistiú a thabharfar chun go mbeidh ar chumas na Stát ACC, na réigiún is forimeallaí, agus tíortha agus críocha eile a bheith rannpháirteach i gclár um chomhar réigiúnach OCTanna, beidh sé sa bhreis ar na cistí a leithdháilfear ar OCTanna faoin gCinneadh seo.

4. Ní bheartófar rannpháirtíocht na Stát ACC, na réigiún is forimeallaí agus tíortha eile nó críocha i gclár a bhunaítear de bhun an Chinnidh seo ach a mhéid:

- (a) go bhfuil forálacha coibhéseacha ann faoi chuimsiú chlár ábhartha an Aontais nó i gclár chistiúcháin ábhartha na dtríú tíortha agus na dtríú críoch nach gcumhdaítear faoi chlár an Aontais; agus
- (b) go n-urramaítear prionsabal na comhréireachta, agus acmhainní na ngeallsealbhóirí á gcur san áireamh, go háirithe a n-acmhainní airgeadais faoi ionstraimí an Aontais maidir le comhar le tíortha eile.

#### Airteagal 85

### Incháilitheacht i gcomhair clár eile de chuid an Aontais

1. Daoine nádúrtha ó OCT, agus, i gcás inarb infheidhme, na comhlachtaí agus institiúidí ábhartha poiblí agus/nó príobháideacha in OCT, beidh siad incháilithe chun bheith rannpháirteach i gclár de chuid an Aontais agus chun cistiú a fháil uathu, amhail InvestEU, faoi réir rialacha agus chuspóirí na gclár agus na socrúithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát a bhfuil OCT nasctha leis.

2. Beidh OCTanna incháilithe freisin i gcomhair tacaíochta faoi chlár agus ionstraimí de chuid an Aontais um chomhar le tíortha eile, amhail Rialachán (AE) 2021/947 agus Rialachán (CE) Uimh 1257/96 ón gComhairle <sup>(26)</sup>, faoi réir rialacha, chuspóirí agus socrúithe na gclár sin.

3. I gcás inarb iomchú, spreagfaidh an Coimisiún rochtain OCTanna ar chlár an Aontais, agus ar chlár agus ionstraimí an Aontais um chomhar le tíortha eile freisin.

4. Tuairisceoidh OCTanna, le tacaíocht ó na geallsealbhóirí ábhartha, don Choimisiún maidir lena rannpháirtíocht i gclár an Aontais, ag an meántearma agus ag deireadh na tréimhse 2021 go 2027.

#### Airteagal 86

### Tuairisciú

Scrúdóidh an Coimisiún an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an chúnaimh airgeadais a chuirtear ar fáil do OCTanna faoin gCinneadh seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle gach bliain ag tosú in 2022 maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chomhair airgeadais sin. Seolfar an tuarascáil go dtí Parlaimint na hEorpa freisin, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún.

<sup>(26)</sup> Rialachán (CE) Uimh.1257/96 an 20 Meitheamh 1996 ón gComhairle maidir leis an gcabhair dhaonnúil (IO L 163, 2.7.1996, lch. 1)

*Airteagal 87***Rialuithe airgeadais**

1. Is ar OCTanna a bheidh an phríomhfhreagracht as maoirseacht airgeadais chistí an Aontais. Déanfar an mhaoirseacht airgeadais sin, nuair is iomchuí, i gcomhordú leis an mBallstát lena bhfuil OCT nasctha i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.
2. Beidh an Coimisiún freagrach as na nithe seo a leanas:
  - (a) a áirithiú gurb ann do chórais bhainistíochta agus rialaithe agus go bhfeidhmíonn siad i gceart sna OCTanna lena mbaineann chun a áirithiú go mbaintear úsáid chuí éifeachtach as cistí an Aontais; agus
  - (b) i gcás neamhrialtachtaí, moltaí nó iarrataí ar bhearta ceartaitheacha a sheoladh chun na neamhrialtachtaí sin a réiteach agus chun aon easnaimh bhainistíochta a aimsíodh a cheartú.
3. Comhoibreoidh an Coimisiún, OCTanna agus, i gcás inarb iomchuí, an Ballstát lena bhfuil siad nasctha, ar bhonn socrúithe riaracháin ag cruinnithe bliantúla nó gach re bliain chun cláir, modheolaíochtaí agus cur chun feidhme rialuithe a chomhordú.
4. Maidir le ceartuithe airgeadais:
  - (a) is iad na OCTanna lena mbaineann a bheidh freagrach ar an gcéad ásc as neamhrialtachtaí airgeadais a bhrath agus a cheartú;
  - (b) i gcás easnaimh de chuid an OCT lena mbaineann, áfach, má theipeann ar an OCT an staid a réiteach agus mura n-éiríonn le hiarrachtaí idir-réitigh, gníomhóidh an Coimisiún chun iarmhéid an leithdháilte fhoriomláin a chomhfhreagraíonn don chinneadh airgeadais sa doiciméad clársceidealaithe a laghdú nó a aistarraingt.

## CUID V

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA***Airteagal 88***Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun na rialacha nós imeachta maidir le tionscnamh agus na sainmhínte gaolmhara in Iarscríbhinn II agus i bhFoscríbhinní Iarscríbhinn II a leasú chun forbairt teicneolaíochta agus athruithe sa reachtaíocht chustaim agus trádála a chur san áireamh.
2. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chinnidh seo maidir lena chuspóirí a bhaint amach, beidh de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 89, chun Airteagal 3 d'Iarscríbhinn I a leasú chun na táscairí a athbhreithniú nó a chomhlánú i gcás ina measfar gur gá, agus chun Iarscríbhinn I a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

*Airteagal 89***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 88 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 1 Eanáir 2021. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 88 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa Chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 88 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go gcuirfidh an Chomhairle in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh sí aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh na Comhairle.

#### *Airteagal 90*

#### **Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste ('Coiste OCT'), cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. Chun críoch Airteagail 10(6) agus 16(8) d'Iarscríbhinn II, déanfaidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(27)</sup> cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. Chun críoch Airteagal 2 d'Iarscríbhinn III agus Airteagal 5 agus Airteagal 6 d'Iarscríbhinn IV, déanfaidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle cúnaimh a thabhairt don Choimisiún <sup>(28)</sup>. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
5. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
6. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 4 de.
7. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

#### *Airteagal 91*

#### **Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírthe atá comhleánúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.
2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, agus le gníomhaíochtaí a dhéantar de bhun an Chláir agus le torthaí a bhaintear amach, a chur chun feidhme.

<sup>(27)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

<sup>(28)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis na comhrialacha d'allmhairí, (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

3. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gCiste, rannchuideofar freisin leis an gcumarsáid chorpáraídeach a dhéantar ar thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.

*Airteagal 92*

**An clásal faoin tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE.

*Airteagal 93*

**Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

1. Aisghairtear leis seo Cinneadh 2013/755/AE le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.
2. Ní dhéanfaidh an Cinneadh seo difear do leanúint de ghníomhaíochtaí ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí arna dtionscnamh de bhun Chinneadh Uimh. 2013/755/AE, a mbeidh feidhm fós aige maidir leis na gníomhaíochtaí sin, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.
3. Féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir na speansais theicniúla agus chúnamh riaracháin a chumhdach freisin atá riachtanach chun an t-aistriú a áirithiú idir an Clár agus na bearta a glacadh de bhun Chinneadh 2013/755/AE.
4. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 más gá chun na speansais dá bhforáiltear in Airteagal 80 a chumhdach ionas go bhféadfar bainistíocht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2027.

*Airteagal 94*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 5 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. ŠIRCELJ



## CLÁR

IARSCRÍBHINN I: CÚNAMH AIRGEADAIS ÓN AONTAS

IARSCRÍBHINN II: MAIDIR LE SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA 'TÁIRGÍ TIONSCNAIMH' AGUS MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

TEIDEAL I: Forálacha ginearálta

TEIDEAL II: Sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh"

TEIDEAL III: Ceanglais chríche

TEIDEAL IV: Cruthúnais tionscnaimh

TEIDEAL V: Socruithe maidir le comhar riaracháin

TEIDEAL VI: Ceuta agus Melilla

TEIDEAL VII: Forálacha críochnaitheacha

Foscríbhinní I go VI

IARSCRÍBHINN III: FABHAIR A AISTARRAINGT GO SEALADACH

IARSCRÍBHINN IV: FORÁLACHA MAIDIR LE COIMIRCE AGUS FAIREACHAS

---

## IARSCRÍBHINN I

## CÚNAMH AIRGEADAIS ÓN AONTAS

## Airteagal 1

**Leithdháileadh idir na OCTanna**

1. Chun críocha an Chinnidh seo, don tréimhse seacht mbliana ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027, déanfar méid foriomlán chúnamh airgeadais an Aontais de EUR 500 000 000 i bpragsanna reatha a leithdháileadh mar a leanas:

- (a) EUR 164 000 000 i bhfoirm deontas le haghaidh tacaíocht in-chlársceidealta dhéthaobhach d'fhorbairt fhadtéarmach OCTanna seachas an Ghraonlainn, chun na tionscnaimh dá dtagraítear sa doiciméad clársceidealaithe a mhaoiniú, go háirithe. Tabharfar aird ar leith sa doiciméad clársceidealaithe, i gcás inarb iomchuí, ar ghníomhaíochtaí atá dírithe ar rialachas agus acmhainneachtaí institiúideacha OCTanna is tairbhí a neartú agus, i gcás inarb ábhartha, ar an tráthchlár dóchúil do na gníomhaíochtaí a bheartaítear. Leithdháilfear an méid sin ar bhonn shonraíochtaí, riachtanais, leibhéal forbartha agus fheidhmíocht OCTanna i gcomhréir le sraith theoranta critéar sonracha trédhearcach, lena n-áirítear an daonra, an Olltáirgeacht Intíre (OTI), bochtaineacht agus neamh-chomhionannas, leibhéal na leithdháiltí roimhe sin, acmhainní ionsúcháin OCTanna, agus srianta ag éirí as leithlisiú geografach OCTanna, mar a luaitear in Airteagal 9.
- (b) EUR 225 000 000 i bhfoirm deontais don tacaíocht in-chlársceidealta dhéthaobhach d'fhorbairt fhadtéarmach na Graonlainne, chun an tionscnamh dá dtagraítear sa doiciméad clársceidealaithe a mhaoiniú go háirithe
- (c) Leithdháilfear EUR 76 000 000 chun tacú le cláir réigiúnacha OCT a bhféadfadh EUR 15 000 000 de tacú le hoibríochtaí laistigh den réigiún, agus is do na hoibríochtaí laistigh den réigiún amháin a bheidh an Ghraonlainn incháilithe. Cuirfear an comhar seo chun feidhme i gcomhar le hAirteagal 7, go háirithe maidir le réimsí na leasanna frithpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 5 agus trí chomhairliúchán trí chásanna comhpháirtíochta AE-OCTanna dá dtagraítear in Airteagal 14. Féachfar le comhordú a dhéanamh le cláir agus ionstraimí airgeadais ábhartha eile de chuid an Aontais agus go háirithe leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE;
- (d) EUR 22 000 000 do staidéir nó do bhearta cúnaimh theicniúil do OCTanna uile lena n-áirítear an Ghraonlainn, i gcomhréir le hAirteagal 80 <sup>(1)</sup>;
- (e) EUR 13 000 000 do chiste neamh-leithdháilte le haghaidh OCTanna uile lena n-áirítear an Ghraonlainn, chun inter alia:
  - (i) a áirithiú go bhfreagróidh an tAontas go hiomchuí i gcás cúinsí gan choinne;
  - (ii) aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua nó ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn, amhail brú imirce ag teorainneacha an Aontais nó ag teorainneacha a chomharsana; agus
  - (iii) tionscnaimh agustosaíochtaí nua a chur chun cinn.

Méadófar méid an chiste neamh-leithdháilte dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír leis na glan-athshreabha carnacha a eascraíonn as Saoráid Infheistíochta OCT a leagtar amach in Airteagal 3(3) d'Iarscríbhinn IV de Chinneadh 2013/755/AE. Cuirfear na hathshreabha sin isteach mar bhreisithe bliantúla, a luaithe a bheidh fáil orthu, agus ainmneofar iad mar ioncam sannta seachtrach.

2. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis athbhreithniú meántearma a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chinnidh sin, cinneadh a dhéanamh maidir le leithdháileadh aon chistí neamh-leithdháilte a luaitear san Airteagal seo, lena n-áirítear na leithdháiltí críche.

3. Ní dhéanfar na cistí a ghealladh tar éis an 31 Nollaig 2027, mura gcinnfidh an Chomhairle d'aon toil a mhalairt, ar thogra ón gCoimisiún.

<sup>(1)</sup> As an méid sin, tá EUR 9 725 000 forchoimeáda don Choimisiún chun cúnaimh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin a chumhdach chun tacú le cur chun feidhme chlár agus/nó ghníomhaíochtaí an Aontais, taighde indíreach, taighde díreach.

*Airteagal 2***Riaradh acmhainní**

Is é an Coimisiún a riarfaidh na hacmhainní airgeadais uile faoin gCinneadh seo.

*Airteagal 3***Táscairí**

Is mar a leanas a thomhaisfear gnóthú na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3(5) den Chinneadh seo:

1. I gcás OCTanna, seachas ann Ghraonlainn, onnmhairí earraí agus seirbhísí mar % den OTI agus ioncam iomlán an Rialtais mar % den OTI.
  2. I gcás na Graonlainne, onnmhairí earraí agus seirbhísí mar % den OTI agus céatadán na hearnála iascaigh in onnmhairí iomlána.
-

## IARSCRÍBHINN II

## MAIDIR LE SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA 'TÁIRGÍ TIONSCNAIMH' AGUS MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

## TEIDEAL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

## Airteagal 1

**Sainmhínithe**

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'tíortha CCE' réigiúin nó stáit ar cuid de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) iad agus a bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích acu lena mbunaítear comhaontuithe um chomhpháirtíocht eacnamaíoch (CCE) nó as a dtagann bunú na gcomhaontuithe sin (CCE), i gcás ina gcuirtear CCE den sórt sin i bhfeidhm go sealadach nó nuair a thagann sé i bhfeidhm, cibé acu is túisce;
- (b) ciallaíonn 'monarú' aon chineál oibríthe nó próiseála lena n-áirítear cur le chéile;
- (c) ciallaíonn 'ábhar' aon chomhábhar, aon amhábhar, aon chomhpháirt nó aon pháirt etc., a úsáidtear le linn mhonarú an táirge;
- (d) ciallaíonn 'táirge' an tairge atáthar a mhonarú, fiú má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonarúcháin eile;
- (e) ciallaíonn 'earraí' ábhair agus táirgí araon;
- (f) ciallaíonn 'ábhair idirmhalartacha' ábhair chomhchineáil den cháilíocht tráchtála chéanna, agus na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir a idirdhealú ó chéile nuair a chuirtear sa táirge críochnaithe iad;
- (g) ciallaíonn 'luach custaim' an luach mar a chinntear i gcomhréir le Comhaontú maidir le cur chun feidhme Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta ar Tharaifí agus Thrádáil 1994 (Comhaontú EDT maidir le Luacháil Chustaim);
- (h) ciallaíonn 'luach na n-ábhar' sa liosta i bhFoscscríbhinn I, sin an luach custaim tráth a allmhairíodh na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh, nó, mura bhfuil sin ar eolas agus nach féidir é a fháil amach, an chéad phraghas infhionnta a íocadh ar na hábhair in OCT. I gcás inar gá luach na n-ábhar tionscnaimh a úsáideadh a shuí, cuirfear an pointe seo i bhfeidhm mutatis mutandis;
- (i) ciallaíonn 'praghas díreach ón monarcha' an praghas a íoctar ar an tairge díreach ón monarcha leis an monaróir arb ina ghnóthas a dhéantar an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach air, ar choinníoll go bhfuil luach na n-ábhar uile arna n-úsáid cuimsithe sa phraghas sin, lúide aon chánacha inmheánacha a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a dhéantar an tairge sin a fuarthas a onnmhairiú.

I gcás nach léiríonn an praghas iarbhair a íoctar na costais go léir a bhaineann le monarú an tairge, ar costais iad a thabhaítear iarbhair in OCT, ciallaíonn an praghas díreach ón monarcha suim na gcostas sin go léir, lúide aon chánacha inmheánacha a aisíoctar, nó ar féidir iad a aisíoc, nuair a dhéantar an tairge a fhaightear a onnmhairiú.

Chun críocha an tsainmhínithe seo, i gcás inar cuireadh an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach ar fochonradh chuig monaróir, féadfar tagairt a dhéanamh leis an téarma 'monaróir', dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, don fhiontar ina raibh an fochonraitheoir fostaithe;

- (j) ciallaíonn 'uasmhéid ábhar neamhthionscnaimh' an t-uasmhéid ábhair neamhthionscnaimh a cheadaítear lena mheas go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach sa mhonarú chun stádas tionscnaimh a thabhairt don tairge. Féadfar é a shloinneadh mar chéatadán de phraghas an tairge díreach ón monarcha nó mar chéatadán de ghlanmheáchan na n-ábhar sin a úsáideadh, a aicmítear faoi ghrúpa sonraithe - caibidlí, faoi chaibidil ar leith, faoi cheannteideal nó faoi fho-cheannteideal;
- (k) ciallaíonn 'glanmheáchan' meáchan na n-earraí iad féin gan ábhair phacála agus coimeádáin phacála d'aon chineál;
- (l) ciallaíonn 'caibidlí', 'ceannteidil' agus 'fo-cheannteidil' na caibidlí, na ceannteidil agus na fo-cheannteidil (cóid 4 dhigit nó 6 dhigit) a úsáidtear san ainmníocht arb í an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtarraí ('Córas Comhchuibhithe') í ina bhfuil na hathruithe de bhun Moladh ón gComhairle um Chomhar Custaim an 26 Meitheamh 2004;

- (m) tagraíonn 'aicmithe' d'aicmiú táirge nó ábhair faoi cheannteideal nó fo-cheannteideal áirithe;
- (n) ciallaíonn 'coinsíneacht' táirgí:
  - (i) a chuirtear go comhuaineach ó aon onnmhaireoir amháin chuig aon choinsíní amháin; nó
  - (ii) atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear na táirgí sin a bheith á seoladh ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, de cheal doiciméad den sórt sin, atá clúdaithe ag aon sonrasc amháin;
- (o) ciallaíonn 'onnmhaireoir' duine, atá ag onnmhairiú na n-earraí chuig an Aontas nó chuig OCT, atá in ann tionscnamh na n-earraí a chruthú, cibé acu an é an duine an monaróir nó nach ea agus cibé acu atá nó nach bhfuil na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin á gcur i gcrích acu féin;
- (p) ciallaíonn 'onnmhaireoir cláraithe' onnmhaireoir atá cláraithe le húdaráis inniúla an OCT lena mbaineann chun ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas chun onnmhairiú a dhéanamh faoin gCinneadh seo;
- (q) ciallaíonn 'ráiteas maidir le tionscnamh' ráiteas arna tharraingt suas ag an onnmhaireoir a léiríonn go gcomhlíonann na táirgí atá á gcumhdach aige rialacha tionscnaimh na hIarscríbhíne seo, chun cead a thabhairt don té a dhearbhaíonn na hearraí lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas sochar as cóir fhabhrach taraife a éileamh, nó chun cead a thabhairt don oibreoir eacnamaíoch in OCT atá ag allmhairiú ábhar lena bpróiseáil a thuilleadh i gcomhthéacs na rialacha maidir le carnadh stádas tionscnaimh na n-earraí sin a chruthú;
- (r) ciallaíonn 'tír GSP' tír is tairbhí de GSP mar atá sainmhínithe i bpointe (d) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>;
- (s) ciallaíonn 'córas REX' an córas chun onnmhaireoirí a chlárú a údaráítear chun tionscnamh earraí a dheimhniú arna bhunú faoi Airteagal 80(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2447 .

## TEIDEAL II

### SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA 'TÁIRGÍ TIONSCNAIMH'

#### Airteagal 2

#### Ceanglais ghinearálta

1. Measfar gur de thionscnamh OCT na táirgí seo a leanas:
  - (a) táirgí a fuarthas ina n-iomláine in OCT de réir bhrí Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo;
  - (b) táirgí a fuarthas in OCT ina bhfuil ábhair nach bhfuarthas ina n-iomláine ansin, ar choinníoll gur leor an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar na hábhair sin de réir bhrí Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo.
2. Táirgí tionscnaimh atá déanta as ábhair a fuarthas ina n-iomláine nó a ndearnadh leoroibriú nó leopróiseáil orthu in dhá OCT nó níos mó, measfar gur táirgí de thionscnamh OCT iad ina ndearnadh an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach.

#### Airteagal 3

#### Táirgí a fuarthas ina n-iomláine

1. Measfar go bhfuarthas ina n-iomláine in OCT na nithe seo a leanas:
  - (a) táirgí mianracha a eastóscadh as ithir nó as grinneall farraige an OCT sin;
  - (b) plandaí agus táirgí glasraí a fhástar nó a bhuintear ann;
  - (c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh ann;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).

- (d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh ann;
- (e) táirgí a fuarthas ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh ann;
- (f) táirgí a fuarthas de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh ann;
- (g) táirgí do bharshaothraithe, i gcás inar rugadh agus inar tógadh na héisc, na crústaigh agus na moilisc ann;
- (h) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógann a shoithí ón bhfarraige lasmuigh d'aon fharraige chríche;
- (i) táirgí a dhéantar ar bord a long próiseála as na táirgí dá dtagraítear i bpointe (h) agus as na táirgí sin amháin;
- (j) earraí úsáidte a bhailítear ansin atá oiriúnach do théarnamh amháibhar amháin;
- (k) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraithe a rinneadh ann;
- (l) táirgí a bhaintear as grinneall na farraige nó faoi ghrinneall na farraige atá suite lasmuigh d'aon fharraige chríche ach a bhfuil cearta saothraithe eisiacha aige orthu;
- (m) earraí a táirgeadh ansin as táirgí atá luaite go sonrath i bpointí (a) go (l) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ní bheidh feidhm ag na téarmaí “soithí an Pháirtí sin” agus “longa próiseála an Pháirtí sin” i bpointí (h) agus (i) mhír 1 ach amháin maidir le soithí agus longa próiseála a chomhlíonadh na ceanglais seo a leanas:

- (a) tá siad cláraithe in OCT nó i mBallstát;
- (b) seolann siad faoi bhratach OCT nó faoi bhratach Ballstát;
- (c) comhlíonann siad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
  - (i) tá siad faoi úinéireacht 50 %, ar a laghad, ag náisiúnaigh OCTanna nó na mBallstát; nó
  - (ii) tá siad faoi úinéireacht ag cuideachtaí:
    - a bhfuil a bpríomhoifig agus a bpríomhionad gnó in OCTanna nó sna Ballstát; agus
    - atá faoi úinéireacht 50 % ar a laghad ag OCTanna, eintitis phoiblí na tíre sin, náisiúnaigh na tíre sin nó náisiúnaigh na mBallstát.

3. Maidir le coinníollacha mhír 2, féadfar gach ceann díobh a chomhlíonadh sna Ballstáit nó in OCTanna éagsúla. Measfar sa chás sin gur tionscnamh an OCT ina bhfuil an soitheach nó an long phróiseála cláraithe a bhainfidh leis na táirgí, i gcomhréir le pointe (a) de mhír 2.

#### Airteagal 4

### Táirgí a ndearnadh leoroibriú nó leopróiseáil orthu

1. Gan dochar d'Airteagail 5 agus 6 den larscríbhinn seo, measfar maidir le táirgí nach bhfuarthas ina n-íomláine in OCT de réir bhrí Airteagal 3, go dtionscnaíonn siad ann, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa liosta i bhFoscríbhinn I do na hearraí lena mbaineann.
2. Maidir le táirge a bhfuil stádas tionscnaimh aige in OCT i gcomhréir le mír 1, má dhéantar é a phróiseáil a thuilleadh san OCT sin agus má úsáidtear mar ábhar é le linn monarú táirge eile, ní chuirfear san áireamh na hábhair neamhthionscnaimh a d'fhéadfaí a úsáid ina mhonarú.
3. Déanfar an cinneadh i dtaobh ceanglais mhír 1 a bheith á gcomhlíonadh i ndáil le gach táirge ar leith.

Mar sin féin, i gcás ina mbeidh an rialí ábhartha bunaithe ar chomhlíonadh uasmhéid ábhar neamhthionscnaimh, chun luaineachtaí i gcostais agus i rátaí airgeadra a chur san áireamh, féadfar luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh ar bhonn meán mar a leagtar amach i mír 4.

4. I gcás ina mbeidh feidhm ag an dara fomhír de mhír 3, déanfar meánphraghas an táirge díreach ón monarcha agus meánluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh a ríomh faoi seach ar bhonn shuim na bpraghsanna díreach ón monarcha a gearradh ar gach díolachán den táirge a rinneadh i rith na bliana fiosaí roimhe sin agus ar bhonn shuim luach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáideadh le linn mhonarú na dtáirgí i gcaitheamh na bliana fiosaí roimhe sin mar a shainítear sa tír is onnmhaireoir nó, i gcás nach mbeidh figiúirí do bhliain fhioscach iomlán ar fáil, tréimhse níos giorra, nach lú ná 3 mhí.

5. Onnmhaireoirí a roghnaigh ríomhanna ar bhonn meán, cuirfidh siad modh den sórt sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana i ndiaidh na bliana fiosaí tagartha nó, i gcás inarb iomchuí, i rith na bliana i ndiaidh na tréimhse níos giorra a úsáidtear mar thagairt. Féadfaidh siad scor de mhodh den sórt sin a chur i bhfeidhm i gcás ina dtaifeadfaidh siad, i rith bliain fhioscach ar leith nó tréimhse ionadaíoch níos giorra, tréimhse nach lú ná 3 mhí, go bhfuil deireadh tagtha leis na luaineachtaí costas nó rátaí airgeadra a thug údar maith le modh den sórt sin a úsáid.

6. Úsáidfean na meáin dá dtagraítear i mír 4 mar phraghas díreach ón monarcha agus mar luach na n-ábhar neamhthionscnaimh faoi seach, chun a shuí go gcomhlíontar an t-uasmhéid ábhar neamhthionscnaimh.

#### Airteagal 5

### Oibríochtaí neamhleora oibríthe nó próiseála

1. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, measfar nach leor an t-oibriú ná an phróiseál a dhéantar sna hoibríochtaí seo a leanas chun gur féidir stádas táirgí tionscnaimh a thabhairt, bíodh ceanglais Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo comhlíonta nó ná bídis:

- (a) oibríochtaí caomhnaithe chun a áirithiú go mbeidh dea-bhail ar na táirgí i gcónaí le linn a n-iompair agus a stórála;
- (b) briseadh suas agus cóimeáil pacáistí;
- (c) ní, glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó clúdaigh eile a bhaint;
- (d) teicstílí agus earraí teicstíle a iarnáil nó a phreasáil;
- (e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasacháin;
- (f) rís a scileadh agus a pháirtmheilt nó a mheilt ar fad; gránaigh agus rís a snasadh agus a ghlónrú;
- (g) oibríochtaí chun siúcra a dhathú nó a bhlaistiú nó chun cnapshiúcra a dhéanamh; siúcra gránaithe a pháirtmheilt nó a mheilt ar fad;
- (h) torthaí, cnónna agus glasraí a scamhadh, a scilligeadh agus na clocha a bhaint astu;
- (i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;
- (j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, meaitseáil (lena n-áirítear tacair earraí a chur le chéile);
- (k) an táirge a chur, gan aon oibriú eile, i mbuidéil, cannaí, fleascáin, málaí, cásanna, boscaí, a fheistiú ar chartaí nó ar chláir agus gach oibríocht phacáistithe eile nach bhfuil inti ach sin;
- (l) marcanna, lipéid, lógónna agus comharthaí idirdhealaithe eile den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht, nó a phriontáil orthu;
- (m) táirgí, a mheascadh go simplí, bídis ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídis; siúcra a mheascadh le haon ábhar eile;
- (n) uisce agus gan ach uisce a chur le táirgí nó táirgí a chaolú nó a dhíhiodráitiú nó a dhínádú;
- (o) cóimeáil shimplí codanna d'earraí chun earra iomlán a dhéanamh nó díchóimeáil táirgí ina bpáirteanna;
- (p) teaghlaim de dhá cheann nó níos mó de na hoibríochtaí atá luaite go sonrach i bpointí (a) go (o);
- (q) ainmhithe a mharú.

2. Chun críocha mhír 1, measfar gur oibríochtaí simplí iad oibríochtaí nach n-éilíonn scileanna speisialta ná meaisíní, gaireas nó uirlisí a tháirgtear nó a shuiteáiltear d'aon ghnó do na hoibríochtaí sin chun iad a dhéanamh.
3. Na hoibríochtaí ar fad a dhéantar in OCT ar tháirge áirithe, cuirfear san áireamh iad tráth a chinnfear an bhfuil an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar an táirge sin neamhleor de réir bhrí mhír 1.

#### *Airteagal 6*

#### **Lamháltais**

1. De mhaolú ar Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo agus faoi réir mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, maidir le hábhair neamhthionscnaimh nach bhfuil le húsáid, de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa liosta i bhFoscríbhinn I, le linn monarú táirge áirithe, féadfar iad a úsáid mar sin féin, ar choinníoll nach sárú ar na lamháltais seo a leanas a luach iomlán nó a nglanmheáchan arna mheasúnú i leith an táirge:
  - (a) 15 % de mheáchan an táirge i gcás táirgí a áirítear faoi réim Chaibidil 2 agus Chaibidilí 4 go 24, seachas táirgí iascaigh próiseáilte faoi Chaibidil 16;
  - (b) 15 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha do tháirgí eile, seachas táirgí a áirítear faoi réim Chaibidilí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, a mbeidh feidhm ag na lamháltais a luaitear i Nótaí 6 agus 7 d'Fhoscríbhinn I ina leith.
2. Ní cheadófar le mír 1 go sárófar aon cheann de na céatadáin d'uasmhéid ábhar neamhthionscnaimh mar a shonraítear sna rialacha a leagtar síos sa liosta i bhFoscríbhinn I.
3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir le táirgí a fuarthas ina n-iomláine in OCT de réir bhrí Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo. Gan dochar d'Airteagail 5 agus 11(2) den Iarscríbhinn seo, áfach, beidh feidhm ag an lamháltas dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le suim na n-ábhar go léir a úsáidtear le linn monarú táirge agus maidir leis an riail a leagtar síos sa liosta i bhFoscríbhinn I don táirge sin faoina gceanglaítear go bhfaightear ina n-iomláine ábhair den sórt sin.

#### *Airteagal 7*

#### **Carnadh déthaobhach**

1. Gan dochar d'Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, measfar gur ábhair de thionscnamh OCT iad ábhair de thionscnamh an Aontais nuair a ionchorpraítear i dtáirge iad a fuarthas ann, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu de bhreis ar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Iarscríbhinn seo.
2. Gan dochar d'Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, measfar maidir le hoibriú nó próiseáil a rinneadh san Aontas gur in OCT a rinneadh é, i gcás ina ndéanfar oibriú nó próiseáil ar na hábhair ina dhiaidh sin san áit sin.
3. Chun carnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo a dhéanamh, bunófar tionscnamh na n-ábhar i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

#### *Airteagal 8*

#### **Carnadh le tíortha CCE**

1. Gan dochar d'Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, measfar gur ábhair de thionscnamh OCT iad ábhair de thionscnamh tíortha CCE nuair a ionchorpraítear i dtáirge iad a fuarthas ann, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu de bhreis ar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Iarscríbhinn seo.
2. Gan dochar d'Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, measfar maidir le hoibriú nó próiseáil a rinneadh i dtíortha CCE gur in OCT a rinneadh é, i gcás ina ndéanfar oibriú nó próiseáil ar na hábhair ina dhiaidh sin san áit sin.



3. Chun críocha mhír 1, déanfar tionscnamh na n-ábhar de thionscnamh thír CCE a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir leis an tír CCE lena mbaineann agus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha maidir le cruthúnais tionscnaimh agus comhar riaracháin.

Ní bheidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo maidir le hábhair de thionscnamh Phoblacht na hAfraice Theas nach féidir a allmhairiú go díreach isteach san Aontas saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoi chuimsiú CCE idir an tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC).

4. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur i bhfeidhm ach ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur ghlac an tír CCE a sholáthraíonn na hábhair agus an OCT a mhonaraíonn an táirge deiridh an méid seo a leanas mar chúram orthu féin:

(i) an larscríbhinn seo a chomhlíonadh nó comhlíonadh na hlarscríbhinne seo a áirithiú; agus

(ii) an comhar riaracháin is gá a sholáthar chun a áirithiú go gcuirfean an larscríbhinn seo chun feidhme i gceart, maidir leis an Aontas de agus eatarthu féin araon;

(b) gur thug an OCT lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis na gealltanais dá dtagraítear i bpointe (a).

5. I gcás inar chomhlíon tíortha CCE mír 4 cheana féin roimh an 1 Eanáir 2014, ní bheidh gá le gealltanais nua.

#### Airteagal 9

#### **Carnadh le tíortha eile a thairbhíonn de rochtain saor ó dhleacht saor ó chuóta ar mhargadh an Aontais faoin gCóras Ginearálaithe um Fhabhair (GSP)**

1. Gan dochar d'Airteagal 2 den larscríbhinn seo, measfar gur ábhair de thionscnamh OCT iad ábhair de thionscnamh tíortha agus críocha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo nuair a ionchorpraítear i dtáirge iad a fuarthas ann, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu de bhreis ar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den larscríbhinn seo.

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, tionscnóidh ábhair i dtír nó i gcríoch:

(a) a thairbheoidh den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt faoin gCóras Ginearálaithe um Fhabhair ('GSP'), dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012; nó

(b) a thairbheoidh de rochtain saor ó dhleacht saor ó chuóta ar mhargadh an Aontais ar leibhéal an Chórais Chomhchuibhithe 6 dhigit faoi shocrú ginearálta GSP, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012.

3. Cinnfean tionscnamh ábhair na dtíortha nó na gcríoch lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh a leagtar síos, de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.

4. Ní bheidh feidhm ag an gcarnadh dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) ábhair a bhíonn, tráth a n-allmhairithe chuig an Aontas, faoi réir dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh nuair a thionscnaítear iad ón tír atá faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh sin;

(b) táirgí tuinnín a aicmítear faoi Chaibidlí 3 agus 16 a chumhdaítear faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, agus faoi ghníomhartha leasaitheacha ina dhiaidh sin agus faoi ghníomhartha comhfhreagracha dlí;

(c) ábhair a chumhdaítear faoi Airteagail 8 agus 22 go 30 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, agus le gníomhartha leasaitheacha agus gníomhartha dlí comhfhreagracha ina dhiaidh sin.

Tabharfaidh údarais inniúla OCTanna fógra don Choimisiún ar bhonn bliantúil maidir leis na hábhair, más ann dóibh, ar cuireadh carnadh i bhfeidhm ina leith faoi mhír 1 den Airteagal seo.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

5. Ní fhéadfar an carnadh dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm ach ar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gur ghlac na tíortha nó na críocha a bhfuil baint acu leis an gcarnadh orthu féin an Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh nó a áirithiú go gcomhlíonfar í agus go gcuirfidh siad an comhar riaracháin ar fáil atá riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear an Iarscríbhinn seo chun feidhme i gceart, maidir leis an Aontas de agus eatarthu féin araon;
- (b) gur thug an OCT lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an ngealltanais dá dtagraítear i bpointe (a).

6. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith C) an dáta a bhféadfar an carnadh dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur i bhfeidhm leis na tíortha nó leis na críocha dá dtagraítear san Airteagal seo a bhfuil na ceanglais riachtanacha comhlíonta acu.

#### *Airteagal 10*

#### **Carnadh sínte**

1. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin ag OCT, carnadh tionscnaimh a dheonú idir OCT agus tír lena bhfuil comhaontú saorthrádála ag an Aontas i gcomhréir le hAirteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) atá i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gur ghlac na tíortha nó na críocha a bhfuil baint acu leis an gcarnadh orthu féin na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - (i) an Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh nó comhlíonadh na hIarscríbhinne seo a áirithiú;
  - (ii) an comhar riaracháin is gá a sholáthar chun a áirithiú go gcuirfear an Iarscríbhinn seo chun feidhme i gceart, maidir leis an Aontas de agus eatarthu féin araon; agus
  - (iii) a dtacaíocht a thabhairt do OCTanna in ábhair a bhaineann le comhar riaracháin mar a thabharfaidís tacaíocht den chineál sin d'údaráis chustaim na mBallstát i gcomhréir le forálacha ábhartha an chomhaontaithe saorthrádála atá i gceist;
- (b) gur thug an OCT lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an ngealltanais dá dtagraítear i bpointe (a).

Féadfaidh an Coimisiún, agus an riosca a bhaineann le himchéimniú trádála agus íogaireachtaí sonracha ábhair a bheidh le húsáid sa charnadh á chur san áireamh, coinníollacha breise a bhunú maidir leis an gcarnadh a iarradh a dheonú.

2. Maidir leis an iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1:

- (a) cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í, i scríbhinn;
- (b) sonrófar inti an tríú tír nó na tríú tíortha lena mbaineann;
- (c) beidh liosta inti de na hábhair atá faoi réir carnadh; agus
- (d) tabharfar inti fianaise thacaíochta go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 á gcomhlíonadh.

3. Cinnfear tionscnamh na n-ábhar a úsáideadh agus an cruthúnas tionscnaimh doiciméadach i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa chomhaontú saorthrádála ábhartha. Cinnfear tionscnamh na dtáirgí atá le honnmhairiú chuig an Aontas i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh a leagtar síos san Iarscríbhinn seo.

4. Ionas go mbainfidh an táirge a fuarthas stádas tionscnaimh amach, ní bheidh sé riachtanach maidir leis na hábhair a thionscain sa tríú tír agus a úsáideadh in OCT le linn mhonarú an táirge atá le honnmhairiú chuig an Aontas go ndearnadh leoroibriú nó leoprhróiseáil orthu, ar choinníoll go bhfuil níos mó i gceist leis an oibriú nó leis an bpróiseáil a rinneadh san OCT lena mbaineann ná na hoibríochtaí a luaitear in Airteagal 5(1) den Iarscríbhinn seo.

5. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith C) an dáta a mbeidh éifeacht leis an gcarnadh sínte, compháirtí an Aontais sa Chomhaontú Saorthrádála a mbaineann an carnadh sin leis, na coinníollacha is infheidhme agus liosta na n-ábhar a bhfuil feidhm ag an gcarnadh maidir leo.

6. Glacfaidh an Coimisiún beart lena ndeonófar an carnadh dá dtagraítear in Airteagal 1, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 47(2) den Iarscríbhinn seo.

#### *Airteagal 11*

### **An t-aonad cáilíochta**

1. Is é a bheidh san aonad cáilíochta i dtaca le cur i bhfeidhm na hlarscríbhíne seo, an táirge sonracha a meastar gurb é an bunaonad é nuair a dhéantar an t-aicmiú a chinneadh agus an Córas Comhchuibhithe in úsáid.
2. I gcás inarb éard atá i gcoinsíneacht líon táirgí combhionanna atá aicmithe faoin gceannteideal céanna, cuirfear gach mír aonair san áireamh agus an Iarscríbhinn seo á cur i bhfeidhm.
3. I gcás ina n-áireofar an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críoch aicmithe, faoi rialail Ghinearálta 5 den Chóras Comhchuibhithe, áireofar chun tionscnamh a chinneadh í.

#### *Airteagal 12*

### **Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí**

Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealamh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus a áirítear sa phraghas díreach ón monarcha, measfar gur cuid den pháosa trealamh, den mheaisín, den ghairas nó den fheithicil sin iad.

#### *Airteagal 13*

### **Tacair**

Maidir le tacair, mar a shainítear i Rialail Ghinearálta 3 um léiriú ar an gCóras Comhchuibhithe, measfar gur tacair tionscnaimh iad más táirgí tionscnaimh na táirgí uile iontu.

I gcás ina mbeidh idir tháirgí tionscnaimh agus tháirgí neamhthionscnaimh sa tacar, measfar áfach gur tacar tionscnaimh an tacar sin ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

#### *Airteagal 14*

### **Eilimintí neodracha**

Chun a chinneadh an táirge tionscnaimh é táirge, ní chuirfear san áireamh áit tionscnaimh na nithe seo a leanas, a bhféadfaí iad a úsáid agus é á mhonarú:

- (a) fuinneamh agus breosla;
- (b) gléasra agus trealamh;
- (c) meaisíní agus uirlisí;
- (d) aon earraí eile nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

#### *Airteagal 15*

### **Deighilt chuntasaíochta**

1. Má úsáidtear ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus neamhthionscnaimh in oibriú nó i bpróiseáil táirge, féadfaidh údarais chustaim na mBallstát, arna iarraidh sin i scríbhinn ag oibreoirí eacnamaíoch, bainistiú ábhar san Aontas a údarú agus an modh deighilte cuntasaíochta in úsáid chun onnmhairiú a dhéanamh ina dhiaidh sin chuig OCT faoi chuimsiú chreat an charntha dhéthaobhaigh, gan na hábhair a choinneáil ar stoic ar leithligh.

2. Féadfaidh údaráis chustaim na mBallstát an deonú údaraithe dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh faoi réir aon choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí.

Ní dhéanfar an t-údarú a dheonú ach amháin más féidir a áirithiú, leis an modh dá dtagraítear i mír 3, maidir leis an líon táirgí a fhaightear a d'fhéadfaí a mheas gur táirgí de thionscnamh an Aontais iad, gurb ionann é tráth ar bith agus an líon a gheofaí dá ndéanfaí modh fisiciúil a úsáid chun na stoic a dheighilt.

Cuirfear an modh i bhfeidhm má údaraítear é, agus déanfar an cur i bhfeidhm sin a thaifeadadh ar bhonn na bprionsabal ginearálta cuntasaíochta atá infheidhme san Aontas.

3. Is é tairbhí an mhodha dá dtagraítear i mír 2 a tharraingeoidh suas cruthúnas tionscnaimh don chainníocht táirgí a fhéadfar a mheas a bheith de thionscnamh an Aontais nó, go dtí go gcuirfear córas REX i bhfeidhm, a chuirfidh isteach ar chruthúnas tionscnaimh ina leith. Soláthróidh an tairbhí ráiteas faoin tslí a ndearnadh na cainníochtaí a bhainistiú, arna iarraidh sin ag údaráis chustaim na mBallstát.

4. Déanfaidh údaráis chustaim na mBallstát faireachán ar an úsáid a bhainfear as an údarú dá dtagraítear i mír 1.

Féadfaidh siad an t-údarú a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina mbainfidh an tairbhí úsáid mhíchuí as an údarú ar aon mhodh ar bith; nó
- (b) i gcás ina mainneoidh an tairbhí aon cheann de na coinníollacha eile a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh.

#### *Airteagal 16*

#### **Maoluithe**

1. Ar thionscnamh ón gCoimisiún nó mar fhreagra ar iarraidh ó Bhallstát nó ó OCT, féadfar maolú sealadach a dheonú do OCT ar an Iarscríbhinn seo in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (a) imthosca inmheánacha nó seachtracha a choisceann air na rialacha maidir le héadáil tionscnaimh a chomhlíonadh dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, i gcás inarbh fhéidir leis é sin a dhéanamh roimhe sin;
- (b) teastaíonn am uaidh chun é féin a ullmhú chun na rialacha maidir le héadáil tionscnaimh a chomhlíonadh dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo;
- (c) tá údar maith leis mar gheall ar thionscail atá ann cheana a bheith á bhforbairt nó tionscail nua a bheith á gcruthú.

2. Cuirfear an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo faoi bhráid an Choimisiúin i scríbhinn, trí bhíthin na foirme a leagtar amach i bhFoscscríbhinn II. Luafar inti na cúiseanna leis an iarraidh agus cuirfear doiciméid tacaíochta iomchuí léi.

3. Cuirfear an méid seo a leanas, go háirithe, san áireamh agus iarrataí á scrúdú:

- (a) leibhéal forbartha nó suíomh geografach an OCT lena mbaineann, ag féachaint go háirithe do thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an chinnidh atá le déanamh go háirithe i ndáil le fostaíocht;
- (b) cásanna ina ndéanadh cur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh atá ann cheana difear suntasach do chumas tionscail atá ann cheana san OCT lena mbaineann leanúint dá onnmhairí chuig an Aontas, go háirithe i gcásanna ina bhféadfaí deireadh a chur lena ghníomhaíochtaí mar thoradh air;
- (c) cásanna sonracha inar féidir a léiriú go soiléir go bhféadfadh na rialacha tionscnaimh infheistíocht shuntasach i dtionscal a dhíspreagadh agus go bhféadfaí na rialacha sin a chomhlíonadh de réir a chéile le maolú i bhfabhar réadú an chláir infheistíochta.

4. Tabharfaidh an Coimisiún freagra dearfach ar na hiarrataí ar fad a bhfuil údar cuí leo i gcomhréir leis an Airteagal seo agus nach féidir leo mórghóbháil a dhéanamh do thionscal seanbhunaithe de chuid an Aontais.

5. Déanfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun a áirithiú go dtiocfar ar chinneadh a luaithe is féidir agus déanfaidh sé a dhícheall a sheasamh a ghlacadh laistigh de 75 lá oibre tar éis don Choimisiún an iarraidh a fháil.
6. Beidh an maolú sealadach teoranta do thréimhse iarmhairtí na n-imthosca inmheánacha nó seachtracha arbh iad ba chúis leis an maolú nó don thréimhse a bheidh ag teastáil ó OCT chun comhlíonadh na rialacha a bhaint amach nó chun na spriocanna a chomhlíonadh a leagadh síos leis an maolú, agus staid ar leith an OCT lena mbaineann agus a dheacrachtaí á gcur san áireamh.
7. I gcás ina ndeonófar maolú, beidh sé faoi réir aon cheanglas a leagtar síos maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil don Choimisiún i ndáil le húsáid an mhaolaithe agus le bainistiú na gcainníochtaí a ndeonaítear an maolú ina leith.
8. Glacfaidh an Coimisiún beart lena ndeonófar maolú sealadach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 47(2) den Iarscríbhinn seo.

### TEIDEAL III

#### CEANGLAIS CHRÍÓCHACHA

##### *Airteagal 17*

#### Prionsabal an chríochachais

1. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagail 7 go 10 den Iarscríbhinn seo, déanfar na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo maidir le stádas tionscnaimh a fháil a chomhlíonadh gan bhriseadh in OCT.
2. Má dhéantar táirgí tionscnaimh a onnmhairíodh ó OCT go tír eile a chur ar ais, measfar gur táirgí neamhthionscnaimh iad, mura féidir an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht údaráis chustaim OCT:
  - (a) gurb ionann na táirgí a cuireadh ar ais agus na táirgí a onnmhairíodh; agus
  - (b) nach ndearnadh aon oibríocht orthu thar mar ba ghá chun iad a choinneáil i ndea-bhail le linn dóibh a bheith sa tír sin nó le linn a n-onnmhairiúcháin.

##### *Airteagal 18*

#### Clásal neamh-chúblála

1. Na táirgí a dhearbhfófar lena scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas, is iad na táirgí céanna iad a onnmhairíodh ón OCT ina meastar gur thionscain siad. Ní bheidh athrú déanta orthu, ná claochlú ar bith ná oibríochtaí déanta orthu seachas oibríochtaí lena gcoinneáil i ndea-bhail, sula ndearbhaítear iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a stóráil agus coinsíneachtaí a scoilteadh nuair is faoi fhreagracht an onnmhaireora a dhéantar é nó faoi fhreagracht shealbhóir na n-earraí dá éis sin agus nuair a fhanann na táirgí faoi mhaoirseacht custaim sa tír nó sna tíortha idirthurais.
2. Measfaidh na húdaráis chustaim gur chomhlíon an dearbhóir mír 1 ach amháin má tá cúis acu lena mhalairt a chreidiúint. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh na húdaráis chustaim a iarraidh ar an dearbhóir fianaise ar chomhlíonadh a sholáthar, a fhéadfar a thabhairt ar mhodh ar bith, lena n-áirítear doiciméid iompair chonarthaacha amhail billí luchtá, nó fianaise fhíorasach nó nithiúil bunaithe ar mharcáil nó ar uimhriú pacáistí nó aon fhianaise a bhaineann leis na hearraí féin.
3. Beidh feidhm mutatis mutandis ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo nuair a bheidh carnadh i bhfeidhm faoi Airteagail 7 go 10 den Iarscríbhinn seo.

*Airteagal 19***Taispeántais**

1. Táirgí tionscnaimh a sheoltar ó OCT lena gcur ar taispeáint i dtír seachas OCT, tír CCE nó Ballstát agus a dhíoltar tar éis an taispeántais lena n-allmhairiú isteach san Aontas, tairbheoidh siad den Chinneadh seo tráth a n-allmhairithe, ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim:
  - (a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí sin ó OCT chuig an tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur chuir sé ar taispeáint ansin iad;
  - (b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine san Aontas;
  - (c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint;
  - (d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chríche seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.
2. Eiseofar nó tarraingeofar suas cruthúnas tionscnaimh i gcomhréir le forálacha Theideal IV den Iarscríbhinn seo agus cuirfear faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin iad ar an ngnáthmhodh. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air. I gcás inar gá, féadfar fianaise dhoiciméadach eile a éileamh maidir leis na coinníollacha inar taispeánadh iad.
3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú poiblí nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear ar chúiseanna príobháideacha i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtracha a dhíol, agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

## TEIDEAL IV

**CRUTHÚNAIS TIONSCNAIMH**

## Roinn 1

**Ceanglais ghinearálta***Airteagal 20***Méideanna arna sloinneadh in euro**

1. Chun críoch chur i bhfeidhm Airteagail 29 agus 30 den Iarscríbhinn seo i gcásanna ina sonrascfar táirgí in airgeadra seachas an euro, socróidh gach tír lena mbaineann, ar bhonn bliantúil, méideanna in airgeadraí náisiúnta na mBallstát a bheidh coibhéiseach leis na méideanna arna sloinneadh in euro.
2. Tairbheoidh coinsíneacht d'Airteagail 29 agus 30 den Iarscríbhinn seo faoi threoir an airgeadra ina ndéantar an sonrasc a tharraingt suas.
3. Is coibhéis na méideanna san airgeadra sin arna sloinneadh in euro, ar chéad lá oibre Dheireadh Fómhair, a bheidh sna méideanna atá le húsáid in aon airgeadra náisiúnta. Cuirfear na méideanna in iúl don Choimisiún faoin 15 Deireadh Fómhair agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Coimisiún na méideanna ábhartha in iúl do na tíortha uile lena mbaineann.
4. An méid a comhshódh as méid arna shloinneadh in euro, féadfaidh Ballstát é a shlánú suas nó síos. Ní ceadmhach difear níos mó ná 5 % a bheith idir an méid comhshóite agus an slánú. Féadfaidh Ballstát an choibhéis ina airgeadra náisiúnta de mhéid arna shloinneadh in euro a fhágáil gan athrú má tharlaíonn, tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 3, go dtugann comhshó an mhéid sin, sula ndéanfar aon slánú, méadú níos lú ná 15 % ar an gcoibhéis san airgeadra náisiúnta. Féadfar gan an choibhéis in airgeadra náisiúnta na tíre a athrú más rud é go dtiocfadh laghdú ar an luach coibhéiseach sin de thoradh a comhshóite.

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, dá dheoin féin nó arna iarraidh sin ag Ballstát nó ag OCT, ar na méideanna arna sloinneadh in euro agus a gcoibhéisí in airgeadraí náisiúnta roinnt Ballstát. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh a inmhianaithe atá sé éifeachtaí na dteorann i gceist a choimeád, i dtéarmaí réadacha. Féadfaidh sé, chun na críche sin, cinneadh a dhéanamh na méideanna arna sloinneadh in euro a mhodhnú.

## Roinn 2

### Nósanna imeachta tráth an onnmhairiúcháin in OCT

#### Airteagal 21

##### Ceanglais ghinearálta

Beidh feidhm le sochair ón gCinneadh seo sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás earraí a chomhlíonann ceanglais na hlarscríbhíne seo arna n-onnmhairiú ag onnmhaireoir cláraithe de réir bhrí Airteagal 22 den Iarscríbhinn seo;
- (b) i gcás coinsíneacht ar bith ina bhfuil pacáiste amháin nó níos mó agus táirgí tionscnaimh ann nó iontu arna n-onnmhairiú ag aon onnmhaireoir ar bith, i gcás nach mó ná EUR 10 000 luach iomlán na dtáirgí tionscnaimh a choinsínítear.

#### Airteagal 22

##### Iarraidh ar chlárúchán

1. Chun go gclárófar iad, cuirfidh onnmhaireoirí iarratas faoi bhráid údaráis inniúla OCT dá dtagraítear in Airteagal 39(1) den Iarscríbhinn seo, ar an bhfoirm a bhfuil múnla di leagtha amach i bhFoscríbhinn V.
2. Ní ghlacfaidh údaráis inniúla OCT le hiarratas ach amháin má tá sé iomlán.
3. Beidh an clárú bailí ón dáta a gheobhaidh údaráis inniúla OCTanna iarratas iomlán ar chlárú, i gcomhréir le míreanna 1 agus 2.
4. Onnmhaireoir atá bunaithe in OCT agus atá cláraithe cheana sa chóras REX chun críocha scéim GSP na hIorua nó na hEilvéise, ní bheidh ceangal air iarratas clárúcháin a chur faoi bhráid údarás inniúil an OCT sin lena chlárú chun críocha an Chinnidh seo.

#### Airteagal 23

##### Clárú

1. Ach a bhfaighidh siad an fhoirm iarratais iomlán dá dtagraítear i bhFoscríbhinn III, sannfaidh údaráis inniúla OCTanna an uimhir onnmhaireora chláráithe don onnmhaireoir gan mhoill agus iontrálfaidh siad sa chóras REX an uimhir onnmhaireora chláráithe, na sonraí clárúcháin agus an dáta óna mbeidh an clárú bailí i gcomhréir le hAirteagal 22(3) den Iarscríbhinn seo.

Cuirfidh údaráis inniúla OCTanna an t-onnmhaireoir ar an eolas faoin uimhir onnmhaireora chláráithe a sannadh don onnmhaireoir sin agus faoin dáta óna mbeidh an clárú bailí.

Coinneoidh údaráis inniúla OCTanna na sonraí atá cláraithe acu cothrom le dáta. Modhnóidh siad na sonraí sin láithreach tar éis don onnmhaireoir cláraithe iad a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 24(1) den Iarscríbhinn seo.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa chlárú:

- (a) ainm an onnmhaireora chláráithe, mar a shonraítear i mbosca 1 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscríbhinn III;
- (b) seoladh na háite ina bhfuil an t-onnmhaireoir cláraithe bunaithe, mar a shonraítear i mbosca 1, san fhoirm a leagtar amach i bhFoscríbhinn III, lena n-áirítear aitheantóir na tíre nó na críche (cód tíre alpha 2 ISO);

- (c) sonraí teagmhála mar a shonraítear i mboscaí 1 agus 2 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscúbhinn III;
- (d) tuairisc tháscach ar na hearraí atá incháilithe don chóir fhabhrach, lena n-áirítear liosta táscach ceanteideal nó caibidlí, mar a shonraítear i mbosca 4 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscúbhinn III;
- (e) uimhir aitheantais trádálaí (TIN) an onnmhaireora chláráithe mar a shonraítear i mbosca 1 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscúbhinn III;
- (f) cibé acu an trádálaí nó táirgeoir é an t-onnmhaireoir mar a shonraítear i mbosca 3 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscúbhinn III;
- (g) dáta clárúcháin an onnmhaireora chláráithe;
- (h) an dáta óna mbeidh an clárú bailí;
- (i) dáta chúlghairm an chlárúcháin i gcás inarb infheidhme.

#### Airteagal 24

### Cúlghairm chlárúcháin

1. Onnmhaireoirí cláráithe nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh chun aon earraí a onnmhairiú a thairbhíonn den Chinneadh seo, nó nach bhfuil sé beartaithe acu a thuilleadh na hearraí sin a onnmhairiú, cuirfidh siad údaráis inniúla OCTanna ar an eolas agus bainfidh siadsan láithreach iad de thaifead na n-onnmhaireoirí cláráithe a choinnítear san OCT sin.
2. Gan dochar do chóras na bpiónós agus na smachtbhannaí is infheidhme in OCTanna, i gcás ina ndéanann onnmhaireoirí cláráithe d'aon ghnó nó go faillíoch, nó ina gcuireann siad faoi deara d'aon ghnó nó go faillíoch, ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas nó aon doiciméad tacaíochta ina bhfuil faisnéis mhícheart agus as a leanann an tairbhe a ghabhann le cóir fhabhrach tarraife a fháil go neamhrialtach nó go calaoiseach, déanfaidh údaráis inniúla OCT an t-onnmhaireoir a chúlghairm ó thaifead na n-onnmhaireoirí cláráithe atá á choinneáil ag an OCT lena mbaineann.
3. Gan dochar don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag neamhrialtachtaí a fhaightear ar fhíoruithe ar feitheamh, beidh éifeacht ag an gcúlghairm ó thaifead na n-onnmhaireoirí cláráithe as sin amach, i.e. i ndáil le ráitis a tharraingeofar suas tar éis dháta na cúlghairme.
4. Maidir le honnmhaireoirí a ndearna údaráis inniúla OCT iad a chúlghairm ó thaifead na n-onnmhaireoirí cláráithe i gcomhréir le mír 2, ní fhéadfar iad a atabhairt isteach i dtaifead na n-onnmhaireoirí cláráithe go dtí go mbeidh cruthaithe acu do na húdaráis inniúla san OCT sin gur réitigh siad an cás ba chúis lena gcúlghairm.
5. Má rinne na húdaráis inniúla in OCT onnmhaireoir a chúlghairm ón taifead onnmhaireoirí cláráithe i gcomhréir le reachtaíocht GSP na hIorua nó na hEilvéise, beidh feidhm ag an gcúlghairm sin freisin chun críocha an Chinnidh seo.

#### Airteagal 25

### Doiciméid tacaíochta

1. Comhlíonfaidh onnmhaireoirí, bídís cláráithe nó ná bíodh, na hoibleagáidí seo a leanas:
  - (a) coimeádfaidh siad taifid chuntasaíochta tráchtála iomchuí le haghaidh táirgeadh agus soláthar earraí atá i dteideal cóir fhabhrach;
  - (b) coinneoidh siad an fhianaise uile ar fáil a bhaineann leis an ábhar a úsáideadh sa mhonarú;
  - (c) coinneoidh siad na doiciméid chustaim uile a bhaineann leis an ábhar a úsáideadh sa mhonarú;
  - (d) coinneoidh siad taifid ar na nithe seo a leanas go ceann 3 bliana ar a laghad ó dheireadh na bliana inar tarraingíodh suas an ráiteas maidir le tionscnamh, nó níos faide má cheanglaítear é sin leis an dlí náisiúnta:
    - (i) na ráitis maidir le tionscnamh a tharraing siad suas; agus
    - (ii) a gcuid ábhar tionscnaimh agus neamhthionscnaimh, a gcuntais táirgeachta agus a gcuntais stoic.



2. Maidir leis na taifid dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1, is féidir gur taifid leictreonacha a bheidh iontu ach beifear in ann na hábhair a úsáideadh le linn mhonarú na dtáirgí onnmhairithe a rianú uathu agus a stádas tionscnaimh a dhaingniú.

3. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le soláthróirí a chuireann an dearbhú soláthróra, dá dtagraítear in Airteagal 27 den Iarscríbhinn seo, ar fáil d'onnmhairóirí.

### Airteagal 26

#### Ráiteas maidir le tionscnamh agus faisnéis chun críche carnadh

1. Tarraingeoidh an t-onnmhairéir suas ráiteas maidir le tionscnamh nuair a onnmhairítear na táirgí lena mbaineann sé, más féidir a mheas gur earraí de thionscnamh OCT iad na hearraí lena mbaineann.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar, ar bhonn eisceachtúil, ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas tar éis an t-onnmhairíú a bheith déanta (ráiteas cúlghabhálach) ar choinníoll go dtíolacfar é i mBallstát an dearbhaithe lena scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis an onnmhairíúcháin.

3. Cuirfidh an t-onnmhairéir an ráiteas maidir le tionscnamh ar fáil dá chustaiméir san Aontas agus beidh na sonraí ann a shonraítear i bhFoscscríbhinn IV. Déanfar ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i mBéarla nó i bhFraincis.

Féadfar é a tharraingt suas ar aon doiciméad tráchtála lenar féidir an t-onnmhairéir lena mbaineann agus na hearraí lena mbaineann a shainaithint.

4. Chun críoch Airteagal 2(2) den Iarscríbhinn seo, nó chun carnadh déthaobhach a dhéanamh faoi Airteagal 7 den Iarscríbhinn seo:

- (a) tabharfar an fhianaise maidir le stádas tionscnaimh na n-ábhar a thagann ó OCT eile nó ón Aontas trí bhíthin ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingeofar suas i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo agus déanfaidh an soláthróir san OCT nó san Aontas, ónar tháinig na hábhair, é a sholáthar don onnmhairéir;
- (b) tabharfar an fhianaise ar oibriú nó próiseáil a rinneadh in OCT eile nó san Aontas trí bhíthin dearbhú ó sholáthróir, a tharraingeofar suas i gcomhréir le hAirteagal 27 den Iarscríbhinn seo, agus déanfaidh an soláthróir san OCT nó san Aontas ónar tháinig na hábhair é a chur ar fáil don onnmhairéir.

Sna cásanna ina bhfuil feidhm ag an gcéad fhomhír, sa ráiteas maidir le tionscnamh a dhéanfaidh an t-onnmhairéir a tharraingt suas, beidh an tasc 'EU cumulation', 'OCT cumulation' nó 'cumul UE', 'cumul PTOM', de réir mar a bheidh.

5. Chun carnadh a dhéanamh le tír CCE faoi Airteagal 8 den Iarscríbhinn seo:

- (a) tabharfar an fhianaise maidir le stádas tionscnaimh na n-ábhar a thagann ó tír CCE trí bhíthin cruthúnas tionscnaimh a eiseofar nó a tharraingeofar suas i gcomhréir le CCE idir an tAontas agus an tír CCE lena mbaineann, agus a chuirfidh an soláthróir sa tír CCE ónar tháinig na hábhair ar fáil don onnmhairéir;
- (b) tabharfar an fhianaise ar oibriú nó próiseáil a rinneadh sa tír CCE trí bhíthin dearbhú soláthróra, a tharraingeofar suas i gcomhréir le hAirteagal 27 den Iarscríbhinn seo agus a chuirfidh an soláthróir, sa tír CCE ónar tháinig na hábhair, ar fáil don onnmhairéir.

I gcásanna ina bhfuil feidhm leis an gcéad fhomhír, sa ráiteas maidir le tionscnamh a dhéanfaidh an t-onnmhairéir a tharraingt suas, beidh an tasc 'cumulation with EPA [ainm na tíre]' nó 'cumul avec le pays APE [ainm na tíre]'.

6. Chun carnadh a dhéanamh le tíortha eile a thairbhíonn de rochtain saor ó dhleacht saor ó chuóta ar mhargadh an Aontais faoin GSP faoi Airteagal 9 den Iarscríbhinn seo, tabharfaidh an soláthróir sa tír GSP ónar tháinig na hábhair an fhianaise maidir le stádas tionscnaimh don onnmhairéir leis na cruthúnais tionscnaimh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447.

Sa chás sin, beidh an tásca 'cumulation with GSP country [ainm na tíre]' nó 'cumul avec le pays SPG [ainm na tíre]' sa ráiteas maidir le tionscnamh a dhéanfaidh an t-onnmhaireoir a tharraingt suas.

7. Chun carnadh sínte a dhéanamh faoi Airteagal 10 den Iarscríbhinn seo, tabharfar an fhianaise maidir le stádas tionscnaimh na n-ábhar a thagann ó thír a bhfuil comhaontú saorthrádála ag an Aontas léi trí bhíthin cruthúnas tionscnaimh a eiseofar nó a tharraingeofar suas i gcomhréir leis an gcomhaontú saorthrádála sin, a chuirfidh an soláthróir, sa tír ónar tháinig na hábhair, ar fáil don onnmhaireoir.

Sna cásanna ina bhfuil feidhm ag an gcéad fhomhír, beidh an tásca 'extended cumulation with country [ainm na tíre]' nó 'cumul étendu avec le pays [ainm na tíre]' sa ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingeoidh an t-onnmhaireoir suas.

#### Airteagal 27

### Dearbhú soláthróra

1. Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 26(4) agus de phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 26(5) den Iarscríbhinn seo, déanfaidh an soláthróir dearbhú soláthróra ar leith a tharraingt suas le haghaidh gach coinsíneacht ábhar ar an sonrasc tráchtála a bhaineann leis an lastas sin nó in iarscríbhinn a ghabhann leis an sonrasc sin, nó ar nóta seachadta nó doiciméad tráchtála eile a bhaineann leis an lastas sin ina bhfuil tuairisc ar na hábhair lena mbaineann atá mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint. Leagtar amach sampla den dearbhú soláthróra i bhFoscscríbhinn V.

2. Nuair a sholáthraíonn soláthróir earraí do chustaiméir áirithe go rialta, earraí a meastar go bhfanfaidh a stádas seasmhach ar feadh i bhfad i leith na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach, féadfaidh sé aon dearbhú amháin a sholáthar ('dearbhu soláthróra fadtéarmach'), chun lastais de na hearraí sin ina dhiaidh sin a chumhdach, ar choinníoll nach n-athraíonn na fórais ná na himthosca ina ndeonaítear é.

Féadfar dearbhú soláthróra fadtéarmach a eisiúint ar feadh tréimhse suas le bliain amháin ó dháta eisiúna an dearbhaithe. Féadfar dearbhú soláthróra fadtéarmach a eisiúint le héifeacht chúlghabhálach. I gcásanna den sórt sin, ní fhéadfaidh a bhailíocht dul thar thréimhse bliana ón dáta a tháinig sé i bhfeidhm. Tabharfar an tréimhse bhailíochta sa dearbhú soláthróra fadtéarmach.

Féadfaidh an t-údarás custaim dearbhú soláthróra fadtéarmach a chúlghairm má thagann athrú ar na himthosca, nó i gcás inar cuireadh faisnéis mhíchruinn nó bhréagach ar fáil.

Cuirfidh an soláthróir an cliant ar an eolas láithreach nuair nach bhfuil an dearbhú soláthróra fadtéarmach bailí a thuilleadh i ndáil leis na hearraí a soláthraíodh.

3. Féadfar an dearbhú soláthróra a tharraingt suas ar fhoirm réamhchlóite.

4. Beidh na dearbhuithe soláthróra sínithe de láimh. I gcás ina mbunaítear an sonrasc agus an dearbhú soláthróra trí mhodhanna leictreonacha próiseála sonraí áfach, ní gá an dearbhú soláthróra a bheith sínithe de láimh, ar choinníoll go sainaithnítear an t-oifigeach freagrach sa chuideachta soláthair chun sástacht na n-údarás custaim sa tír nó sa chríoch inar bunaíodh na dearbhuithe soláthróirí. Féadfaidh na húdaráis chustaim den sórt sin coinníollacha a leagan amach maidir le cur chun feidhme na míre seo.

#### Airteagal 28

### Cruthúnas tionscnaimh

1. Déanfar ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i ndáil le gach coinsíneacht.

2. Beidh ráiteas maidir le tionscnamh bailí ar feadh 12 mhí ón dáta a tharraingíonn an t-onnmhaireoir suas é.

3. Féadfar roinnt coinsíneachtaí a chumhdach le haon ráiteas amháin maidir le tionscnamh má chomhlíonann na hearraí na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur táirgí díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte iad de réir bhrí Riall Ghinearálta 2(a) um an gCóras Comhchuibhithe a léiriú;

- (b) go dtagann siad faoi Roinn XVI nó XVII nó faoi cheannteideal 7308 nó 9406 den Chóras Comhchuibhithe; agus
- (c) go mbeartaítear iad a allmhairiú i dtráthchodanna.

### Roinn 3

## Nósanna imeachta maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas

### Airteagal 29

#### An cruthúnas tionscnaimh a chur ar fáil

1. Déanfar tagairt sa dearbhú custaim um scaoileadh i saorchúrsaíocht don ráiteas maidir le tionscnamh. Coinneofar an ráiteas maidir le tionscnamh ar fáil do na húdaráis chustaim, a fhéadfaidh a iarraidh go gcuirfear isteach é chun an dearbhú a fhíorú. Féadfaidh na húdaráis sin aistriúchán den ráiteas a éileamh freisin go teanga oifigiúil nó go ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann.
2. I gcás ina n-iarraídh an dearbhóir na tairbhí a éiríonn as an gCinneadh seo a chur i bhfeidhm, gan ráiteas maidir le tionscnamh a bheith ina sheilbh aige tráth a glacadh leis an dearbhú custaim um scaoileadh i saorchúrsaíocht, measfar gur dearbhú simplithe é sin de réir bhrí Airteagal 166 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(?)</sup> agus déileálfar leis dá réir sin.
3. Sula ndéanfaidh sé earraí a dhearbhu um scaoileadh i saorchúrsaíocht, glacfaidh an dearbhóir cúram cuí go gcomhlíonann na hearraí an Iarscríbhinn seo agus seiceálfadh sé an méid seo a leanas, go háirithe:
  - (a) ar an suíomh gréasáin poiblí dá dtagraítear in Airteagal 40(3) agus in Airteagal 40 (3) agus (4) den Iarscríbhinn seo go bhfuil an t-onnmhaiseoir cláraithe chun ráitis ar thionscnamh a dhéanamh, ach amháin i gcás nach mó ná EUR 10 000 luach iomlán na dtáirgí tionscnaimh a coinsíníodh; agus
  - (b) go ndearnadh an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gcomhréir le Foscríbhinn IV.

### Airteagal 30

#### Díolúine ón gcruthúnas tionscnaimh

1. Beidh na táirgí seo a leanas díolmhaithe ón oibleagáid ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas agus a thabhairt ar aird:
  - (a) táirgí a sheoltar mar phacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha go daoine príobháideacha, nach mó a luach iomlán ná EUR 500;
  - (b) táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe, nach mó a luach iomlán ná EUR 1 200.
2. Comhlíonfaidh na táirgí dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais seo a leanas:
  - (a) níltear á n-allmhairiú lena dtrádáil;
  - (b) dearbhaíodh go gcomhlíonann siad na coinníollacha chun tairbhiú den Chinneadh seo; agus
  - (c) níl aon amhras ann maidir le fírinneacht an dearbhaithe dá dtagraítear i bpointe (b).
3. Chun críocha phointe (a) de mhír 2, ní mheasfar gur allmhairí i bhfoirm trádála iad allmhairí má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
  - (a) is allmhairí ócáideacha iad;
  - (b) táirgí le haghaidh úsáid phearsanta na bhfaighteoirí nó na dtaistealaithe nó a dteaghlach, amháin, atá sna hallmhairí;
  - (c) is léir ó chineál agus ó chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chuspóir tráchtála ag baint leo.

<sup>(?)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

*Airteagal 31***Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla**

1. I gcás ina dtiocfar ar neamhréireachtaí beaga idir na sonraí a chumhdaítear i ráiteas maidir le tionscnamh agus na sonraí a thugtar sna doiciméid a chuirtear faoi bhráid na n-údarás custaim chun na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh maidir leis na táirgí a allmhairiú, ní bheidh an ráiteas maidir le tionscnamh neamhbhailí ipso facto má chruthaítear go hiomchuí go bhfreagraíonn an doiciméad sin do na táirgí lena mbaineann.
2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amhail earráidí cló ar ráiteas maidir le tionscnamh, níor cheart go ndiúltofaí don doiciméid sin dá ndeasca mura cúis amhraí iad maidir le cruinneas na ráiteas sa doiciméad sin.

*Airteagal 32***Bailíocht na ráiteas maidir le tionscnamh**

Ráitis maidir le tionscnamh a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin tar éis na tréimhse bailíochta a luaitear in Airteagal 28(2) den Iarscríbhinn seo, féadfar glacadh leo chun fabhair taraife a chur i bhfeidhm más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe. I gcásanna eile inar tiolacadh na doiciméid go déanach, féadfaidh údaráis chustaim na tíre allmhairiúcháin glacadh leis na ráitis maidir le tionscnamh i gcás inar tiolacadh na táirgí do lucht custaim roimh an dáta deiridh sin.

*Airteagal 33***Nós imeachta maidir le hallmhairiú i dtráthchodanna**

1. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(3) den Iarscríbhinn seo ar feadh tréimhse arna chinneadh ag údaráis chustaim na mBallstát.
2. Fíoróidh údaráis chustaim na mBallstát allmhairíochta a dhéanann maoirseacht ar an scaoileadh i saorchúrsaíocht i ndiaidh a chéile gur cuid de na táirgí díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte a ndearnadh an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ina leith atá i ngach ceann de na coinsneachtaí.

*Airteagal 34***Ráitis maidir le tionscnamh a fhíorú**

1. I gcás ina mbeidh amhras orthu maidir le stádas tionscnaimh na dtáirgí, féadfaidh na húdaráis chustaim a iarraidh ar an dearbhóir, laistigh de thréimhse ama réasúnta a shonróidh siad, aon fhianaise a bheidh ar fáil a sholáthar chun cruinneas an tásca tionscnaimh ar an ráiteas a fhíorú nó chun a fhíorú go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18 den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh.
2. Féadfaidh na húdaráis chustaim cur i bhfeidhm an bhirt fhabhraigh taraife a chur ar fionraí ar feadh ré an nós imeachta fíorúcháin a leagtar síos in Airteagal 43 den Iarscríbhinn seo sna cásanna seo a leanas:
  - (a) ní leor an fhaisnéis a chuireann an dearbhóir ar fáil chun stádas tionscnaimh na dtáirgí a dhaingniú ná chun a dhaingniú go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 17(2) nó in Airteagal 18 den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh;
  - (b) ní thugann an dearbhóir freagra laistigh den tréimhse ama a cheadaítear chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar fáil.
3. Fad a bheifear ag fanacht ar an bhfaisnéis a iarraidh ar an dearbhóir, dá dtagraítear i mír 1, nó ar thorthaí an nós imeachta fíorúcháin, dá dtagraítear i mír 2, tairgfidh na húdaráis chustaim don allmhaireoir na táirgí a scaoileadh faoi réir aon bhearta réamhchúraim a mheastar a bheith riachtanach.

*Airteagal 35***Fabhair a dhiúltú**

1. Diúltóidh údaráis chustaim an Bhallstáit allmhairiúcháin teidlíocht ar thairbhí an Chinnidh seo, gan oibleagáid a bheith orthu aon fhianaise bhreise a iarraidh ná iarraidh ar fhíorú a sheoladh chuig OCT, sna cásanna seo a leanas:
  - (a) ní hionann na hearraí agus na hearraí a luaitear sa ráiteas maidir le tionscnamh;
  - (b) mainníonn an dearbhóir ráiteas maidir le tionscnamh a chur isteach do na táirgí lena mbaineann, i gcás ina n-éilítear ráiteas den sórt sin;
  - (c) gan dochar do phointe (b) d'Airteagal 21 agus d'Airteagal 30(1) den Iarscríbhinn seo, ní onnmhaireoir atá cláraithe in OCT a tharraingt suas an ráiteas maidir le tionscnamh atá i seilbh an dearbhóra;
  - (d) ní dhearnadh an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gcomhréir le Foscríbhinn IV; nó
  - (e) níl coinníollacha Airteagal 18 den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh.
2. Diúltóidh údaráis chustaim an Bhallstáit allmhairiúcháin teidlíocht ar thairbhí an Chinnidh seo, tar éis fíorú a iarraidh ar údaráis inniúla OCTanna, de réir bhrí Airteagal 43 den Iarscríbhinn seo, sna cásanna seo a leanas:
  - (a) fuair údaráis chustaim an Bhallstáit allmhairiúcháin freagra a thugann le fios nach raibh an t-onnmhaireoir i dteideal an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas;
  - (b) fuair siad freagra a thugann le fios nach de thionscnamh an OCT lena mbaineann na táirgí lena mbaineann nó nár comhlíonadh coinníollacha Airteagal 17(2) den Iarscríbhinn seo; nó
  - (c) bhí amhras réasúnach orthu faoi bhailíocht an ráitis maidir le tionscnamh nó faoi chruinneas na faisnéise a thug an dearbhóir maidir le fíorthionscnamh na dtáirgí i gceist nuair a d'iarr siad fíorú; agus
    - (i) ní bhfuair siad aon fhreagra laistigh den tréimhse ama a cheadaítear i gcomhréir le hAirteagal 43 den Iarscríbhinn seo; nó
    - (ii) fuair siad freagra nach dtugann freagraí leordhóthanacha ar na ceisteanna a ardaíodh san iarraidh.

## TEIDEAL V

**SOCRUITHE MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN**

## Roinn 1

**Ceanglais Ghinearálta***Airteagal 36***Prionsabail ghinearálta**

1. Chun cur i bhfeidhm cuí na bhfabhar a áirithiú, déanfaidh OCTanna an méid seo a leanas:
  - (a) na struchtúir agus na córais riaracháin is gá a chur ar bun agus a choimeád ar bun chun na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a chur chun feidhme agus a bhainistiú san OCT sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na socruithe is gá chun carnadh a chur i bhfeidhm;
  - (b) comhoibriú, trína n-údaráis inniúla, leis an gCoimisiún agus le húdaráis chustaim na mBallstát.
2. Beidh an méid seo a leanas sa chomhar dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo:
  - (a) an tacaíocht uile is gá a chur ar fáil i gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún go ndéanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme cuí na hlarscríbhinne sa tír lena mbaineann, lena n-áirítear an Coimisiún nó údaráis chustaim na mBallstát ag tabhairt cuairteanna fíorúcháin ar an láthair;

- (b) gan dochar d'Airteagail 34 agus 35 den Iarscríbhinn seo, stádas tionscnaimh táirgí agus comhlíonadh na gcoinníollacha eile a leagtar síos san Iarscríbhinn seo a fhíorú, lena n-áirítear cuairteanna fíorúcháin ar an láthair, arna iarraidh sin don Choimisiún nó d'údarás chustaim na mBallstát i gcomhthéacs na n-imscrúduithe tionscnaimh;
  - (c) i gcás inar cosúil go léiríonn an nós imeachta fíorúcháin nó aon fhaisnéis eile atá ar fáil go bhfuil an Iarscríbhinn seo á sárú, déanfaidh OCT, dá dheoin féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún nó d'údarás chustaim na mBallstát, fíorúcháin iomchuí nó socróidh sé go ndéanfar fíorúcháin den sórt sin go pras chun sárúithe den sórt sin a shainaithint agus a chosc. Féadfaidh an Coimisiún agus údarás chustaim na mBallstát páirt a ghlacadh sna fíorúcháin.
3. Cuirfidh OCTanna gealltanais foirmiúil faoi bhráid an Choimisiúin go gcomhlíonfaidh siad ceanglais mhír 1.

#### *Airteagal 37*

### **Ceanglais maidir le foilsíú agus comhlíonadh**

1. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (Sraith C) an liosta OCTanna agus an dáta a mheastar go gcomhlíonann siad na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 39 den Iarscríbhinn seo. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta sin cothrom le dáta nuair a chomhlíonfaidh OCT nua na coinníollacha céanna.
2. Táirgí de thionscnamh OCT, ní thairbheoidh siad de na fabhair tharaife nuair a scaoiltear chun saorchúrsaíochta san Aontas iad ach amháin ar choinníoll gur onnmhairíodh iad ar an dáta a shonraítear sa liosta dá dtagraítear i mír 1 nó tar éis an dáta sin.
3. Measfar go bhfuil Airteagail 36 agus 39 den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh ag OCT ar an dáta a thugann sé:
  - (a) an fógra dá dtagraítear in Airteagal 39(1) den Iarscríbhinn seo, agus
  - (b) an gealltanais dá dtagraítear in Airteagal 36(3) den Iarscríbhinn seo.

#### *Airteagal 38*

### **Pionóis**

Forchuirfear pionóis ar aon duine a tharraingeoidh suas doiciméad, nó a chuirfidh faoi deara doiciméad a tharraingt suas, ina bhfuil faisnéis mhíchruinn chun cóir fhabhrach a fháil do tháirgí.

#### Roinn 2

### **Na modhanna comhair riaracháin is infheidhme maidir le córas REX**

#### *Airteagal 39*

### **Ainmneacha agus seoltaí údaráis inniúla OCTanna a chur in iúl**

1. Tabharfaidh OCTanna fógra don Choimisiún faoi ainmneacha agus seoltaí na n-údarás atá suite ina gcíoch atá:
  - (a) ina gcuid d'údaráis rialtais na tíre lena mbaineann agus a bhfuil sé de chumhacht acu tacú leis an gCoimisiún agus le húdarás chustaim na mBallstát tríd an gcomhar riaracháin dá bhforáiltear sa Teideal seo;
  - (b) ina gcuid d'údaráis rialtais na tíre lena mbaineann, nó a ghníomhaíonn faoi údarás an rialtais, agus a bhfuil sé de chumhacht acu onnmhairroirí a chlárú agus iad a bhaint de thairbhí na n-onnmhairroirí cláraithe.
2. Cuirfidh OCTanna an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis ar tugadh fógra ina leith faoi mhíreanna 1 agus 2.
3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig údarás chustaim na mBallstát.

*Airteagal 40***Cearta rochtana ar shonraí ó chóras REX agus na sonraí sin a fhoilsiú**

1. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí go léir lena gceadú.
2. Beidh rochtain lena gceadú ag údaráis inniúla OCTanna ar na sonraí a bhaineann le honnmhaireoirí atá cláraithe acu.

Tabharfaidh an Coimisiún rochtain shlán ar chóras REX d'údaráis inniúla OCTanna.

3. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí seo a leanas ar fáil don phobal:
  - (a) uimhir an onnmhaireora chláráithe;
  - (b) dáta clárúcháin an onnmhaireora chláráithe;
  - (c) an dáta óna mbeidh an clárú bailí;
  - (d) dáta chúlghairm an chlárúcháin i gcás inarb infheidhme.
4. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí seo a leanas ar fáil don phobal má thugann an t-onnmhaireoir a thoilíu leis trí bhosca 6 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III a shíniú:
  - (a) ainm an onnmhaireora chláráithe, mar a shonraítear i mbosca 1 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III;
  - (b) seoladh na háite ina bhfuil an t-onnmhaireoir cláraithe bunaithe, mar a shonraítear i mbosca 1 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III;
  - (c) sonraí teagmhála mar a shonraítear i mbosca 1 agus i mbosca 2 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III;
  - (d) tuairisc tháscach ar na hearraí atá incháilithe don chóir fhabhrach, lena n-áirítear liosta táscach ceannteideal nó caibidlí, mar a shonraítear i mbosca 4 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III;
  - (e) uimhir aitheantais trádálaí (TIN) an onnmhaireora chláráithe mar a shonraítear i mbosca 1 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III;
  - (f) cibé acu an trádálaí nó táirgeoir é an t-onnmhaireoir cláraithe, mar a shonraítear i mbosca 3 den fhoirm a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III.

Ní bheidh diúltú bosca 6 a shíniú ina fhoras chun clárú an onnmhaireora a dhiúltú.

*Airteagal 41***Cosaint sonraí sa chóras REX**

1. Déanfar na sonraí arna gclárú ag údaráis inniúla OCTanna sa chóras REX a phróiseáil chun críocha na hlarscríbhinne seo agus chun na gcríoch sin amháin.
2. An fhaisnéis a leagtar síos in Airteagail 14 go 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup> nó in Airteagail 12 go 14 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>, de réir mar is infheidhme, tabharfar d'onnmhaireoirí cláraithe í.

Tabharfar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'onnmhaireoirí cláraithe trí fhógra i gceangal leis an iarratas ar bheith ina onnmhaireoir cláraithe mar a leagtar amach i bhFoscscríbhinn III a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

3. Measfar gur rialaitheoir maidir le próiseáil na sonraí sin gach údarás inniúil OCT a thug sonraí isteach sa chóras REX.

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Measfar gur rialaitheoir comhpháirteach é an Coimisiún maidir le próiseáil na sonraí uile chun a ráthú go bhfaighidh an t-onnmhaireoir cláraithe a chearta.

4. Feidhmeofar cearta onnmhaireoirí cláraithe maidir le próiseáil na sonraí a liostaítear i bhFoscábhinn III a ghabhann leis an Iarscábhinn seo, a stóráiltear sa chórais REX agus a phróiseáiltear i gcórais náisiúnta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

5. Ballstáit a dhéanann macasamhlú ina gcórais náisiúnta ar shonraí an chórais REX a bhfuil rochtain acu orthu, coinneoidh siad na sonraí macasamhlaithe sin cothrom le dáta.

6. Feidhmeofar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 cearta onnmhaireoirí cláraithe maidir le próiseáil a sonraí clárúcháin ag an gCoimisiún.

7. Maidir le haon iarraidh ó onnmhaireoir cláraithe an ceart a fheidhmiú chun sonraí a rochtain, a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725, cuirfear faoi bhráid an rialaitheora sonraí í agus déanfaidh an rialaitheoir sonraí an iarraidh sin a phróiseáil.

I gcás ina gcuirfidh onnmhaireoir cláraithe iarraidh den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin gan iarracht a dhéanamh a chearta a fháil ón rialaitheoir sonraí, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh sin ar aghaidh chuig rialaitheoir sonraí an onnmhaireora chláraithe.

Má theipeann ar an onnmhaireoir cláraithe a chearta a fháil ón rialaitheoir sonraí, cuirfidh an t-onnmhaireoir cláraithe an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin agus é ag gníomhú mar rialaitheoir. Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún na sonraí a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil.

8. Na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le chéile, iad araon ag gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí féin, déanfaidh siad an méid a leanas, de réir mar is gá:

- (a) comhoibriú agus maoirseacht chomhordaithe ar na sonraí clárúcháin a áirithiú;
- (b) faisnéis ábhartha a mhalartú;
- (c) cabhrú le chéile chun iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh;
- (d) breathnú ar na deacrachtaí a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm na hlarscábhinne seo;
- (e) staidéar a dhéanamh ar fhadhbanna a bhaineann le feidhmiú na maoirseachta neamhspleáiche nó feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí;
- (f) tograí comhchuibhithe a dhréachtú i gcomhair réitigh chomhpháirteacha ar aon fhadhbanna; agus
- (g) feasacht maidir le cearta um chosaint sonraí a chur chun cinn.

#### *Airteagal 42*

#### **Rialú tionscnaimh**

1. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le stádas tionscnaimh táirgí, déanfaidh údaráis inniúla OCT an méid seo a leanas:

- (a) fíoruithe ar stádas tionscnaimh táirgí arna iarraidh sin d'údaráis chustaim na mBallstát;
- (b) rialuithe rialta ar onnmhaireoirí, dá ndeoin féin.

2. Leis na rialuithe dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, áiritheofar go leanfaidh onnmhaireoirí de bheith ag comhlíonadh a n-oibleagáidí. Déanfar go tráthrialta iad, ar bhonn critéir iomchuí anailíse riosca. Chun na críche sin, ceanglóidh údaráis inniúla OCTanna ar onnmhaireoirí cóipeanna nó liosta de na ráitis ar thionscnamh atá tarraingthe suas acu a chur ar fáil.

3. Beidh sé de cheart ag údaráis inniúla OCTanna aon fhianaise a iarraidh agus aon chigireacht a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora agus, i gcás inarb iomchuí, ar chuntais na dtáirgeoirí a sholáthraíonn don onnmhaireoir, lena n-áirítear ag an áitreabh, nó aon seiceáil eile a mheastar a bheith iomchuí.



*Airteagal 43***Iarraidh ar ráitis maidir le tionscnamh a fhíorú**

1. Is go randamach a dhéanfar fíoruithe ar ráitis maidir le tionscnamh dá éis sin, nó i gcás ina mbeidh amhras réasúnach ar údarais chustaim na tíre allmhairiúcháin faoina mbarántúlacht, faoi stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó faoi chomhlíonadh cheanglais eile san Iarscríbhinn seo.

I gcás ina n-iarrfaidh údarais chustaim Ballstáit comhar na n-údarás inniúil in OCT chun bailíocht na ráiteas maidir le tionscnamh a fhíorú, stádas tionscnaimh táirgí a fhíorú, nó an dá rud, léireoidh siad, i gcás inarb iomchuí, ar an iarraidh na cúiseanna a bhfuil amhras réasúnach orthu faoi bhailíocht an ráitis maidir le tionscnamh nó faoi stádas tionscnaimh na dtáirgí.

Féadfar cóip den ráiteas maidir le tionscnamh agus aon fhaisnéis bhreise nó aon doiciméid bhreise a thugann le tuiscint go bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas sin mícheart a chur ar aghaidh mar thaca leis an iarraidh ar fhíorú.

Socróidh an Ballstát iarrthach spriocdháta tosaigh 6 mhí chun torthaí an fhíoraithe a chur in iúl, ag tosú ó dháta na hiarrata ar fhíorú.

2. Más rud é, i gcásanna ina mbeidh amhras réasúnach ann, nach dtugtar aon fhreagra laistigh den tréimhse a shonraítear i mír 1 nó mura leor an fhaisnéis sa fhreagra chun tionscnamh iarbhír na dtáirgí a chinneadh, cuirfear an dara teachtaireacht chuig údarais inniúla OCT lena mbaineann. Leagfar síos sa teachtaireacht sin spriocdháta eile nach faide ná 6 mhí.

*Airteagal 44***Dearbhuithe soláthróirí a fhíorú**

1. Féadfar fíorú an dearbhaithe soláthróra dá dtagraítear in Airteagal 27 den Iarscríbhinn seo a dhéanamh go randamach nó i gcásanna ina mbeidh amhras réasúnach ar údarais chustaim na tíre allmhairiúcháin faoi bharántúlacht an doiciméid nó faoi chruinneas nó iomláine na faisnéise maidir le tionscnamh iarbhír na n-ábhar i gceist.

2. Féadfaidh na húdarais chustaim a gcuirtear dearbhú soláthróra faoina mbráid iarraidh ar údarais chustaim na tíre ina ndearnadh an dearbhú deimhniú faisnéise a eisiúint. Leagtar amach sampla dá bhfuil i gceist i bhFoscríbhinn VI. De rogha air sin, féadfaidh na húdarais chustaim a gcuirtear dearbhú soláthróra faoina mbráid a iarraidh ar an onmhaireoir deimhniú faisnéise a thabhairt ar aird arna eisiúint ag údarais chustaim na tíre inar tarraingíodh suas an dearbhú soláthróra.

Déanfaidh an oifig a d'eisigh an deimhniú faisnéise cóip de a choimeád go ceann 3 bliana ar a laghad.

3. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdarais chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Caithfidh gur torthaí iad a léireoidh go soiléir an dearbhú cruinn é maidir le stádas na n-ábhar.

4. Chun críoch fíoraithe, coinneoidh soláthróirí cóip den doiciméad ina bhfuil an dearbhú, maille leis an bhfaisnéis riachtanach ar fad a léiríonn fíorstádas na n-ábhar, go ceann 3 bliana ar a laghad.

5. Beidh de cheart ag na húdarais chustaim sa tír ina dtarraingeofar suas an dearbhú soláthróra aon fhianaise a éileamh nó aon seiceáil a dhéanamh a mheasann siad a bheith iomchuí chun cruinneas aon dearbhaithe soláthróra a fhíorú.

6. Aon ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingeofar suas ar bhonn dearbhú soláthróra a bhí míchruinn, measfar go bhfuil sé neamhbhailí.

*Airteagal 45***Forálacha eile**

1. Beidh feidhm ag an Roinn seo agus ag Roinn 2 de Theideal IV mutatis mutandis maidir leis na nithe seo a leanas:
  - (a) onnmhairí ón Aontas chuig OCT chun carnadh déthaobhach a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 7 den Iarscríbhinn seo;
  - (b) onnmhairí ó OCT amháin chuig OCT eile chun carnadh OCT a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 2(2) den Iarscríbhinn seo;
  - (c) onnmhairí ón Aontas chuig OCT nuair a dheonaíonn an OCT sin cóir fhabhrach taraife go haontaobhach do tháirge de thionscnamh an Aontais, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.
2. Féadfaidh OCT foráil a dhéanamh freisin go mbeidh córas REX, dá dtagraítear in Airteagail 22, 23, 24, 39, 40 agus 41 den Iarscríbhinn seo, le húsáid chun go ndeonóidh an OCT sin cóir fhabhrach taraife do tháirgí de thionscnamh OCT eile ar bhonn ráitis tionscnaimh arna ndéanamh ag onnmhairí atá cláraithe san OCT eile sin.
3. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) de mhír (1) den Airteagal seo, clárófar onnmhairí san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

## TEIDEAL VI

**CEUTA AGUS MELILLA***Airteagal 46***Ceuta agus Melilla**

1. Beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha na hIarscríbhinne seo maidir le cruthúnais tionscnamh a eisiúint, a úsáid agus a fhíorú dá éis sin maidir le táirgí a onnmhairítear ó OCT go Ceuta agus Melilla agus maidir le táirgí a onnmhairítear ó Ceuta agus Melilla chuig OCT chun críoch carnadh déthaobhach.
2. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.
3. Beidh údaráis chustaim na Spáinne freagrach as an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm in Ceuta agus Melilla.

## TEIDEAL VII

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA***Airteagal 47***Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 cúnadh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn agus ina ndéantar tagairt don mhír seo, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh.

*Foscábhinn 1***Nótaí réamhráiteacha agus liosta d'oibríochtaí oibre nó próiseála a thugann stádas tionscnaimh****Nótaí réamhráiteacha****Nóta 1 – Réamhrá ginearálta**

Leagtar síos san Fhoscábhinn seo na coinníollacha de bhun Airteagal 4 den Iarscábhinn seo faoina measfar go dtionscnaíonn táirgí san OCT lena mbaineann. Tá ceithre chineál éagsúla rialacha ann, a athraíonn, ag brath ar an táirge:

- (a) agus oibriú nó próiseáil déanta, ní sháraítear uasmhéid d'ábhar neamhthionscnaimh;
- (b) agus oibriú nó próiseáil déanta, tá an ceannteideal 4 dhigit nó an fo-cheannteideal 6 dhigit a bhaineann leis na táirgí monaraithe éagsúil leis an gceannteideal 4 dhigit nó leis an bhfo-cheannteideal 6 dhigit, faoi seach, a bhain leis na hábhair a úsáideadh;
- (c) déantar oibríocht shonrach oibríthe agus próiseála;
- (d) déantar an t-oibriú nó an phróiseáil ar ábhair áirithe a fuarthas ina n-iomláine.

**Nóta 2 – Struchtúr an liosta**

- 2.1. Tugtar tuairisc i gcolún 1 agus 2 ar an táirge a fuarthas. I gcolún 1 tugtar uimhir na caibidle, uimhir 4 dhigit an cheanteidil nó uimhir 6 dhigit an fho-cheanteidil, de réir mar is iomchuí. I gcolún 2 tugtar tuairisc ar na hearraí a úsáidtear sa Chóras Comhchuibhithe, faoin gceannteideal nó faoin gcaibidil sin. I gcás gach iontráil i gcolún 1 agus 2, faoi réir Nóta 2.4, sonraítear riail nó rialacha ('oibríochtaí cáilitheacha') i gcolún 3. Ní bhaineann na hoibríochtaí cáilitheacha sin ach le hábhair neamhthionscnaimh. I gcásanna áirithe ina dtagann 'ex' roimh an iontráil i gcolún 1, ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag an riail i gcolún 3 ach maidir leis an gcuid den cheanteideal sin ar a dtugtar tuairisc i gcolún 2.
- 2.2. I gcás ina gcuirfead roinnt ceannteideal nó fo-cheanteideal ón gCóras Comhchuibhithe le chéile i gcolún 1 nó ina dtabharfar uimhir chaibidle agus an tuairisc ar na táirgí i gcolún 2 i dtéarmaí ginearálta dá bharr, tá feidhm ag an riail atá in aice leo i gcolún 3 maidir le gach táirge faoin gCóras Comhchuibhithe, a aicmítear i gceanteidil na caibidle nó in aon cheann de na ceannteidil nó de na fo-cheanteidil atá le chéile i ngrúpaí i gcolún 1.
- 2.3. I gcás ina mbeidh rialacha éagsúla sa liosta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí éagsúla laistigh de cheanteideal, tá tuairisc i ngach fleasc ar an gcuid den cheanteideal a chumhdaítear faoin riail atá in aice leo i gcolún 3.
- 2.4. I gcás ina sonrúfar dhá riail mhalartacha i gcolún 3, agus 'nó' eatarthu, is faoin onnmhaireoir atá sé an rogha a dhéanamh.

**Nóta 3 – Samplaí den chaoi leis na rialacha a chur i bhfeidhm**

- 3.1. Beidh feidhm ag Airteagal 4(2) den Iarscábhinn seo, maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh bainte amach acu a úsáidtear le linn monarú táirgí eile, is cuma ar baineadh an stádas sin amach laistigh den mhonarcha ina n-úsáidtear na táirgí sin nó i monarcha eile in OCT nó san Aontas.
- 3.2. De bhun Airteagal 5 den Iarscábhinn seo, caithfidh gur mó an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ná an liosta oibríochtaí dá dtagraítear san Airteagal sin. A mhalairt, agus ní cháileoidh na hearraí chun tairbhiú den chóir fhabhrach taraise a dheonaítear, fiú má chomhlíontar na coinníollacha a shonraítear sa liosta thíos.

Faoi réir Airteagal 5 den Iarscábhinn seo, is éard atá sna rialacha atá sa liosta an t-íosmhéid oibríthe nó próiseála is gá agus má dhéantar tuilleadh oibríthe nó próiseála tugtar stádas tionscnaimh freisin; os a choinne sin, ní thugtar stádas tionscnaimh má dhéantar níos lú oibríthe nó próiseála. Dá bhrí sin, má fhoráiltear le riail go bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, cheadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos luaithe sa mhonarú, agus ní cheadaítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos déanaí.

- 3.3. Gan dochar do Nóta 3.2, i gcás riail ina bhfuil 'Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal', féadfar ábhair faoi aon cheannteideal nó cheannteidil (ábhair den tuairisc céanna agus faoin gceannteideal céanna leis an táirge fiú) a úsáid sa chás sin, faoi réir aon srianta sonracha a d'fhéadfadh a bheith sa riail freisin, áfach.

Mar sin féin, ciallaíonn 'Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile faoin gceannteideal...' nó 'Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile faoin gceannteideal céanna leis an táirge' go bhféadfar ábhair faoi aon cheannteideal nó cheannteidil a úsáid, seachas iad siúd atá ar aon tuairisc leis an táirge mar a thugtar i gcolún 2 den liosta.

- 3.4. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta go bhféadfar táirge a mhonarú as níos mó ná aon ábhar amháin, ciallaíonn sé sin go bhféadfar ábhar amháin nó níos mó a úsáid. Ní gá na hábhair go léir a úsáid de réir na rialach sin.
- 3.5. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta nach mór táirge a mhonarú as ábhar ar leith, ní chuireann an riail cosc ar ábhair eile a úsáid freisin, ábhair nach féidir an coinníoll sin a chomhlíonadh de bharr chineál bunúsach na n-ábhar sin.

#### Nóta 4 – Forálacha ginearálta maidir le hearraí talmhaíochta áirithe

- 4.1. Earraí talmhaíochta a áirítear faoi réim Chaibidlí 6, 7, 8, 9, 10, 12, agus ceannteideal 2401 a fhástar nó a bhaintear i gcríoch OCT, déileálfar leo mar earraí de thionscnamh chríoch an OCT sin, fiú má fhástar iad ó shíolta, bleibíní, fréamhstoc, gearrthóga, beangáin, péacáin, bachlóga, nó codanna beo eile de phlandaí a allmhairítear ó thír eile.
- 4.2. I gcásanna ina mbeidh an cion siúcra neamhthionscnaimh i dtáirge áirithe faoi réir teorainneacha, cuirtear meáchan na siúcraí a úsáidtear le linn mhonarú an táirge deiridh agus a úsáidtear le linn mhonarú na dtáirgí neamhthionscnaimh a ionchorpraítear sa táirge deiridh san áireamh agus na teorainneacha sin á ríomh, siúcraí a áirítear faoi cheannteidil 1701 (siúcros) agus 1702 (e.g. fruchtós, glúcós, lachtós, maltós, iseaghlúcós nó siúcra inbhéartaithe).

#### Nóta 5 – Téarmaíocht a úsáidtear i leith táirgí teicstíle áirithe

- 5.1. Úsáidtear an téarma 'snáithíní nádúrtha' sa liosta chun tagairt do na snáithíní nach snáithíní saorga ná sintéiseacha iad. Tá sé teoranta do na céimeanna sula ndéantar an sníomh; lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile, ach nach bhfuil sníofa.
- 5.2. Áirítear leis an téarma 'snáithíní nádúrtha' rón faoi cheannteideal 0503, síoda faoi cheannteidil 5002 agus 5003 chomh maith leis na snáithíní olla, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh faoi cheannteidil 5101 go 5105, na snáithíní cadáis faoi cheannteidil 5201 go 5203 agus na snáithíní plandúla eile faoi cheannteidil 5301 go 5305.
- 5.3. Úsáidtear na téarmaí 'laíon teicstíle', 'ábhair cheimiceacha' agus 'ábhair déanta páipéir' sa liosta chun tagairt do na hábhair nach n-aicmítear i gCaibidlí 50 go 63, ábhair is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáthanna saorga, sintéiseacha nó páipéir a mhonarú.
- 5.4. Úsáidtear an téarma 'snáithíní stáplacha de dhéantús an duine' sa liosta chun tagairt do bharrach filiméadach sintéiseach nó saorga, snáithíní stáplacha nó dramhaíl atá sintéiseach nó saorga, a aicmítear faoi cheannteidil 5501 go 5507.

#### Nóta 6 – Lamháiltais is infheidhme maidir le táirgí a dhéantar de mheascán d'ábhair teicstíle

- 6.1. I gcás ina ndéanfar tagairt don Nóta seo le haghaidh táirge áirithe sa liosta, ní chuirfear na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 3 i bhfeidhm maidir le haon ábhair teicstíle bhunúsacha a úsáidtear le linn mhonarú an táirge sin, arb ionann iad, nuair a chuirtear le chéile iad, agus 10 % nó níos lú de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáideadh. (Féach Nóta 6.3 agus Nóta 6.4 freisin)
- 6.2. Mar sin féin, ní fhéadfar an lamháiltais a luaitear i Nóta 6.1 a chur i bhfeidhm ach maidir le táirgí measctha a rinneadh as dhá cheann nó níos mó d'ábhair teicstíle bhunúsacha.

Is iad seo a leanas na hábhair theicstíle bhunúsacha:

- síoda;
- olann;
- fionnadh ainmhíoch garbh;
- fionnadh ainmhíoch mín;
- rón;
- cadás;
- ábhair déanta páipéir agus páipéar;
- líon;
- fíorchnáib;
- siúit agus snáithíní eile cáiteoige teicstíle;
- iséal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas Agave;
- cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile;
- filiméid shintéiseacha de dhéantús an duine;
- filiméid shaorga de dhéantús an duine;
- filiméid seolta srutha;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrilinítríle de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaitreafluaireitiléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha suilífide polaiifeiniléine de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha clóirídí polaivinile de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine;
- snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine;
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídis galúnaithe nó ná bíodh;
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídis galúnaithe nó ná bíodh;
- táirgí faoi cheannteideal 5605 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, gan é níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach;
- táirgí eile faoi cheannteideal 5605;
- snáithíní gloine;
- snáithíní miotail.

Mar shampla:

Is snáth measctha snáth faoi cheannteideal 5205 atá déanta as snáithíní cadáis faoi cheannteideal 5203 agus as snáithíní stáplacha sintéiseacha faoi cheannteideal 5506. Dá bhrí sin, snáithíní stáplacha sintéiseacha neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó a meáchan iomlán ná 10 % de mheáchan an tsnátha.

Mar shampla:

Is fabraic mheasctha fabraic olla, faoi cheannteideal 5112, atá déanta as snáth olla faoi cheannteideal 5107 agus snáth sintéiseach as snáthíní stáplacha faoi cheannteideal 5509. Dá bhrí sin, snáth sintéiseach nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh, nó snáth olla nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh, nó teaghlaim den dá cheann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó ná 10 % de mheáchan na fabraice a meáchan iomlán.

Mar shampla:

Fabraic teicstíle chaitínithe faoi cheannteideal 5802 atá déanta as snáth cadáis faoi cheannteideal 5205 agus fabraic chadáis faoi cheannteideal 5210, ní táirge measctha í ach amháin más fabraic mheasctha an fhabraic chadáis féin agus í déanta as snáthanna a aicmítear faoi dhá cheannteideal ar leith, nó más meascáin na snáthanna cadáis féin a úsáideadh.

Mar shampla:

Dá mba rud é go ndearnadh an fhabraic teicstíle chaitínithe as snáth cadáis faoi cheannteideal 5205 agus fabraic shintéiseach faoi cheannteideal 5407, is dhá ábhar teicstíle bhunúsacha ar leith iad, dá bhrí sin, na snáthanna a úsáideadh ar ndóigh agus is táirge measctha an fhabraic teicstíle chaitínithe dá réir.

- 6.3. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear 'snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídís galúnaithe nó ná bíodh', is ionann an lamháltas agus 20 % i ndáil leis an snáth sin.
- 6.4. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear 'stíall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach', is ionann an lamháltas agus 30 % i ndáil leis an stíall sin.

Nóta 7 – Lamháltais eile is infheidhme maidir le táirgí teicstíle áirithe

- 7.1. I gcás ina ndéanfar tagairt sa liosta don Nóta seo, féadfar ábhair teicstíle a úsáid nach gcomhlíonann an riail a shonraítear sa liosta i gcolún 3 maidir leis an táirge rédhéanta lena mbaineann, ar choinníoll go n-aicmítear iad faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge agus nach mó a luach ná 8 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
- 7.2. Gan dochar do Nóta 7.3, féadfar ábhair, nach n-aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63, a úsáid gan bhac le linn monarú táirgí teicstíle, bíodh teicstílí iontu nó ná bíodh.

Mar shampla:

Má fhoráiltear le riail sa liosta nach mór snáth a úsáid d'earra teicstíle ar leith (amhail treabhsar), ní hionann sin agus cosc a bheith ar úsáid earraí miotail, amhail cnaipí, mar nach n-aicmítear cnaipí faoi Chaibidlí 50 go 63. Níl cosc, ar an gcúis chéanna, ar fháiscíní sleamhnáin a úsáid, cé go mbíonn teicstílí i bhfáiscíní sleamhnáin de ghnáth.

- 7.3. I gcás ina mbeidh feidhm ag riail chéatadánach, ní mór luach na n-ábhar nach n-aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 a chur san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh ionchorpraithe á ríomh.

Nóta 8 – Sainmhíniú ar phróisis shonracha agus ar oibríochtaí simplí a dhéantar i ndáil le táirgí áirithe i gCaibidil 27

- 8.1. Chun críocha cheanteidil ex 2707 agus 2713, is iad seo a leanas na 'próisis shonracha':
  - (a) driogadh folúis;
  - (b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin(1) atá an-chuimsitheach;
  - (c) scoilteadh;
  - (d) athfhoirmiú;
  - (e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;

- (f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;
- (g) polaiméiriú;
- (h) ailciliú;
- (i) isiméiriú.

8.2. Chun críocha cheannteidil 2710, 2711 agus 2712, is iad seo a leanas na 'próisis shonracha':

- (a) driogadh folúis;
- (b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin <sup>(1)</sup> atá an-chuimsitheach;
- (c) scoilteadh;
- (d) athfhoirmiú;
- (e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;
- (f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodrú le hoibreáin alcaileacha; tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;
- (g) polaiméiriú;
- (h) ailciliú;
- (i) isiméiriú;
- (j) maidir le holaí troma faoi cheannteideal ex 2710 amháin, díshulfarú le hidrigin a thugann laghdú 85 % ar a laghad de chion sulfair na dtáirgí a próiseáladh (Modh ASTM D 1266-59 T);
- (k) maidir le táirgí faoi cheannteideal 2710 amháin, díphairifíniú trí bhíthin próiseas nach scagadh é;
- (l) maidir le holaí troma faoi cheannteideal ex 2710 amháin, cóireáil le hidrigin faoi bhrú níos airde ná 20 bar agus ag teocht níos airde ná 250 °C agus catalaíoch in úsáid, seachas chun díshulfarú a dhéanamh, nuair is eilimint ghníomhach í an hidrigin in imoibriú ceimiceach. Cóireáil bhreise olaí bealaithe faoi cheannteideal ex 2710 le hidrigin (e.g. hidreabhailchríochnú nó tuaradh) chun, go háirithe, an dath nó an tseasmhacht a fheabhsú, ní mheasfar gur próiseas sonrach í áfach;
- Tá sé de cheart ag an ábhar sonraí rochtain a fháil ar na sonraí a bhaineann leis a phróiseálfar trí chóras REX agus, i gcás inarb iomchuí, tá sé de cheart aige sonraí a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 nó (AE) 2016/679, de réir mar is iomchuí. Déanfar aon iarrataí ar cheart rochtana, ceartaithe, scriosta nó blocála a chur faoi bhráid údarás inniúla an OCT a bheidh freagrach as an gclárú agus próiseálfaidh na húdarás sin iad, de réir mar is iomchuí. I gcás ina mbeidh iarraidh ar fheidhmiú an chirt sin curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an onnmhaireoir cláraithe, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh sin ar aghaidh chuig údarás inniúla an OCT lena mbaineann. Más rud é nár éirigh leis an onnmhaireoir cláraithe a chearta a fháil ón rialaitheoir sonraí, cuirfidh an t-onnmhaireoir cláraithe an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin agus é ag feidhmiú mar rialaitheoir. Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún na sonraí a cheartú, a scriosadh nó a bhlocáil.
- Is féidir gearáin a chur faoi bhráid an údarás náisiúnta ábhartha um chosaint sonraí. I gcás ina mbainfidh an gearán le próiseáil a dhéanann an Coimisiún Eorpach ar shonraí, ba cheart é a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) (<http://www.edps.europa.eu/EDPSWEB/>).

---

<sup>(1)</sup> Nuair a dhéanfar iarratais ar a bheith ina n-onnmhaireoir cláraithe nó nuair a dhéanfar malartuithe eile faisnéise idir onnmhaireoirí cláraithe agus údarás inniúla OCTanna, cuirfear fíordheimhniú leictreonach in ionad an tsínithe agus an stampa dá dtagraítear i mboscaí 5, 6 agus 7.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

---

## Foscríbhinn IV

## Ráiteas maidir le tionscnamh

Le cur ar aon doiciméid tráchtála ina dtaispeántar ainm agus seoladh iomlán an onnmhaireora agus an choinsíní mar aon le tuairisc ar na hearraí agus an dáta eisiúna

## An leagan Francise

L'exportateur (Numéro d'exportateur enregistré – excepté lorsque la valeur des produits originaires contenus dans l'envoi est inférieure à EUR 10 000 <sup>(1)</sup>) des produits couverts par le présent document déclare que, sauf indication claire du contraire, ces produits ont l'origine préférentielle ..... <sup>(2)</sup> au sens des règles d'origine de la Décision d'association des pays et territoires d'outre-mer et que le critère d'origine satisfait est ..... <sup>(3)</sup>

## An leagan Béarla

The exporter (number of registered exporter – unless the value of the consigned originating products does not exceed EUR 10 000 <sup>(1)</sup>) of the products covered by this document declares that, except where otherwise clearly indicated, these products are of ..... preferential origin<sup>(2)</sup> according to rules of origin of the Decision on the association of the overseas countries and territories and that the origin criterion met is ..... <sup>(3)</sup>

<sup>(1)</sup> I gcás ina ngabfaidh an ráiteas maidir le tionscnamh ionad ráitis eile, déanfaidh sealbhóir iardain na n-earraí lena mbunaítear ráiteas den sórt sin a ainm agus a sheoladh iomlán a shonrú agus an tagairt ina dhiaidh 'ag gníomhú ar bhonn an ráitis maidir le tionscnamh arna tharraingt suas ag [ainm agus seoladh iomlán an onnmhaireora in OCT], atá cláraithe faoin uimhir seo a leanas [Uimhir Onnmhaireoir Cláraithe an onnmhaireora in OCT].

<sup>(2)</sup> Tír thionscnaimh na dtáirgí atá le sonrú. Nuair a bhaineann an ráiteas maidir le tionscnamh, ina iomláine nó i bpáirt, le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla de réir bhrí Airteagal 46 den larscríbhinn seo, ní mór don onnmhaireoir na táirgí sin a shonrú go soiléir sa doiciméad ar a bhfuil an ráiteas á tharraingt suas, leis an tsiombail 'CM'.

<sup>(3)</sup> Táirgí a fuarthas ina n-iomláine: iontráil an litir 'P'; Táirgí a ndearnadh leoroibriú nó leopróiseáil orthu: iontráil an litir 'W' agus ceannteideal an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtarraí ('an Córas Comhchuibhithe') ar leibhéal ceithre dhigit an táirge a onnmhairíodh (mar shampla 'W' 9618); i gcás inarb iomchuí, cuirfear ceann amháin de na tásca seo a leanas in ionad na tagartha thuas:

(a) i gcás carnadh faoi Airteagal 2(2) den larscríbhinn seo nó carnadh déthaobhach faoi Airteagal 7 den larscríbhinn seo: 'EU cumulation' nó 'cumul UE'; 'OCT cumulation' nó 'cumul PTOM';

(b) i gcás carnadh le tír CCE faoi Airteagal 8 den larscríbhinn seo: 'cumulation with EPA country [ainm na tíre]' nó 'cumul avec le pays APE [ainm na tíre]';

(c) i gcás carnadh le tír GSP faoi Airteagal 9 den larscríbhinn seo: 'cumulation with GSP country [ainm na tíre]' nó 'cumul avec le pays SPG [ainm na tíre]';

(d) i gcás carnadh le tír a bhfuil comhaontú saorthrádála ag an Aontas léi faoi Airteagal 10 den larscríbhinn seo: 'extended cumulation with country [ainm na tíre]' nó 'cumul étendu avec le pays [ainm na tíre]'.

Foscríbhinn V

Dearbhú soláthróra maidir le táirgí nach bhfuil stádas tionscnaimh fabhrach acu

Déanaimse, an duine thíos-sínithe, a dhearbhú maidir leis na hearraí a liostaítear ar an sonrasc seo ..... (1)

gur táirgeadh iad i ..... (2)

agus go bhfuil na comhpháirteanna nó na hábhair seo a leanas iontu nach bhfuil stádas tionscnaimh CCE ná OCT ná stádas tionscnaimh an Aontais Eorpaigh acu le haghaidh trádáil fhabhrach:

..... (3) ..... (4) ..... (5)

.....

..... (6)

Geallaim faisnéis chun tacú leis an dearbhú seo a chur ar fáil do na húdaráis chustaim, má iarrtar orm amhlaidh.

..... (7) ..... (8)

..... (9)

Nóta

Is ionann an téacs thuas, arna chomhlánú i gcomhréir leis na fonótaí thíos, agus dearbhú soláthróra. Ní gá na fonótaí a athsholáthar.

(1) – Más rud é nach mbaineann sé ach le roinnt de na hearraí a liostaítear ar an sonrasc ba cheart iad a léiriú nó a mharcáil go soiléir agus an mharcáil sin a iontráil ar an dearbhú mar a leanas: ‘ ..... a liostaítear ar an sonrasc seo agus a mharcáiltear ..... , táirgeadh iad ..... ’

– Más doiciméad seachas sonrasc nó iarscríbhinn a ghabhann le sonrasc a úsáidtear (féach Airteagal 27(1) den Iarscríbhinn seo), déanfar ainm an doiciméid sin a lua in ionad an fhocail ‘sonrasc’.

(2) An tAontas Eorpach, Ballstát, tír CCE nó OCT.

(3) Ní mór tuairisc a thabhairt i ngach cás. Ní mór an tuairisc a bheith leordhóthanach agus mionsonraithe go leor le gur féidir aicmiú taraife na n-earraí a chinneadh.

(4) Ná tugtar luachanna custaim ach amháin má iarrtar iad.

(5) Ná tugtar an tír thionscnaimh mura n-iarrtar sin. Tionscnamh fabhrach a theastaíonn mar thír thionscnaimh, ‘tríú tír’ ba cheart a thabhairt air i gcás gach tionscnamh eile.

(6) ‘agus rinneadh an phróiseáil seo a leanas orthu i/sa(n) [an tAontas Eorpach] [Ballstát] [tír CCE] [OCT] ..... ’, le cur isteach in éineacht le tuairisc ar an bpróiseáil a rinneadh má theastaíonn an fhaisnéis sin.

(7) Áit agus dáta. I gcás dearbhú soláthróra fhadtéarmaigh dá dtagraítear in Airteagal 27(2) den Iarscríbhinn, cuirfear an abairt seo a leanas isteach ann: “Tá an dearbhú seo bailí do gach lastas de na hearraí sin a sheoltar ó ..... go ..... ”.

(8) Ainm agus feidhm sa chuideachta.

(9) Síniú.

*Foscúbhinn VI*

## Deimhniú faisnéise

1. Déanfar an deimhniú faisnéise a leagtar amach san Fhoscúbhinn seo a úsáid agus a phriontáil i gceann amháin nó níos mó de na teangacha oifigiúla ina dtarraingítear suas an Cinneadh seo agus i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta na tíre nó na críche onnmhairíochta. Tarraingeofar suas deimhnithe faisnéise i gceann de na teangacha sin; má tá siad lámhscríofa, úsáidfear dúch agus cás uachtair lena gcomhlánú. Beidh sraithuimhir orthu, bíodh sí clóite nó ná bíodh, lenar féidir iad a aithint.
2. Beidh gach deimhniú 210 × 297 mm, agus is ceadmhach i dtaca leis an bhfad lamháltas uasta de 8 mm os a chionn sin nó de 5 mm faoina bhun sin. Ní mór páipéar bán a úsáid, a bhfuil bíán curtha air le haghaidh scríbhneoireachta, nach bhfuil laíon meicniúil ann agus nach lú a mheáchan ná 25 g/m<sup>2</sup>.
3. Féadfaidh na Stáit onnmhairíochta an ceart a choimeád acu féin na deimhnithe a phriontáil, nó féadfaidh siad iad a fháil priontáilte le clódóirí formheasta. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt don fhormheas sin a bheith ar gach foirm. Ní mór ainm agus seoladh an chlóidóra nó marc lenar féidir an clóidóir a aithint a bheith ar gach foirm.



1. Soláthróir (1)	DEIMHNIÚ FAISNÉISE le húsáid le haghaidh trádáil fhabhrach idir AN tAONTAS EORPACH agus OCTanna
2. an Coinsíneoir (1)	
3. An Próiseálaí (1)	4. An Stát ina ndearnadh an t-oibriú nó an phróiseáil
6. An Oifig Custaim allmhairiúcháin (1)	5. Le haghaidh úsáid oifigiúil amháin
7. Doiciméad allmhairiúcháin (2)	
Foirm ..... Uimhir .....	
Sraith .....	
Dáta .....	

## EARRAÍ

8. Marcanna, uimhreacha, cainníocht agus cineál an phacáiste	9. Uimhir cheannteideal/fho-cheannteideal an Chórais Tuairiscithe agus Códaíthe Tráchtearraí Comhchuibhithe (Cód CC)	10. Cainníocht <sup>(1)</sup>
		11. Luach <sup>(4)</sup>

## EARRAÍ ALLMHAIRITHE A ÚSÁIDEADH

12. Uimhir cheannteideal/fho-cheannteideal an Chórais Tuairiscithe agus Códaíthe Tráchtearraí Comhchuibhithe (Cód CC)	13. Tír thionscnaimh	14. Cainníocht <sup>(3)</sup>	15. Luach <sup>(2) (5)</sup>
---	----------------------	-------------------------------	------------------------------

16. Cineál an oibríthe nó na próiseála a rinneadh

17. Tráchtaí

18. FORMHUINIÚ CUSTAIM Dearbhú deimhnithe:  Doiciméad ..... Foirm ..... Uimhir ..... Oifig custaim ..... Dáta .....  Stampa oifigiúil ..... (Síniú)	19. DEARBHÚ SOLÁTHRÓRA Déanamhse, an duine thíos-sínte, a dhearbhú go bhfuil an fhaisnéis ar an deimhniú seo faisnéise seo cruinn.  ..... (Áit)   ..... (Dáta)  ..... (Síniú)
---	---

<sup>(1)</sup><sup>(2)</sup><sup>(3)</sup><sup>(4)</sup><sup>(5)</sup>

Féach na fonótaí thall.

<b>IARRAIDH AR FHÍORÚ</b>	<b>TORADH AN FHÍORAITHE</b>
Iarrann an t-oifigeach custaim thíos-sínithe go ndéanfaí barántúlacht agus cruinneas an deimhnithe faisnéise seo a fhíorú.	Léiríonn an fíorú a rinneadh ar an deimhniú faisnéise:
..... (Áit agus dáta)	(a) gurbh í an oifig custaim a luaitear a d'eisigh é agus go bhfuil an fhaisnéis atá ann cruinn (*) (b) nach gcomhlíonann sé na ceanglais i dtaca le barántúlacht agus cruinneas (féach na nótaí i gceangal) (*)
Stampa oifigiúil	..... (Áit agus dáta)
..... (Síníú an oifigigh)	Stampa oifigiúil
..... (Síníú an oifigigh)	..... (Síníú an oifigigh)
	(*) Scrios murab infheidhme

**CROSTAGAIRTÍ**

- (1) Ainm an duine aonair nó an ghnólachta agus an seoladh iomlán.
- (2) Faisnéis roghnach.
- (3) Kg, hl, m<sup>3</sup> nó tomhas eile.
- (4) Meastar gur ní iomlán an phacáistíocht agus na hearraí atá istigh inti. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin, áfach, maidir le pacáistíocht nach í an ghnáthphacáistíocht í don earra pacáilte, agus a bhfuil luach úsáide marthanach dá cuid féin aici, amach óna feidhm mar phacáistíocht.
- (5) Ní mór an luach a shonrú i gcomhréir leis na forálacha maidir le rialacha tionscnaimh.

## IARSCRÍBHINN III

## FABHAIR A AISTARRAINGT GO SEALADACH

## Airteagal 1

**Prionsabail a bhaineann le fabhair a aistarraingt**

1. Féadfar na socrúithe fabhracha dá bhforáiltear faoi Airteagal 44 den Chinneadh seo a aistarraingt go sealadach, maidir leis na táirgí uile nó le táirgí áirithe de thionscnamh OCT, sna cásanna seo a leanas:

- (a) calaois;
- (b) neamhrialtachtaí nó mainneachtain chórasach na rialacha maidir le tionscnamh na dtáirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leo a chomhlíonadh, nó mainneachtain a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha agus na nósanna imeachta sin; nó
- (c) mainneachtain an comhar riaracháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus i dTeideal V d'Iarscríbhinn II a sholáthar de réir mar is gá le haghaidh chur chun feidhme agus faireachán na socrúithe dá dtagraítear in Airteagal 44 go 50 den Chinneadh seo.

2. Maidir leis an gcomhar riaracháin dá dtagraítear i mír 1, cuireann sé de cheangal inter alia ar OCT, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an fhaisnéis is gá chun na rialacha tionscnaimh a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh ar na rialacha sin a chur chuig an gCoimisiún agus an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta;
- (b) cuidiú leis an Aontas Eorpach trí bhíthin fíorú iardain a dhéanamh, arna iarraidh sin d'údarais chustaim na mBallstát, ar thionscnamh na n-earraí, agus torthaí an fhíoraithe sin a chur in iúl in am;
- (c) fiosrúcháin iomchuí a dhéanamh, nó a chur á ndéanamh, chun sárúithe ar na rialacha tionscnaimh a shainaithint agus a chosc;
- (d) cuidiú leis an Aontas trí bhíthin cead a thabhairt don Choimisiún, agus é ag comhordú a chuid oibre i ndlúthchomhar le húdarais inniúla na mBallstát, fiosrúcháin an Aontais a dhéanamh ar a críoch, chun barántúlacht doiciméad nó cruinneas faisnéise a fhíorú atá ábhartha do dheonú sochar na socrúithe dá dtagraítear in Airteagal 44 den Chinneadh seo;
- (e) na rialacha tionscnaimh maidir le carnadh a chomhlíonadh, nó a áirithiú go gcomhlíontar iad, de réir bhrí Airteagal 7 go 10 d'Iarscríbhinn II;
- (f) cabhrú leis an Aontas i bhfíorú iompair i gcás ina mbeidh toimhde calaoise a bhaineann le tionscnamh. Is féidir a thiomhndiú go bhfuil calaois ann i gcás ina mbeidh allmhairithe táirgí faoi na socrúithe fabhracha dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i bhfad níos mó ná gnáthleibhéil onnmhairí an OCT is tairbhí.

## Airteagal 2

**Socrúithe fabhracha a aistarraingt**

1. Féadfaidh an Coimisiún na socrúithe fabhracha dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a aistarraingt go sealadach, i gcás na dtáirgí uile nó i gcás táirgí áirithe atá de thionscnamh tíre is tairbhí, nuair a mheasann sé go bhfuil dóthain fianaise ann go mbeadh údar le haistarraingt shealadach ar na cúiseanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 1 den Iarscríbhinn seo, ar an gcoinníoll gur fhéach sé leis an méid seo a leanas a dhéanamh ar dtús:

- (a) dul i gcomhairle leis an gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 90 den Chinneadh seo i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 4 de.
- (b) a iarraidh ar na Ballstáit cibé bearta réamhchúraim is gá a ghlacadh chun leasanna airgeadais an Chomhphobail a chosaint agus/nó féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an tír is tairbhí a cuid oibleagáidí; agus
- (c) fógra a bheith foilsithe aige in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ag cur in iúl go bhfuil forais ann le hamhras réasúnach maidir le feidhmiú na socrúithe fabhracha agus/nó maidir lena cuid oibleagáidí a bheith á gcomhlíonadh ag an tír is tairbhí, ar forais iad a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar an gceart atá aici leanúint de bheith ag baint tairbhe as na buntáistí a dheonófar leis an gCinneadh seo.

Cuirfidh an Coimisiún an OCT lena mbaineann ar an eolas maidir le haon chinneadh a dhéantar i gcomhréir leis an mír seo, sula ngabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh sin. Tabharfaidh an Coimisiún fógra freisin don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 88 den Chinneadh seo.

2. Ní bheidh tréimhse na haistarraingthe sealadaí níos faide ná 6 mhí. Ar dheireadh na tréimhse sin, cinnfidh an Coimisiún an aistarraingt shealadach a fhoirceannadh tar éis an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 88 den Chinneadh seo a chur ar an eolas, nó síneadh a chur leis an aistarraingt shealadach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.
  3. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a chur in iúl don Choimisiún, faisnéis a d'fhéadfadh údar maith a thabhairt le haistarraingt fabhar, le síneadh a chur léi nó lena fhoirceannadh.
-

## IARSCRÍBHINN IV

## FORÁLACHA MAIDIR LE COIMIRCE AGUS FAIREACHAS

## Airteagal 1

**Sainmhínte a bhaineann le bearta faireachais agus coimirce**

Chun críoch Airteagal 2 go 10 den Iarscríbhinn seo maidir le bearta faireachais agus coimirce:

- (a) ciallaíonn ‘táirge comhchosúil’ táirge atá ar aon dul leis an táirge i gceist, is é sin le rá, ar cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, nó, in éagmais táirge den sórt sin, táirge eile, cé nach cosúil gach gné de leis an táirge i gceist, a bhfuil saintréithe aige atá an-chosúil le saintréithe an táirge i gceist;
- (b) ciallaíonn ‘páirtithe leasmhara’ na páirtithe sin a bhfuil baint acu le táirgeadh, dáileadh agus/nó díol na n-allmhairí a luaitear in Airteagal 2(1) den Iarscríbhinn seo agus táirgí cosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo;
- (c) measfar ‘deacrachtaí tromchúiseacha’ a bheith ann i gcás ina dtiocfaidh meathlú ar staid eacnamaíoch agus/nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais.

## Airteagal 2

**Prionsabail na mbeart coimirce**

1. I gcás ina ndéanfar táirge de thionscnamh OCT dá dtagraítear in Airteagal 44 den Chinneadh seo a allmhairiú i méideanna agus/nó ar phraghsanna is cúis le, nó is baol a bheith ina gcúis le, deacrachtaí tromchúiseacha do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo, féadfar na bearta coimirce is gá a ghlacadh i gcomhréir leis na forálacha thíos.
2. Chun mír 1 a chur chun feidhme, tabharfar tosaíocht do cibé bearta is lú a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú an Chomhlachais. Ní sháróidh na bearta sin na teorainneacha maidir lena bhfuil fíor-riachtanach chun na deacrachtaí a leigheas atá tagtha chun cinn. Ní shárófar leo an aistarraingt cóir fhabhrach a dheonaítear leis an gCinneadh seo.
3. Nuair a ghlactar bearta coimirce nó nuair a mhodhnaítear iad, tabharfar aird ar leith ar leasanna an OCT lena mbaineann.

## Airteagal 3

**Imeachtaí a thionscnamh**

1. Imscrúdóidh an Coimisiún cibé ar cheart bearta coimirce a ghlacadh má tá fianaise leordhóthanach prima facie ann go bhfuil coinníollacha Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh.
2. Tionscnófar imscrúdú arna iarraidh sin do Bhallstát, ag aon duine dlítheanach nó ag aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ag gníomhú dó thar ceann tháirgeoirí an Aontais, nó tionscnófar é ar thionscnamh an Choimisiúin féin más léir don Choimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann, arna chinneadh ar bhonn na dtosca dá dtagraítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh. An iarraidh chun imscrúdú a thionscnamh, beidh fianaise inti go bhfuil na coinníollacha á gcomhlíonadh maidir leis an mbeart coimirce a fhorchur a leagtar amach in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo. Cuirfear an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin. Imscrúdóidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, cruinneas agus leordhóthanacht na fianaise a chuirtear ar fáil san iarraidh chun a chinneadh an bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh.
3. I gcás inar léir go bhfuil fianaise leordhóthanach prima facie ann chun bonn cirt a thabhairt le himeacht a thionscnamh, foilseoidh an Coimisiún fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Déanfar an t-imscrúdú a thionscnamh laistigh d’aon mhí amháin tar éis an iarraidh de bhun mhír 2 a fháil. Má thionscnaítear imscrúdú, tabharfaidh an fógra na mionsonraí uile is gá faoin nós imeachta agus faoi spriocdhátaí, lena n-áirítear go bhféadfaí dul ar iontaoibh Oifigigh Éisteachta Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin.

4. Leagtar síos in Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le seoladh an imscrúdaithe.
5. Má éilíonn údaráis OCT é, agus gan dochar do na spriocdhátaí dá dtagraítear san Airteagal seo, eagrófar comhairliúchán tríthaobhach dá dtagraítear in Airteagal 14 den Chinneadh seo. Déanfar toradh an chomhairliúcháin thríthaobhaigh a tharchur chuig an gcoiste OCT.

#### *Airteagal 4*

#### **Imscrúduithe**

1. Tar éis an t-imeacht a thionscnamh, cuirfidh an Coimisiún tús le himscrúdú. Tosóidh an tréimhse, amhail mar a leagtar amach i mír 3, ar an lá a fhoilseofar an cinneadh chun imscrúdú a thionscnamh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
2. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil agus déanfaidh na Ballstáit cibé beart is gá chun éifeacht a thabhairt d'aon iarraidh den chineál sin. Más rud é go bhfuil leas ginearálta ag baint leis an bhfaisnéis sin, agus nach faisnéis rúnda í de réir bhrí Airteagal 9 den Iarscríbhinn seo, cuirfear leis na comhaid neamhrúnda í mar a fhoráiltear i mír 6 den Airteagal seo.
3. Cuirfear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí tar éis a thionscanta.
4. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, agus, i gcás ina measfaidh sé gurb iomchuí, féachfaidh sé leis an bhfaisnéis sin a fhíorú.
5. Agus an t-imscrúdú á dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún na tosca ábhartha ar fad a mheas ar tosca oibiachtúla inchainníochtúla iad a mbíonn tionchar acu ar staid an tionscail san Aontas, go háirithe an sciar den mhargadh, athruithe ar an leibhéal díolacháin, táirgeachta, táirgiúlachta, úsáid acmhainne, brabúis agus cailleanais, agus fostaíochta. Ní liosta uileghabhálach é sin agus féadfaidh an Coimisiún tosca ábhartha eile a chur san áireamh freisin.
6. Féadfaidh páirtithe leasmhara a chuaigh i dteagmháil sa tréimhse a leagadh síos san fhógra a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus ionadaithe ón OCT lena mbaineann, féadfaidh siad, ar iarraidh i scríbhinn, an fhaisnéis uile a cuireadh ar fáil don Choimisiún i dtaca leis an imscrúdú a iniúchadh, seachas doiciméid inmheánacha arna n-ullmhú ag údaráis an Aontais nó ag údaráis na mBallstát, ar choinníoll gur faisnéis í atá ábhartha i dtíolacadh a gcáis agus nach faisnéis rúnda í de réir bhrí Airteagal 9 den Iarscríbhinn seo agus gur faisnéis í atá in úsáid ag an gCoimisiún san imscrúdú. Féadfaidh páirtithe leasmhara a chuaigh i dteagmháil a gcuid tuairimí i leith na faisnéise a chur in iúl don Choimisiún. Déanfar na tuairimí sin a chur san áireamh i gcás ina mbeidh fianaise leordhóthanach prima facie ann chun tacú leo.
7. Cinnteoidh an Coimisiún go mbeidh fáil ar na sonraí uile agus ar an staidreamh uile a úsáidtear don imscrúdú agus go mbeidh siad sothuigte, trédhearcach agus infhíoraithe.
8. Tabharfaidh an Coimisiún éisteacht do na páirtithe leasmhara, go háirithe i gcás ina mbeidh iarratas i scríbhinn déanta acu laistigh den tréimhse a leagfar síos san fhógra a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ar iarratas é a léiríonn gur dócha go ndéanfaidh toradh an imscrúdaithe difear iarbhrí dóibh agus go bhfuil cúiseanna speisialta ann le héisteacht ó bhéal a thabhairt dóibh. Tabharfaidh an Coimisiún éisteacht do na páirtithe sin ar ócáidí eile má tá cúiseanna speisialta ann le héisteacht eile a thabhairt dóibh.
9. Muna gcuirtear an fhaisnéis ar fáil laistigh de na teorainneacha ama a shocraigh an Coimisiún, nó i gcás ina mbeidh bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar na cinntí a bhunú ar na fíorais atá ar fáil. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go ndearna aon pháirtí leasmhar nó aon tríú páirtí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a chur ar fáil dó, déanfaidh sé neamhshuim den fhaisnéis sin agus féadfaidh sé úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.
10. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don OCT lena mbaineann maidir le tionscnamh imscrúdaithe.

#### *Airteagal 5*

#### **Bearta réamhfhairachais**

1. Féadfaidh na táirgí de thionscnamh an OCT dá dtagraítear in Airteagal 44 den Chinneadh seo a bheith faoi réir faireachas speisialta.
2. Déanfaidh an Coimisiún bearta réamhfhairachais a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 90(4) den Chinneadh seo.

3. Beidh bearta réamhfhairachais bailí go ceann tréimhse theoranta. Mura rud é go bhforáiltear dá mhalairt, scoirfidh siad de bhailíocht a bheith acu ag deireadh an dara tréimhse 6 mhí tar éis na chéad 6 mhí i ndiaidh thabhairt isteach na mbeart.

4. Cinnteoidh an Coimisiún agus údaráis inniúla OCT éifeachtacht na mbeart faireachais trí na modhanna comhair riaracháin a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a thabhairt isteach.

#### *Airteagal 6*

##### **Bearta coimirce sealadacha a fhorchur**

1. Féadfar bearta sealadacha a fhorchur ar fhorais phráinne a mbeidh údar cuí leo agus a bhaineann le meathlú chúinsí eacnamaíocha agus/nó airgeadais tháirgeoirí an Aontais ar dheacair iad a leigheas. Ní bheidh bearta sealadacha i bhfeidhm ar feadh níos faide ná 200 lá. Glacfaidh an Coimisiún bearta sealadacha i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 90(4) den Chinneadh seo. I gcásanna ina mbeidh mórchúiseanna práinne ann, déanfaidh an Coimisiún bearta coimirce sealadacha atá infheidhme láithreach bonn a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 90(6) den Chinneadh seo.

2. I gcás ina ndéanfar na bearta coimirce sealadacha a aisghairm toisc go léirítear san imscrúdú nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh, aisíocfar go huathoibríoch aon dleacht custaim a bailíodh mar thoradh ar na bearta sealadacha sin.

#### *Airteagal 7*

##### **Bearta cinntitheacha a fhorchur**

1. I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuifear iad ar deireadh thiar, nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 á gcomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4, cinneadh a ghlacadh an t-imscrúdú agus an t-imeacht a fhoirceannadh. Déanfaidh an Coimisiún, ag féachaint go cuí d'fhaisnéis rúnda a chosaint de réir bhrí Airteagal 9, tuarascáil a phoibliú ina leagfar amach a chuid cinntí agus na conclúidí réasúnaithe a dtángthas orthu maidir le gach saincheist iomchuí fíorais agus dlí.

2. I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuifear iad ar deireadh thiar, go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo á gcomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena ndéanfar bearta coimirce cinntitheacha a fhorchur, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo. Déanfaidh an Coimisiún, ag féachaint go cuí d'fhaisnéis rúnda a chosaint de réir bhrí Airteagal 9 den Iarscríbhinn seo, tuarascáil a phoibliú ina mbeidh achoimre ar na fíorais ábhartha agus ar na breithnithe atá ábhartha don chinneadh, agus tabharfaidh an Coimisiún fógra láithreach d'údaráis OCT faoin gcinneadh na bearta coimirce is gá a dhéanamh.

#### *Airteagal 8*

##### **Ré na mbeart coimirce agus athbhreithniú orthu**

1. Ní leanfaidh beart coimirce de bheith i bhfeidhm ach go ceann cibé tréimhse ama is gá chun an mhórdhíobháil a chosc nó a leigheas, agus chun coigeartú a éascú. Ní rachaidh an tréimhse sin thar 3 bliana, ach amháin má chuirtear síneadh léi de réir mhír 2.

2. Féadfar, mar eisceacht, ré thosaigh beart coimirce a fhadú 2 bhliain ar a mhéad ar choinníoll go gcinnefar go bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart coimirce chun deacrachtaí tromchúiseacha a chosc nó a leigheas.

3. Sula ndéanfar aon fhadú de bhun mhír 2, déanfar imscrúdú a thionscnamh arna iarraidh sin do Bhallstát, d'aon duine dlítheanach nó d'aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ag gníomhú dóibh thar ceann thionscal an Aontais, nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin má tá fianaise leordhóthanach prima facie ann go bhfuil gá leis an mbeart coimirce i gcónaí.

4. Foilseofar tionscnamh imscrúdaithe i gcomhréir le hAirteagal 4 agus fanfaidh an beart coimirce i bhfeidhm, go dtí go bhfaighfear toradh an imscrúdaithe. Déanfar an t-imscrúdú agus aon chinneadh maidir le fadú de bhun mhír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 6 agus 7.

#### *Airteagal 9*

##### **Rúndacht**

1. Is chun na críche ar iarraidh í, agus chun na críche sin amháin, a fhéadfar faisnéis a gheofar de bhun an Chinnidh seo a úsáid. Ní dhéanfar faisnéis a bhfuil gné rúnda ag baint léi, ná aon fhaisnéis a thugtar ar bhonn rúnda agus a fhaightear de bhun an Chinnidh seo, a nochtadh gan cead sonracha a fháil ó sholáthróir na faisnéise sin.

2. I ngach iarraidh ar rúndacht, luafar na cúiseanna leis an bhfaisnéis a bheith rúnda. Más rud é, áfach, nach mian le soláthróir na faisnéise an fhaisnéis a phoibliú ná nochtadh na faisnéise i dtéarmaí ginearálta nó i bhfoirm achoimre a údarú, agus go ndealraíonn sé nach bhfuil údar maith leis an iarraidh ar rúndacht, féadfar neamhshuim a dhéanamh den fhaisnéis lena mbaineann.
  3. Measfar, in aon chás, go bhfuil faisnéis faoi rún más dócha go ndéanfaidh nochtadh na faisnéise dochar suntasach do sholáthróir nó d'fhoinsé na faisnéise sin.
  4. Ní fhágfaidh míreanna 1 go 4 nach bhféadfaidh údaráis an Aontais tagairt d'fhaisnéis ghinearálta agus, go háirithe, do chúiseanna a bhfuil cinntí, a dhéanfar de bhun an Chinnidh seo, bunaithe orthu. Mar sin féin, cuirfidh na húdaráis sin san áireamh leas dlisteanach na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha lena mbaineann, ar mian leo nach nochtfar a gcuid rún gnó.
-



## CINNEADH (AE) 2021/1765 ÓN gCOMHAIRLE

## an 5 Deireadh Fómhair 2021

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh na tréimhse 2021–2026, sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar Airteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 29 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/689 <sup>(1)</sup> maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile <sup>(2)</sup> (“an Comhaontú Trádála agus Comhair”) a thabhairt i gcrích. Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.
- (2) Le hAirteagal 8(1), pointe (q), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, bunaítear an Coiste Speisialaithe um Iascach. Leagtar amach a inniúlachtaí in Airteagal 8(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.
- (3) Le hAirteagal 8(4), pointe (f), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Iascach Meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 8(10) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, agus de mhaolú ar Airteagal 8(9) de, féadfaidh an Coiste Speisialaithe um Iascach a rialacha féin a ghlacadh agus a leasú ina dhiaidh sin, ar rialacha iad lena rialófar obair an Choiste.
- (5) Liostaítear in Airteagal 508 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ar bhealach neamh-uileghabhálach, cúraimí agus réimsí inniúlachta an Choiste Speisialaithe um Iascach.
- (6) Tá an Coiste Speisialaithe um Iascach freagrach as bearta a ghlacadh, lena n-áirítear cinntí agus moltaí, chun tacú le cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 494 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, go háirithe an cuspóir maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh stoic chomhroinnte in uiscí na bPáirtithe a áirithiú, go mbeidh siad inbhuanaithe san fhadtearma ó thaobh an chomhshaoil de, go rannchuideoidh siad le tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach, agus cearta agus oibleagáidí na Stát cósta neamhspleách a n-urramú go hiomlán de réir mar a fheidhmíonn na Páirtithe iad, agus go rannchuideoidh siad leis an gCuspóir maidir le stoic chomhroinnte a shaothrú ar rátaí lena mbeartaítear pobail na speiceas a shaothraítear a chothabháil agus a athbhunú de réir a chéile os cionn na leibhéal bithmhaise lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) a bhaint amach. D’fhéadfadh sé go dtiocfadh bearta den sórt sin chun bheith ina gceangal ar an Aontas.
- (7) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, foráiltear nach mór don Aontas a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus do bharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtearma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainistefar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí seo: tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus rannchuidiú le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Foráiltear leis go bhfuil an tAontas le cur chuige éiceachórasbhunaithe a chur chun feidhme, bearta bainistíochta agus caomhnaithe a dhéanamh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, tacú le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche, ábhar muirí aischurtha a dhíchur de réir a chéile agus modhanna iascaireachta a chur chun cinn a mbeidh mar thoradh orthu iascaireacht atá níos roghnaí, gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a

<sup>(1)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.

<sup>(2)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

laghdú a mhéid is féidir, agus iascaireacht a bhfuil tionchar íseal aici ar an éiceachóras muirí agus ar acmhainn iascaigh. Foráiltear go sonrach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go gcuirfidh an tAontas na cuspóirí agus na prionsabail sin i bhfeidhm agus a chaidreamh seachtrach iascaigh á sheoladh aige, gan dochar d'fhorálacha sonracha arna nglacadh faoi Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus leagtar amach ann na prionsabail agus na cuspóirí maidir le bainistiú stoc dar leas coiteann don Aontas agus do thríú tíortha agus forálacha a bhaineann le comhaontuithe maidir le malartú agus bainistiú comhpháirteach.

- (8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iascach maidir le gníomhartha de chuid an Choiste Speisialaithe a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo a bhunú.
- (9) Ba cheart don Chomhairle an seasamh sin agus an sonraíocht a ghabhann leis a bhunú i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí, le Cinneadh (AE) 2021/689 agus leis an gCinneadh seo. Leis an gCinneadh seo, ba cheart go gcumhdófaí seasamh an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iascach don tréimhse 2021–2026, cé is moite d'aon mheitheal um iascach a bhunú nó a dhíscaoileadh agus de chomhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta, a chumhdófar le cinntí ar leith faoi Airteagal 218(9) CFAE. Leis an gCinneadh seo, ní eisiatar cinntí ar leith a ghlacadh faoi Airteagal 218(9) CFAE maidir le saincheisteanna eile a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo.
- (10) Ní mór Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas láithreach agus go hiomlán, mar a fhoráiltear de bhun Airteagal 218(10) CFAE.
- (11) I bhfianaise chineál athraitheach na hacmhainne iascaigh a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus an gá atá ann dá réir go n-áireofar ar sheasamh an Aontais forbairtí nua, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch nua agus faisnéis ábhartha eile a thíolactar roimh chruinnithe den Choiste Speisialaithe um Iascach nó lena linn, ba cheart forálacha maidir le comhar agus comhordú a leagan síos, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le sonraíocht sheasamh an Aontais don tréimhse 2021–2026. Ag cur leis an gcleachtas a forbraíodh maidir leis na comhairliúcháin i ndáil le deiseanna iascaireachta do 2021, ba cheart do na forálacha sin maidir le comhar agus comhordú, rannpháirtíocht rialta agus iomlán na Comhairle agus a comhlachtaí ullmhúcháin a áirithiú, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2021/689,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iascach a bunaíodh le hAirteagal 8(1), pointe (q), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, leagtar amach an seasamh in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

Déanfar seasamh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 a shonrú a thuilleadh i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

#### *Airteagal 3*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2026. Déanfaidh an Chomhairle é a mheasúnú de réir mar is gá agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sí é a athbhreithniú ar thogra ón gCoimisiún. In aon chás, déanfar athbhreithniú faoin 31 Nollaig 2022.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 5 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. ŠIRCELJ

---

## IARSCRÍBHINN I

**Prionsabail**

Déanfaidh seasamh an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú le hAirteagal 8(1), pointe (q), den Chomhaontú Trádála agus Comhair na prionsabail seo a leanas a urramú:

- (a) gníomhóidh an tAontas i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail atá á saothrú ag an Aontas faoi chuimsiú an chomhbheartais iascaigh (CBI) chun a áirithiú go mbeidh an t-iascach inbhuanaithe san fhadtárma agus go ndéanfar iad a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí chun tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, go háirithe trí bhíthin na n-aidhmeanna a bhaineann le UTI mar a leagtar síos in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus na pleananna ilbhliantúla is infheidhme, agus i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim, chun cur chun feidhme éiceachórasbhunaithe a chur chun cinn i ndáil le bainistiú iascaigh, chun gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú, a mhéid is féidir, ábhar muirí aiscurtha a dhíchur de réir a chéile, tionchar gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí agus na gnáthóga iontu a íoslaghdú, agus chomh maith leis sin, trí iascaigh de chuid an Aontais atá innharthana agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de a chur chun cinn, caighdeán cothrom maireachtála a chur ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus leasanna na dtomhaltóirí a chur san áireamh; agus gníomhóidh sé i gcomhréir le hAirteagal 28 agus Airteagal 33 den Rialachán sin a mhéid a bhaineann le bainistiú stoc dar leas coiteann;
- (b) áiritheoidh an tAontas oibríochtú an Choiste Speisialaithe um Iascach, lena n-áirítear a rialacha nós imeachta a ullmhú nó a leasú;
- (c) beidh sé mar aidhm ag an Aontas a áirithiú go mbeidh gníomhartha nó bearta a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo a ghlacfaidh an Coiste Speisialaithe um Iascach comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mórimirceach, agus Comhaontú FAO maidir le Bearta Stát an Chalafoirt agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais;
- (d) áiritheoidh an tAontas go mbeidh gníomhartha nó bearta a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu arna nglacadh ag an gCoiste Speisialaithe um Iascach comhsheasmhach le hAirteagal 494 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, lena n-áirítear an inbhuanaitheacht fhadtármach a chothú, agus a chur chun cinn go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na stoic chomhroinnte, an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil go príomha ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara a úsáid mar bhunús do chinntí caomhnaithe agus bainistíochta, agus bearta comhréireacha agus neamhidirdhealaitheacha a chur i bhfeidhm chun acmhainní beo muirí a chaomhnú agus acmhainní iascaigh a bhainistiú, neamhspleáchas rialála na bPáirtithe a chaomhnú agus cothrom na Féinne idir cabhlaigh AE agus na Ríochta Aontaithe a shaothrú, agus cur chuige comhroinnte idir rialacha na bPáirtithe a lorg;
- (e) cuirfidh an tAontas seasaimh chun cinn atá comhsheasmhach le dea-chleachtais agus seasaimh a ghlactar i bhfóraim eile agus i gcomhairliúcháin iltaobhacha agus dhéthaobhacha san Atlantach thoir thuaidh, agus cuirfidh an tAontas comhordú le páirtithe eile agus le Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) chun cinn;
- (f) gníomhóidh an tAontas i gcomhréir le conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh;
- (g) beidh sé d'aidhm ag an Aontas cur chun feidhme tráthúil na mbearta arna nglacadh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair ag na Páirtithe a chur chun cinn ina gcreataí dlíthiúla faoi seach, agus a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach á gcur san áireamh.

## IARSCRÍBHINN II

**Treoshuímh maidir le seasamh an Aontais**

1. Déanfaidh an tAontas na gníomhaíochtaí seo a leanas a shaothrú sa Choiste Speisialaithe um Iascach:

- (a) plé agus comhar i ndáil le bainistiú iascaigh inbhuanaithe;
- (b) aird a thabhairt ar bhearta chun iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, lena n-áirítear bearta éigeandála agus bearta chun roghnaíocht gníomhaíochtaí iascaireachta a áirithiú. Ba cheart a chur sin san áireamh leis sin cur chuige comhroinnte a lorg maidir le bearta teicniúla agus, i gcás inarb iomchuí, plé a dhéanamh maidir le bearta ar thug Páirtí amháin fógra ina leith don Pháirtí eile;
- (c) aird a thabhairt ar chuir chuige maidir le bailiú sonraí chun críoch eolaíochta agus bainistiú iascaigh, na sonraí sin a chomhroinnt, lena n-áirítear faisnéis is ábhartha chun faireachán, rialáil agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus maidir le dul i gcomhairle le comhlachtaí eolaíochta maidir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil;
- (d) aird a thabhairt ar bhearta chun comhlíonadh na rialacha is infheidhme a áirithiú, lena n-áirítear clár chomhpháirteacha rialaithe agus faireacháin agus ar mhalartú sonraí chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh deiseanna iascaireachta agus rialú agus forfheidhmiú a éascú;
- (e) treoirlínte a fhorbairt agus a ghlacadh chun na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) sealadacha a shocrú do stoic speisialta dá dtagraítear in Airteagal 499(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le TACanna sealadacha, ag cur san áireamh a dheacra atá sé iascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ar leibhéal UTI ag an am céanna, go háirithe i gcás ina bhfuil sé an-deacair feiniméan na dtachtspeiceas a sheachaint, agus i gcás inar gá, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cur chuige sonracha a fhorbairt i gcásanna ar leith nó maidir le saincheisteanna ar leith, chun torthaí a bhaint amach lena gcuirfí le cuspóir foriomlán bhainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh agus bitheolaíochta muirí i ngach ceann dá thrí ghné, i gcomhréir le cuspóirí CBI, lena n-áirítear na solúbthachtaí atá ar fáil faoi na pleananna ilbhliantúla;
- (f) aird a thabhairt ar ábhair a bhaineann le calafoirt a ainmniú le haghaidh cur i dtír, lena n-áirítear é a éascú do na Páirtithe fógra tráthúil a thabhairt faoi na hainmnithe sin agus faoi aon athruithe ar na hainmnithe sin;
- (g) amlínte a bhunú le haghaidh fógra a thabhairt faoi bhearta dá dtagraítear in Airteagal 496(3), na liostaí soithí dá dtagraítear in Airteagal 497(1) a thuairisciú agus an fógra dá dtagraítear in Airteagal 498(7) den Chomhaontú Trádála agus Comhair;
- (h) fóraim le haghaidh comhairliúchán a chur ar fáil faoi Airteagal 501(2) agus Airteagal 506(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair;
- (i) sásra a fhorbairt agus a ghlacadh chun deiseanna iascaireachta a aistriú ar bhonn deonach bliantúil idir na Páirtithe, dá bhforáiltear in Airteagal 498(8) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, bunaithe ar ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit agus a áirithiú go mbainfidh na Ballstáit a rannchuidíonn leis na malartuithe tairbhe go comhréireach astu;
- (j) aird a thabhairt ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme Airteagal 502 agus Airteagal 503 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;
- (k) maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar na Meithleacha i gcomhréir le hAirteagal 8(4), pointe (f), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, a bhunófar agus a dhíscaoifear trí chinneadh ar leith faoi Airteagal 218(9) CFAE;
- (l) comhaontú a lorg maidir leis na saincheisteanna dá dtagraítear sa Choiste Speisialaithe um Iascach in aon taifead i scríbhinn a eascraíonn ó chomhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta, ar bhonn sheasamh an Aontais arna bhunú do na comhairliúcháin sin mar a shonraítear a thuilleadh faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear an seasamh a síníodh idir na Páirtithe an 11 Meitheamh 2021;
- (m) comhaontú a lorg maidir leis na módúlachtaí a bhaineann le hathbhreithniú faoi Airteagal 510 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

2. Féadfaidh an tAontas na gníomhaíochtaí seo a leanas a shaothrú sa Choiste Speisialaithe um Iascach:
    - (a) aird a thabhairt ar fhorbairt straitéisí ilbhliantúla maidir le caomhnú agus bainistiú mar bhonn chun TACanna agus bearta bainistíochta eile a shocrú;
    - (b) straitéisí ilbhliantúla a fhorbairt chun stoic neamhchuóta a chaomhnú agus a bhainistiú dá bhforáiltear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair;
    - (c) ábhair atá comhaontaithe ag na Páirtithe a thaifeadh tar éis dul i gcomhairle le chéile faoi Airteagal 498 den Chomhaontú Trádála agus Comhair;
    - (d) an liosta gealltanais idirnáisiúnta atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 496(2), an tríú fomhír, den Chomhaontú Trádála agus Comhair a leasú;
    - (e) ábhair a bhaineann le haon ghné eile den chomhar maidir le bainistiú iascach inbhuanaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.
  3. Tacóidh an tAontas, i gcás inarb iomchuí, le glacadh na gcinntí nó na moltaí ag a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ag an gCoiste Speisialaithe um Iascach maidir leis na hábhair dá dtagraítear i bpointe 1 agus pointe 2 den Iarscríbhinn seo.
-

*IARSCRÍBHINN III***Sonraíocht sheasamh an Aontais atá le glacadh sa Choiste Speisialaithe um Iascach**

Sula nglacfaidh an Coiste Speisialaithe um Iascach gníomhartha nó bearta a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, déanfar na bearta is gá ionas go ndéanfaidh an seasamh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais an fhaisnéis eolaíoch is déanaí agus faisnéis ábhartha eile a chuirtear chuig an gCoimisiún a chur san áireamh, i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoshuímh a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.

Chuíge sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle in am trátha roimh gach cruinniú den Choiste Speisialaithe um Iascach, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná 8 lá oibre roimh an gcruinniú sin nó roimh úsáid sin an nós imeachta i scríbhinn, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá le plé agus le formhuiniú maidir le seasamh an Aontais i dtaca le sonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais.

Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

Leanfaidh na prionsabail a leagtar amach san Iarscríbhinn seo d'obair an Choimisiúin a threorú le linn chruinniú an Choiste Speisialaithe um Iascach.

Más rud é, le linn chruinniú an Choiste Speisialaithe um Iascach, nach féidir teacht ar chomhaontú, chun go gcuirfidh seasamh an Aontais gnéithe nua san áireamh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

---





ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)